



# 2020



# ANNUAL REPORT



## Clár Ábhair

Réamhrá Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard & an Phríomhfheidhmeannaigh, an tUasal Brendan McGrath .....	vi
<b>Cathair na Gaillimhe .....</b>	<b>ix</b>
<b>Comhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe .....</b>	<b>xi</b>
<b>Covid-19 i gCathair na Gaillimhe .....</b>	<b>1</b>
Foireann Sinsir um Fhreagairt (FSF) Covid-19 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe .....	1
Fóram Freagartha Pobail Chathair na Gaillimhe maidir le Covid-19 .....	1
Líne Chabhrach Chathair na Gaillimhe don Phobal maidir le Covid-19 .....	2
Feachtas #Keepwell .....	2
An Ciste um Athléimneacht Phobail d'Údaráis Áitiúil .....	2
Tacaíochtaí Covid-19 do Ghnólachtaí .....	3
<b>Tithíocht agus Ionchuisiú Sóisialta .....</b>	<b>4</b>
An Clár Tacaíochta um Thithíocht Shóisialta .....	4
Seirbhísí agus Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean .....	7
Clár agus Tacaíochtaí maidir le Cóiríocht do Thastealaithe .....	9
An Clár um Thógáil agus Soláthar Caipitil Tithíochta .....	12
Soláthar Tithíochta ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCT) .....	11
An Clár um Cothabháil agus Uasghrádú Tithe .....	13
An Clár Tacaíochta Iarthionóntachta agus Iasachtaí Tithíochta .....	14
Deontais Tithíochta – Oiriúnú, Áiseanna Soghluaisteachta & Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta .....	15
Rialú Foirgníochta agus Caighdeán Íosta .....	15
An Clár um Ionchuisiú Sóisialta .....	16
<b>Iompar agus Bonneagar .....</b>	<b>19</b>
Foireann Soghluaisteachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe .....	19
Páirceáil Rothar .....	20
Soilsiú Poiblí .....	20
An Clár um Scáthlán Bus .....	21
Eastáit a Ghlacadh ar Láimh .....	21
Cothabháil Droichead .....	22
N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe .....	22
Lárionad Bainistíochta Tráchta Uirbigh .....	22
Seachtain Rothaíochta na Gaillimhe .....	22
An Clár Píolótach um Shraideanna Scoile .....	23
Forfheidhmiú Páirceála .....	23
Maoir Scoile .....	23
An Clár Oibreacha Bóthair .....	23
Athshlánú Limistéar Coisithe i Lár Chathair na Gaillimhe .....	24
Suirbhéanna Tráchta .....	24
Ullmhúchán le haghaidh Cuairt Ríoga i Márta 2020 .....	24
Tionscadail Chaipitil .....	24
<b>Seirbhísí Uisce .....</b>	<b>28</b>

Plean Seirbhíse .....	28
Oibríochtaí agus Cothabháil an tSoláthair Uisce .....	28
Oibríocht agus Cothabháil na Seirbhísí Fuíolluisce .....	29
Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann a Chur Chun Cinn agus a Fheidhmiú .....	30
An Plean um Limistéar Draenála na Gaillimhe (LDG) .....	32
Staidéar ar Limistéar Draenála na Gaillimhe .....	33
Láthair MUHDS sna hArdáin .....	33
Plean Bunathraithe Uisce Éireann a Fheidhmiú faoin gComhaontú Seirbhíse .....	34
<b>Pleanáil agus Forbairt.....</b>	<b>36</b>
Plean agus Polasaí Forbartha .....	36
Tionscadail Straitéiseacha .....	36
Scéim do Ranníocaíocht Forbartha .....	37
Straitéis an Réimse Phoiblí .....	37
Bainistíocht Forbartha .....	38
Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta .....	39
Forfheidhmiú Pleanála .....	39
Ranníocaíochtaí Forbartha .....	39
Oidhreacht.....	39
Rialú Foirgníochta .....	40
Tionscnamh na gCathracha Beo .....	40
Tobhach Láithreán Folamh .....	41
<b>Forbairt Gheilleagrach agus Cultúr.....</b>	<b>43</b>
Spás Fiontraíochta .....	43
Cathracha agus Réigiúin na Todhchaí fDi 2020/21 - 'An Mhicreachathair Is Fearr le haghaidh Straitéis fDi' .....	43
Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh (CEA)Is cuid de Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh é Comhairle Cathrach na Gaillimhe. ....	44
Fóram na gCathracha Níos Cliste.....	45
Straitéis Turasóireachta .....	45
Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) .....	46
Gaillimh 2020 .....	47
Leisureland.....	47
Músaem Cathrach na Gaillimhe.....	48
Amharclanna Halla an Bhaile.....	50
Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe .....	51
Clár Éire Ildánach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe .....	55
<b>Forbairt Pobail.....</b>	<b>58</b>
Fóram Freagartha Pobail Covid-19.....	58
Gradaim an Mhéara .....	60
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Luimnigh (CFPA) Chathair na Gaillimhe .....	61
Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEanála Poiblí .....	62
Clár Gníomhachtúcháin um Ionchuimsiú Sóisialta agus Pobail (SICAP) 2018- 2022.....	63
Cathair na Gaillimhe Sláintiúil .....	67

Comhchoiste Póilíneachta Chathair na Gaillimhe.....	72
Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe .....	74
Maoiniú.....	75
<b>An Timpeallacht &amp; Athrú Aeráide .....</b>	<b>81</b>
Soláthar Seirbhísí agus Tacaíochtaí Bainistíochta Dramhaíola.....	81
Monatóireacht agus Bainistiú Forfheidhmiú Dramhaíola .....	83
Clár agus Tionscnaimh Feasachta Timpeallachta .....	84
Seirbhísí Bainistíochta Bruscair .....	88
Láithreáin Thréigthe .....	89
Cáilíocht agus Sábháilteacht an Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn .....	89
Iontaobhaithe Loingseoireachta Loch Coirib.....	91
Maolú Aeráide: Astaíochtaí Carbóin agus Éifeachtúlacht Fuinnimh .....	92
Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019 – 2024.....	93
Scéimeanna Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe/CFRAMS .....	94
Leithris Phoiblí Uathobrithe (LPUnna).....	95
Seirbhísí Madra a Sholáthar .....	95
Seirbhísí Dóiteáin agus Leabharlainne .....	95
<b>Áineas &amp; Conláistí.....</b>	<b>98</b>
Tionscadail Chaipitiúla Áineasa agus Pobail .....	98
Máistirphleananna Limistéir Taitneamhachta .....	98
Tionscadail Chaipitiúla Spóirt.....	99
Ceadanna Imeachta.....	101
Saoráidí agus Tionscadail Pobail.....	102
Bainistíocht Páirceanna, Coillearnach & Eastát.....	102
Oibríochtaí agus Bainistíocht Áiteanna Súgartha .....	103
Tránna agus Bainistíocht Tránna .....	104
Oibríochtaí agus Bainistíocht Reiligí .....	105
Plean Bithéagsúlachta agus Plean um Pailneoirí Uile-Éireann .....	105
<b>Seirbhísí Corparáideacha.....</b>	<b>108</b>
Iarratais Saorála Faisnéise .....	108
Comhdhálacha & Seimineáir 2020 .....	108
Cúrsaí Gaeilge .....	109
Imeachtaí Speisialta óstáilte ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe .....	110
Seirbhísí do Chustaiméirí.....	110
Saoráidí .....	112
Nochtuithe Cosanta 2020.....	113
Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair.....	114
<b>Acmhainní Daonna.....</b>	<b>118</b>
Foireann Oibre 2020 .....	118
Earcaíocht .....	118
Gradaim Scoir agus Seirbhíse 2020 .....	118
Leas Foirne .....	121

Oiliúint .....	122
Bainistíocht Feidhmíochta agus Córas Forbartha .....	122
Aoisliúntas .....	122
<b>Iniúchadh Inmheánach .....</b>	<b>123</b>
An Coiste Iniúchta .....	123
<b>Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide .....</b>	<b>124</b>
Príomhéachtaí TFC in 2020 .....	124
<b>Airgeadas .....</b>	<b>126</b>
Athbhreithniú Airgeadais .....	126
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas an Chuntais Ioncaim & Chaiteachais) don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2020.....	128
Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe) amhail ar an 31 Nollaig 2020.....	129
Tuarascáil an Aonaid Bainistithe Fiachais .....	130
<b>Táscairí Feidhmíochta .....</b>	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
<b>Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC) &amp; Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna).....</b>	<b>132</b>
Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC) .....	132
Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna) .....	133
<b>Táscairí Feidhmíochta: 01/01/2020 - 31/12/2020 .....</b>	<b>138</b>

## **Réamhrá Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard & an Phríomhfheidhmeannaigh, an tUasal Brendan McGrath**



Is mór againn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2020 a chur in bhur láthair, go háirithe i mbliana, an bhliain thar a bheith dúshlánach seo.

Is éard atá i dTuarascáil Bhliantúil 2020 ná taifead ar ghníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun seirbhísí a chur ar fáil do Chathair na Gaillimhe. Tá taifead sa tuarascáil seo freisin ar na rudaí a bhain Comhairle Cathrach na Gaillimhe amach chun na leibhéil chéanna seirbhíse agus a soláthar seirbhíse ag coinneáil ag dul. Tá sonraí inti faoi thiomantas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do na réimsí seirbhíse sin a chaomhnú agus a fhorbairt go leanúnach.

Gan amhras ar bith, bhí an bhliain 2020 ar na blianta ba dheacra agus ba dhúshlánaí inár stair. Beidh cuimhne go deo orainn go léir ar thús na héigeandála domhanda sláinte gan réamhshampla seo mar thréimhse scanrúil agus neamhchinnte. Bhí sé deacair ar go leor daoine dul i dtáithí ar a bheith ag maireachtáil leis an víreas Covid-19, go háirithe na daoine leochaileacha inár sochaí. Ach beidh cuimhne freisin ar láidreacht agus dearfacht ár bpobal i leith an scanraidh agus na neamhchinnteachta sin, agus ar luas agus dea-thoil na ngníomhaireachtaí agus na bpobal áitiúil agus náisiúnta go léir a chuaigh i mbun oibre chun tacú leo siúd nár mhór dóibh fanacht istigh nó a bhí leochaileach de bharr Covid-19. I Márta 2020, chuireamar Fóram Ghlaoch Pobail Chathair na Gaillimhe ar bun, fóram ar a raibh páirtithe leasmhara thar na hearnálacha poiblí, pobail agus deonacha. Ó shin i leith, chuireamar líne chabhrach ar fáil chun freagairt a chomhordú ar mhaithe leo siúd a dteastaíonn tacaíochtaí sóisialta nó praiticiúla uathu mar gheall ar a gcúinsí le linn na paindéime. Áiríodh leis sin bia, earraí grósaera agus cógais a sheachadadh, seirbhísí eile a chur ar fáil, agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhraith aonarach mar gheall ar phaindéim Covid-19.

Bliain an-dúshlánach a bhí ann in 2020 do go leor de na gnólachtaí inár gCathair freisin. Sholáthair Comhairle Cathrach na Gaillimhe raon tacaíochtaí do ghnólachtaí chun iad a choinneáil i mbun gnó le linn na srianta agus tréimhse a raibh níos lú á dhíol inti. Riar ár rannóg airgeadais deontais Atosaithe arbh fhiú €17.5 milliún iad chun tacú lenár ngnólachtaí áitiúla fanacht oscailte agus fanacht i mbun gnó. Chomh maith

leis sin, chuir ár nOifig Fiontair Áitiúil dearbháin trádála ar líne agus dearbháin leanúnachais gnó ar fáil. Thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe tarscaoileadh i leith Rátaí Tráchtála do ghnólachtaí incháilithe freisin, formhór mór na FBManna san áireamh, le linn na míonna luatha den phaindéim. Thacaigh leithdháileadh speisialta maoinithe €900 milliún ón Rialtas leis sin.

Fad a thosaímid ár sochaí a athoscailt ar bhonn céimnithe, is tosaíocht do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe freisin trádáil i dtimpeallacht shábháilte fhreagrach a chumasú. D'oibríomar go dlúth i gcomhar lenár bpobal gnó áitiúil ó thús phaindéim Covid-19 chun ár gCathair a athshamlú agus a athdhearadh, chun go mbraithfidh daoine compordach agus sábháilte agus iad ag siopadóireacht agus i mbun a gcuid gnó. Táimid ag díriú ar thrí phríomhréimse:

- Spásanna poiblí níos sábháilte a chur ar fáil do ghnólachtaí agus pobail
- Tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí trádáil ach limistéir clisceáil agus bailiú agus seirbhísí 'bailithe agus seachadta' a éascú, uaireanta oscailte níos faide a cheadú agus táillí ceadúnais ar thoscán sráide a tharscaoileadh
- Comhoibriú le hearnáil na n-ealaíon chun beocht a chur inár spásanna poiblí.

Rinneadh an caidreamh láidir a bhí ann lenár ngnólachtaí áitiúla a threisiú le linn na tréimhse dúshlánaí sin.

Cé gur chuir an phaindéim isteach go mór ar ár n-obair, rinneadh dul chun cinn suntasach ar roinnt tionscadal caipitil le linn 2020. Rinneadh dul chun cinn maidir le Droichead na mBradán do Choisithe agus Rothaithe, Céim 1 agus Céim 2 den Ghréasán Raon Rothar, BusConnects na Gaillimhe agus maidir leis na huasghráduithe ar Thimpeallán na gCiarabhánach agus Acomhal na Máirtíneach. Táimid ag tnúth leis na tionscadail sin a chríochnú, thar aon ní eile mar gheall ar an bhfeabhas ar chaighdeán na beatha a bheidh ag muintir Chathair na Gaillimhe de bharr na dtionscadal sin.

Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe de raon tacaíochtaí tithíochta a chur ar fáil le linn na tréimhse dúshlánaí sin. I measc na dtionscnamh a ndearna rannóg Tithíochta na Comhairle dul chun cinn orthu, ghlacamar páirt i gclár píolótach le haghaidh tionscadal modúlach tithíochta chun riachtanais na dteaghlach gan dídean a chomhlíonadh. Cuireadh tógáil na saoráide ag an Taobh Thiar i gcrích i mBealtaine 2020. Soláthraíonn an tseirbhís 15 aonad cóiríochta do theaghlaigh gan dídean ina bhfuil tacaíochtaí chun cúnamh a thabhairt do theaghlaigh dul ar aghaidh chuig tionóntachtaí tacaithe i dtithíocht shóisialta.

Ó thús na paindéime, chuaigh ár bhfoireann i dtaithe ar bhealaí nua oibre, fad a lean siad de raon leathan seirbhísí a chur ar fáil dár ndaoine agus pobail gan bhriseadh, cosúil lenár seirbhísí páirceanna, cothabháil bóithre, bainistíocht bruscair agus go leor eile. Tar éis an laghdú tosaigh a tháinig ar sheirbhísí i Márta 2020, d'fhreagair ár bhfoireann go han-mhaith ar bhealach díograiseach, dícheallach agus tiomanta, chun a mhéad seirbhísí agus is féidir a chur ar fáil arís laistigh de shrianta a bhaineann le

timpeallacht oibre a bhí trí chéile. Ba mhian leis an mbeirt againn buíochas ó chroí a ghlacadh leo as a gcuid iarrachtaí agus as an dea-obair a rinne siad chun seirbhísí a chur ar fáil do mhuintir Chathair na Gaillimhe.

Ba mhaith linn ár dtacaíocht leanúnach agus ár mbuíochas dár gComhairleoirí Cathrach go léir a chur in iúl. D'oibrigh ár gComhairleoirí go crua le hearnálacha éagsúla chun scrúdú a dhéanamh ar réitigh agus tacaíochtaí le linn na tréimhse nach bhfacthas a leithéid roimhe. Rinneadh cinntí stuama mar gheall gur scrúdaigh siad na roghanna go cúramach. Mar an gcéanna lenár bhfoireann, bhí orthu a gcleachtais oibre a chur in oiriúint chun a chinntiú go gcuirtear seirbhís ar fáil do phobail Chathair na Gaillimhe ar bhealach díograiseach.

Gura fada buan sibh ar fad.

Mar fhocal scoir, tugaimid chun cuimhne go rabhamar go léir bródúil agus ar bís ag tús 2020, nuair a tugadh an deis dúinn ár gCathair agus réigiún a chur os comhair an domhain mar ba Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 í Cathair na Gaillimhe. Ar an drochuair, chuir Covid-19 isteach go mór ar an deis sin. Ach bíonn muintir Chathair na Gaillimhe seasmhach, fuinniúil agus dearfach i leith deacrachtaí i gcónaí. Níl amhras dá laghad orainn ach go mbeidh an bród a bhí orainn go léir ag tús 2020 le feiceáil arís sna blianta amach romhainn. Soláthróimid a mbeidh ag teastáil ó Ghaillimh lenár gCathair a fhás chun go mbeidh Gaillimh ina príomhchathair réigiúnach agus chun go spreagfaidh Gaillimh geilleagar chósta thiar na hÉireann, rud ar mhaith linn go léir a fheiceáil. Gan amhras beidh go leor dúshlán romhainn in 2021 ach beidh deiseanna nua ag an gComhairle freisin oibriú le gnólachtaí, eagraíochtaí agus pobail chun bealaí nua a aimsiú chun ár ndaoine agus an geilleagar áitiúil a chosaint le linn an ama seo agus san am atá le teacht.

Le gach dea-ghuí,

An Comhairleoir **Mike Cubbard**, Méara Chathair na Gaillimhe

An tUasal **Brendan McGrath**, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach na Gaillimhe.



## Cathair na Gaillimhe

*Tá clú agus cáil ar Chathair na Gaillimhe mar chathair ilchultúrtha, spleodrach, óg, a bhfuil tírdhreach álainn Chonamara siar uaithi, Loch Coirib ó thuaidh agus fiáine an Aigéin Atlantaigh ag síneadh ó dheas den chathair. Is áit uathúil í Cathair na Gaillimhe le bheith i do chónaí inti, bheith ag obair inti nó cuairt a thabhairt uirthi ar a lán cúiseanna, idir na hiarsmaí atá fós le feiceáil dá hoidhreacht tráchtála mheánaoiseach, a dlúthcheangal leis an nGaeilge, agus éagsúlacht ilchultúrtha bhoihéamach mhuintir na cathrach – gan trácht ar neart cúiseanna eile.*

Tá Gaillimh suite ar chósta an Atlantaigh ar imeall sceirdiúil na hEorpa, agus níl sárú áilleacht nádúrtha an cheantair máguaird le fáil, agus tá talamh thoirtiúil agus timpeallacht shaibhir mhara inti. Síneann ár réigiún ó na páirceanna beaga glasa agus ballaí cloiche i dtuaisceart an chontae, soir go talamh feirme shaibhir abhantrach na Sionainne, ó dheas go tírdhreach uathúil carstach Bhoirne agus siar go Cathair spleodrach na Gaillimhe, príomhchathair iascaireachta breac na hEorpa, Loch Coirib agus sléibhte Chonamara, agus ar feadh 689 ciliméadar de chósta fiáin garbh an Atlantaigh chuig ár n-oileáin cháiliúla amach ón gcósta. Tá daonra óg agus neart cultúr i nGaillimh agus is i gContae na Gaillimhe atá an pobal Gaeltachta is mó sa tír. Bíonn muintir na Gaillimhe bródúil as an gcáil atá orainn mar áit a dtiteann daoine i ngrá léi.

Leanann daonra na cathrach ar aghaidh ag fás. Ní hamháin gur léiriú é an fás sin ar threocht náisiúnta agus idirnáisiúnta an uirbithe, ach is léiriú freisin é ar an gcaoi a meallann Gaillimh daoine mar chathair le dul i mbun staidéir inti, oibriú inti, cuairt a thabhairt uirthi agus cónaí inti. Le blianta beaga anuas, ó na 1990idí go dtí le gairid, mhéadaigh an fhostaíocht sa chathair agus tá réimsí ar nós na biteicneolaíochta, feistí leighis, teicneolaíocht faisnéise agus gléasanna forimeallacha. Anuas air sin, tá earnálacha láidre tráchtála, miondíola, sláinte, oideachais agus seirbhísí poiblí ann a chuireann le figiúirí fostaíochta. Is cathair óg bhríomhar í Gaillimh a mbíonn daltaí, scoláirí agus mic léinn ag foghlaim inti i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna agus i gcoláistí breisoideachais agus tríú leibhéal ar fud na cathrach. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe in ann don dúshlán a bhaineann leis na hacmhainní agus bonneagar a theastaíonn le haghaidh cathair foghlama a fháil, idir shuíomhanna a aithint le haghaidh forbairt oideachais agus oiliúna agus na líonraí a sholáthar le haghaidh leathanbhanda, ar bunriachtanas é don gheilleagar eolasbhunaithe.

Is cathair spleodrach, ilchineálach agus ilchultúrtha í Gaillimh agus tá deis ann daoine de bhunadh eitneach agus náisiúnta éagsúil a imeascadh i saol na Cathrach go hinbhuanaithe agus go hidirchultúrtha. Is é an dúshlán a bhaineann leis sin ná pobail a chothú, ilchineálacht a aithint agus ag an am céanna oibriú le chéile go síochánta, go héifeachtach agus go comhtháite. Téann na dúshláin sin i bhfeidhm ar go leor gnéithe d'obair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, lena n-áirítear réimsí na tithíochta, na forbartha pobail agus an ionchuimsithe shóisialta.

Le himeacht na mblianta, tá clú ár gCathrach in Éirinn agus thar lear á fheabhsú de bharr ár gceannródaithe ealaíon ar nós Chompántas Amharclann an Druid agus Fhéile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe agus Rásaí bliantúla na Gaillimhe, i measc imeachtaí eile. Cuireann amharc-ealaíontóirí, scríbhneoirí, ceoltóirí, scannánóirí, aisteoirí, léiritheoirí agus stiúrthóirí atá lonnaithe go háitiúil le scléip, atmaisféar cruthaitheach, meascán geilleagrach agus féiniúlacht chultúrtha na Cathrach i gcoitinne.

Aithníonn an Chomhairle Cathrach gur Cathair í Gaillimh a bhíonn ag athrú de shíor chun freastal ar riachtanais na glúine reatha, ach go mbíonn meas freisin ar oidhreacht stairiúil na ré atá thart. Oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe go dlúth le leasanna gnó, turasoireachta, cultúrtha agus pobail, agus stiúran sí forbairt bonneagair, athnuachan uirbeach, feabhsuithe ar sholáthar seirbhísí, forbairt conláistí agus chun timpeallacht a chruthú inar féidir leis an gCathair pleanáil don todhchaí.

Ba iad na dúshláin a bhain leis an bpatrún geilleagrach le deireanaí ná tacaíochtaí a theastaigh ó shaoránaigh dhífhostaithe a sholáthar láithreach agus córais a chur i bhfeidhm le haghaidh athoiliúna, breisoideachais agus ardoideachais, forbairt phearsanta agus chun fiontraíocht áitiúil a chothú. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair lena comhghleacaithe ar Bhord Forbartha Chathair na Gaillimhe agus le páirtithe leasmhara eile sa Chathair chun a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí sin i bhfeidhm agus go bhfuil geilleagar agus lucht saothair na Cathrach réidh le leas a bhaint as an téarnamh geilleagrach le deireanaí agus, go deimhin, as an téarnamh sochaíoch. Tá teacht aniar forbartha ag na hearnálacha tráchtála agus miondíola i nGaillimh le blianta beaga anuas. Is é an dúshlán a bheidh ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus ag an bpobal gnó geilleagar áitiúil inbhuanaithe a sholáthar a bheidh ag fás agus ag forbairt.

Bíonn ról an údaráis áitiúil ag athrú agus ag forbairt go síoraí seasta. Tá tábhacht agus ceannaireacht na Comhairle Cathrach do gach gné den saol i gCathair na Gaillimhe ag éirí níos treise. Níor laghdaíodh tiomantas stairiúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do sholáthar bonneagar agus seirbhísí, ach beidh na rólí cheannaireachta atá againn anois i bhforbairt gheilleagrach inbhuanaithe, ionchuimsiú sóisialta agus forbairt pobail á bhfeabhsú tuilleadh le cur chuige níos comhtháite, níos cuimsithí agus níos comhordaithe i leith forbairt gheilleagrach, shóisialta, chultúrtha, pholaitiúil agus chomhshaoil, a chuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun cinn le páirtithe leasmhara a bhfuil spéis acu i dtodhchaí na Gaillimhe. Ag an am céanna, oibreimid chun féiniúlacht uathúil na cathrach, a hoidhreacht agus a héiceolaíocht a chaomhnú agus a choimeád.

## Comhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

### Cathair na Gaillimhe Thoir

Clr Alan Cheevers (FF)  
Clr Michael Crowe (FF)  
Clr Owen Hanley (DS)  
Clr Declan McDonnell (NS)  
Clr Noel Larkin (Gan Pháirtí)  
Clr Terry O'Flaherty (Gan Pháirtí)

### Cathair na Gaillimhe Láir

Clr Eddie Hoare (FG)  
Clr Martina O'Connor (CG)  
Clr Ollie Crowe (FF)\*  
Clr Mike Cubbard (Gan Pháirtí)  
Clr Frank Fahy (FG)  
Clr Colette Connolly (Gan Pháirtí)  
Clr Imelda Byrne (FF)\*

### Cathair na Gaillimhe Thiar

Clr Peter Keane (FF)  
Clr Donal Lyons (Gan Pháirtí)  
Clr Niall McNelis (PLO)  
Clr Clodagh Higgins (FG)  
Clr John Connolly (FF)  
Clr Pauline O'Reilly (CG)\*  
Clr Niall Murphy (CG)\*



Toghadh na Comhairleoirí Ollie Crowe agus Pauline O'Reilly chun Sheanad Éireann i Márta 2020. Comhthoghadh na Comhairleoirí Imelda Byrne agus Niall Murphy ina n-áit.



## **Covid-19 i gCathair na Gaillimhe**

Bhí tionchar ag paindéim Covid-19 ar Chathair na Gaillimhe in 2020, mar an gcéanna leis an gcuid eile d'Éirinn agus an tír ar fad. Cé nach rabhthas cinnte ar dtús, mar gheall ar an bhfaiíos agus an scaoll a bhí ann de bharr Covid-19, cad iad na gníomhartha a d'fhéadfadh a dhéanamh chun tacú le pobail Chathair na Gaillimhe, d'fhreagair Comhairle Cathrach na Gaillimhe, in éineacht le go leor gníomhaireachtaí eile, don phaindéim ar bhealach tapa, éifeachtúil agus proifisiúnta. Bhí go leor dár mbaill foirne tiomanta agus díograiseach ag obair i dtimpeallacht nua, strainséartha agus dúshlánach, go minic ó chian. Rinne an Chomhairle iarracht na leibhéil chéanna arda seirbhísí a sholáthar is a rinneamar roimhe, chomh maith le seirbhísí feabhsaithe a dhíríonn ar na daoine is leochailí i bpobail na Cathrach. Ag tús na paindéime i mí Márta, bhog cruinnithe iomlánacha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe amach as Halla na Cathrach ar gearrfhógra chun scaradh sóisialta a chinntiú. Coinníodh Comhaltaí Tofa ar an eolas trí theileachomhdhálú ar dtús agus físchomhdháil ar líne ina dhiaidh sin. Tháinig siad le chéile sa halla in Leisureland, áit arbh fhéidir scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm ar aon dul le srianta an Rialtais.

### **Foireann Sinsir um Fhreagairt (FSF) Covid-19 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**

Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an Fhoireann Sinsir um Fhreagairt Covid-19, ar foireann inmheánach ardleibhéil é a bhfuil Stiúrthóir Seirbhísí ina chathaoirleach uirthi agus ar a bhfuil baill foirne sinsearacha ó Ghnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáid, Iompar, Tithíocht, Airgeadas, Acmhainní Daonna agus TFC, chun freagairt na Comhairle ar an bpaindéim a chomhordú. Scrúdaigh an grúpa sin tionchair inmheánacha agus sheachtracha na paindéime ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Dúirt an Príomhfheidhmeannach arís agus arís eile le linn na bliana go bhfreagródh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar Covid-19 ar bhealach socair, stuama agus diongbháilte. Ba iad an dá phríomhthosaíocht den FSF cinnte a dhéanamh de go gcosnaítear foireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus go gcoimeádtar seirbhísí riachtanacha do dhaoine agus Chathair na Gaillimhe ar siúl. Tháinig an FSF le chéile go minic (uaireanta gach lá) le linn chéimeanna luatha na paindéime agus lean siad ar aghaidh ag teacht le chéile gach seachtain le linn 2020. Phléigh an fhoireann saincheistanna a bhí ag teacht chun cinn gach lá de réir a dtionchar ar an bhfoireann agus ar sholáthar seirbhísí. Leasaigh agus d'oiriúnaigh freagairt Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do ráig Covid-19 de réir mar ba ghá, lena n-áirítear pleananna teagmhasacha agus pleananna leasaithe oibriúcháin a ullmhú.

### **Fóram Freagartha Pobail Chathair na Gaillimhe maidir le Covid-19**

Lean an Fóram Freagartha Pobail maidir le Covid-19, a bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an 30 Márta 2020, de bhualadh le chéile gach coicís chun a bheith i gceannas ar chomhordú na dtacaíochtaí pobail Covid-19 agus ar sheasmhacht i leith Covid-19. Lean an Fóram de chinnte a dhéanamh de go raibh freagairt pobail chomhordaithe leanúnach ann, rud a chuir ar chumas na ngníomhaireachtaí deonacha

agus reachtúla comhoibriú le chéile chun tacú lenár bpobail agus go háirithe leis na daoine ba leochailí. Cuireadh roinnt ábhar imní in iúl agus pléadh na gníomhartha eile is féidir a dhéanamh, go háirithe le baill de ghrúpa eagraíochta neamhrialtasacha Covid-19. Dhírigh na gníomhartha sin ar mhéaduithe suntasacha agus ardú ar éileamh ar sheirbhísí tosaigh, oideachas agus ceisteanna a bhaineann le míbhuntáiste oideachasúil, fáil ar threalamh agus ceisteanna a bhaineann le nascacht agus tacaíocht chun trealamh a úsáid. Ina dhiaidh sin, cuireadh tacaíochtaí atosaithe ar fáil ní ba dhéanaí sa bhliain, go háirithe do ghrúpaí agus eagraíochtaí beaga a mbeadh sé deacair orthu dul i mbun oibre arís nuair a ligeann na srianta dóibh teacht ar ais.

## **Líne Chabhrach Chathair na Gaillimhe don Phobal maidir le Covid-19**

Leanann Líne Chabhrach don Phobal maidir le Covid-19, a bhfuil Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gceannas orthu agus a chomhordaíonn Comhairle Chathair na Gaillimhe, de líne chabhrach thiomnaithe a chur ar fáil don phobal chun a chinntiú go dtacaítear go cuí leis na daoine leochaileacha inár bpobal fad a fhreagraímid do Covid-19. Bíonn an líne chabhrach oscailte idir 9am-5pm, Luan go hAoine, ach glao a chur ar Shaorghlao 1800 400 150, nó ach ríomhphost a sheoladh chuig [covidsupport@galwaycity.ie](mailto:covidsupport@galwaycity.ie). Taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre, deirí seachtaine san áireamh, atreorófar glaonna agus iarratais go huathoibríoch chuig ár seirbhís taobh amuigh d'uaireanta gnó agus déileáiltear leo dá réir. Is príomhchuspóir na Líne Cabhrach cinnte a dhéanamh de go mbíonn daoine scothaosta agus daoine leochaileacha inár bpobal in ann tacaíochtaí an-phraiticiúla a fháil, cosúil le siopadóireacht, béilí ar rothaí, bailiú cógas, tacaíochtaí sóisialta agus caidreamh sóisialta. Déileáladh le níos mó ná 1,050 iarratas tríd an Líne Chabhrach go dtí seo agus tá an fhreagairt áitiúil an-tábhachtach dó sin.

## **Feachtas #Keepwell**

Feachtas folláine trasrialtais is ea an feachtas 'Keep Well' (Bí Sláintiúil) a sheol an Taoiseach ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2020. Is é aidhm an fheachtas sin athléimneacht a chothú sna míonna atá le teacht, fad atáimid ag iarraidh maireachtáil le Covid-19. Mar chuid den fheachtas sin, a fhaigheann maoiniú ó Sláintecare agus a bhfuil Éire Shláintiúil i gceannas air, tá raon leathan tacaíochtaí ar fáil a oireann don tréimhse seo. Baineann siad le spórt, cruthaitheacht, nascacht, bia agus for-rochtain phobail. Téigh go dtí [www.gov.ie/healthyireland](http://www.gov.ie/healthyireland) agus [www.galwaycity.ie/wellbeing](http://www.galwaycity.ie/wellbeing) le haghaidh tuilleadh eolais agus acmhainní. Rollfar amach tionscnaimh nua faoin bhfeachtas 'Keep Well' sna míonna atá le teacht.

## **An Ciste um Athléimneacht Phobail d'Údarás Áitiúil**

D'fhaomh an Roinn Sláinte, le tacaíocht ó Sláintecare, leithdháileadh maoinithe le haghaidh gníomhartha áirithe do gach údarás áitiúil faoin gCiste um Athléimneacht Phobail. Is ionann an leithdháileadh faoin gciste sin do Chathair na Gaillimhe agus €67,225. Tacaíonn sé le tionscnaimh a sholáthar faoi roinnt téamaí ar aon dul leis an bhfeachtas náisiúnta 'Keep Well'. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe, in éineacht le

príomhpháirtithe leasmhara, ag soláthar clár gníomhaíochta faoi na téamaí sin don tréimhse ó Shamhain 2020 go Meitheamh 2021. I measc na ngníomhaíochtaí táthar ag comhoibriú le Comhpháirtíochtaí Spóirt na Gaillimhe ar thionscnaimh agus tá obair ar siúl chun na bealaí glasa agus gorma siúil atá ar fáil sa Chathair a mhapáil. Nuair a bheidh siad críochnaithe, táirgfear leabhrán agus físeán chun spreagadh a thabhairt do dhaoine na bealaí thart orthu a úsáid.

## **Tacaíochtaí Covid-19 do Ghnólachtaí**

### **Rátaí Tráchtála Covid-19**

Mar chuid de Phacáiste Spreagthaí Covid-19 an Rialtais 2020, deonaíodh tarscaoileadh 100% i leith rátaí tráchtála ar feadh tréimhse 9 mí ó 27 Márta go 27 Nollaig 2020 d'fhormhór ár n-íocóirí rátaí. Is ionann an tarscaoileadh iomlán do 9 mí agus €20.7 milliún.

### **Scéimeanna Deontas Atosaithe Covid-19 do Ghnólachtaí**

Seoladh an Scéim Deontas Atosaithe do Ghnólachtaí ar an 22 Bealtaine 2020. Faoi lár mhí Iúil, phróiseáil Comhairle Cathrach na Gaillimhe os cionn 1,200 iarratas ar Dheontais Atosaithe. Níos déanaí sa bhliain, thug an Rialtas Scéim Deontas Atosaithe do Ghnólachtaí bhreisithe in Iúil. Bhí leibhéil deontais níos airde ar fáil ná mar a bhí sa Scéim Deontas Atosaithe bhunaidh. Mar chuid den scéim Deontas Atosaithe Plus, cuireadh tacaíocht ar fáil d'fhiontair nárbh fhéidir leo an scéim deontais bhunaidh a fháil.

Tá tuilleadh sonraí faoin méid thuas sa mhír sin den Tuarascáil Bhliantúil a bhaineann leis an Aonad um Bainistiú Fiachais ar leathanaigh 115-6.

## Tithíocht agus Ionchuimsiú Sóisialta

*Is é cuspóir na rannóige Tithíochta agus Ionchuimsithe Shóisialta dlús a chur le tithíocht shóisialta agus inacmhainne ardchaighdeáin a sheachadadh ar bhealach cothrom agus in áiteanna cuí, d'fhonn pobail inbhuanaithe chothromaithe a fhorbairt.*

### An Clár Tacaíochta um Thithíocht Shóisialta

Tá raon roghanna ar fáil d'iarrthóirí tithíochta, tithíocht chaighdeánach Údaráis Áitiúil, an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC), an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT), Léasú Fadtéarmach, tithíocht Dheonach agus cóiríocht atá go sonrach do Thaistealaithe. Bhí easpa soláthair fós ag cur isteach ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe in 2020, ó thaobh aonaid nua agus aonaid dara láimhe de. Bhí tionchar aige sin ar sholáthar roghanna tithíochta d'iarrthóirí ar an liosta feithimh do thithíochta.

### Measúnú ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta 2020

Bonn Riachtanais	Cathair na Gaillimhe
Ag brath ar fhorlíonadh cíos	126
Cóiríocht mhíoiriúnach – cúinsí teaghlaigh	488
Cóiríocht ar leith ag teastáil	210
Institiúid, cóiríocht éigeandála nó óstallán	184
Míchumas – fisiceach	61
Míchumas – céadfach	8
Míchumas – meabhairshláinte	57
Míchumas – eile	1
Míchumas – intleachtúil	50
Riachtanais leighis eisceachtúla nó cúiseanna truacha	3
Cóiríocht róphlódaithe	39
Cóiríocht mhí-oiriúnach	8
Morgáiste neamh-iniompártha	8
<b>Iomlán</b>	<b>1,243</b>

Ba é cuspóir an Mheasúnaithe ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta 2020 líon iomlán na dteaghlach atá incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta, nach raibh a riachtanais á gcomhlíonadh, a thaifeadadh amhail an 2 Samhain 2020. Déantar tagairt dó sin freisin mar 'Glanriachtanas' mar ní áirítear leis, mar shampla, na teaghlaigh sin a fhaigheann tacaíocht tithíochta sóisialta cheana féin, e.g., ÍCT nó SCC, agus aon teaghlach a chuir isteach ar aistriú ó fhoirm reatha de thacaíocht tithíochta sóisialta.

Mar chuid den Mheasúnú in 2020, rinneadh measúnú ar gach iarratas tithíochta nua nach ndearnadh athbhreithniú orthu ó 10 Aibreán 2019, arbh ionann é sin agus thart ar 1,262 teaghlach. Cuireadh an Measúnú sin i gcrích roimh an spriocdháta reachtúil ar an 7 Nollaig 2020 agus tugadh le fios leis an réamhanailís gurbh ionann líon iomlán na dteaghlach atá incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta (Glanriachtanas) ó



Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus 1,243. Mar chuid den mheasúnú, baineadh 301 teaghlach den liosta feithimh tithíochta ar chúiseanna éagsúla. Ba é an phríomhchúis leis sin nár fhreagair teaghlaigh an Measúnú (179 teaghlach) agus ar an dara cúis d'aistarraing teaghlaigh iarratais (54 teaghlach). Measadh nach raibh roinnt teaghlach (39) incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta, agus ba é an phríomhchúis leis sin ná gur sháraigh a gcuid ioncaim an teorainn incháilitheachta dó sin.

### **Leithdháiltí Tithíochta Sóisialta**

Leithdháileadh 207 tionóntacht d'iarrthóirí tithíochta ar an liosta feithimh in 2020, lena n-áirítear 123 ionad réadmhaoine faoi úinéireacht na Comhairle agus 84 áit chónaithe faoi úinéireacht CCTanna. Diúltaíodh do 53 tairiscint in 2020. Ceadaíodh 25 aistriú do thionóntaí tithíochta sóisialta agus ceadaíodh 6 aistriú do thionóntaí SCC/Léasaithe Fhadtéarmaigh in 2020.

### **Ligean Bunaithe ar Rogha**

Is modh leithdháilte é Ligean Bunaithe ar Rogha (LBR) trínar féidir le hiarrthóirí ceadaithe ar thithíocht a spéis i stoc tithíochta sóisialta atá ar fáil ina rogha ceantair a chlárú in ord tosaíochta i gcomhréir lena riachtanais tithíochta. Cuireann LBR rogha níos fearr ar fáil do theaghlaigh atá incháilithe do thacaíochtaí tithíochta sóisialta agus tugann LBR páirt dóibh i roghnú an tí nua. Úsáidtear é freisin chun líon na ndaoine a dhiúltaíonn do thairiscintí tionóntachta a laghdú.

Leanadh ar aghaidh le hobair maidir le Ligean Bunaithe ar Rogha le linn 2020. Ceapadh Opensky le córas ar líne a fhorbairt do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Seo a leanas an t-eolas maidir le dul chun cinn ar thionscadail a chur i bhfeidhm ag deireadh na bliana: leasaíodh an Scéim um Áiteanna Cónaithe a Ligean ar Cíos chun gur féidir áiteanna cónaithe na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a chur san áireamh; bhí tástáil inghlacthachta úsáideoirí beagnach críochnaithe roimh fhaomhadh an chórais ar líne; forbraíodh físeáin teagaisc chun tacú le hiarrthóirí logáil isteach sa chóras agus spéis a léiriú in áiteanna cónaithe; forbraíodh sraith 'Ceisteanna Coitianta' lena foilsiú ar an tairseach LBR agus lena heisiúint d'iarrthóirí; forbraíodh plean bolscaireachta agus eisíodh litir do gach iarrthóir tithíochta ábhartha maidir le rolladh amach LBR go luath in 2021.

### **Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)**

Cuireadh tús leis an Scéim Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) i gComhairle Cathrach na Gaillimhe in 2016 agus is cuid dhílis de na roghanna tithíochta sóisialta í a thairgtear dóibh siúd atá ag cuardach cóiríochta. Ciallaíonn infhaighteacht ÍCT go bhfuil Comhairle Cathrach na Gaillimhe in ann cúnaimh tithíochta láithreach a thabhairt do theaghlaigh a chónaíonn i dtithíocht phríobháideach ar cíos atá incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta. Tá ceithre phríomh-chohórt teaghlach incháilithe don ÍCT, mar seo a leanas: iarratasóirí nua ar thithíocht shóisialta a dteastaíonn tacaíocht tithíochta sóisialta uathu; teaghlaigh atá ar an liosta feithimh do thithíocht cheana féin

agus atá ag iarraidh leas a bhaint as an ÍCT; daoine atá ag fáil forlíonadh cíosa fadtéarmach – tá siad seo á n-aistriú go dtí an ÍCT de réir a chéile agus le comhaontú na Roinne Coimirce Sóisialaí, agus daoine a fhaigheann Forlíonadh Cíosa atá ag athrú tionóntachtaí.

Shocraigh an tAonad ÍCT 486 tionóntacht san iomlán in 2020, lenar áiríodh 42 teaghlach a aistriú ón bhforlíonadh cíosa fadtéarmach go dtí an ÍCT. Ar an iomlán, tugadh cóiríocht do 2,547 teaghlach faoin ÍCT ó chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe tús leis an scéim in 2016. Bhunaigh an tAonad ÍCT idir 9 agus 12 thionóntacht ÍCT gach seachtain.

### **An Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus Léasú Gearrthéarmach**

Bhí 180 áit chónaithe phríobháideach ar cíos faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus tacaíodh le 214 tionóntacht eile faoin scéim chéanna san Earnáil Dheonach Tithíochta in 2020. B'ionann líon na n-áiteanna cónaithe a raibh Comhaontuithe Infhaighteachta den chineál SCC acu (léasú gearrthearma) agus 88. D'fhág 22 ionad réadmhaoine SCC, chomh maith le 12 ionaid réadmhaoine léasaithe ghearrthearmaigh. Cuireadh 5 ionad réadmhaoine nua ar bun mar chuid den Scéim um Léasú Gearrthéarmach agus cuireadh ionaid réadmhaoine amháin leis an SCC. D'aontaigh roinnt tiarnaí talún faoin SCC fanacht ar an Scéim tar éis tithe sóisialta a thabhairt dá dtionóntaí SCC.

Is cineál suntasach tionachta i gCathair na Gaillimhe í tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach agus tá sí ag éirí níos tábhachtaí. De réir thuarascáil na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le Tionacht agus Teaghlaigh in Éirinn 2016-2019, bhí an sciar ab airde de theaghlaigh a fhaigheann áit chónaithe 'ar cíos ó thiarna talún' (Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta san áireamh) i gCathair na Gaillimhe – 37.1% i gcomparáid leis an meán sa Stát, arbh ionann agus 19.2% é. De réir na tuarascála ó Daft do Ráithe 3 2020, tháinig méadú 4.9% ar chíosanna i gCathair na Gaillimhe. B'ionann an meánchíos agus €1,443, leibhéal a tharraingíonn aird ar an tábhacht a bhaineann le soláthar na dtithe ar cíos a mhéadú chun cíosanna níos inacmhainne a chur ar fáil do dhaoine sa Chathair a fhaigheann áiteanna cónaithe ar cíos.

Mar gheall ar phaindéim Covid-19 bhí dúshlán shuntasacha roimh thiarnaí talún agus tionóntaí san earnáil phríobháideach chíosa. Dhéileáil an tAonad ÍCT le leibhéal ard fiosruithe faoi iarratas a chur isteach ar ÍCT agus ó thionóntaí reatha ÍCT a bhí ag iarraidh cúnamh a dtionóntachtaí ÍCT a choimeád. Ós rud é go bhfuil cuid shuntasach de na daoine a fhaigheann áiteanna cónaithe ar cíos fostaithe sna hearnálacha miondíola agus fáilteachais, a raibh tionchar go háirithe diúltach ag na srianta reatha sláinte poiblí orthu, táthar ag súil leis go mbeidh an t-éileamh ar thacaíochtaí cíosa shóisialta, cosúil le ÍCT agus SCC, láidir go ceann i bhfad.

## **Seirbhísí agus Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean**

Lean an Rannóg Tithíochta ar aghaidh ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí éagsúla sa Chathair i soláthar seirbhísí do dhaoine gan dídean i rith 2020. Chuathas i ngleic le dúshlán shuntasacha ar leith atá ann mar gheall ar Covid-19.

Bhí teaghlaigh fós ag iarraidh seirbhísí do dhaoine gan dídean. Mar sin, bhí ar sholáthraithe seirbhíse cóiríocht éigeandála shealadach a aimsiú san earnáil phríobháideach ar fud na cathrach do dhaoine gan dídean. Bhí na daoine a bhí ag iarraidh seirbhísí ann ar chúiseanna éagsúla: fógraí fágála a fháil san earnáil phríobháideach chíos; tiarnaí talún ag coinneáil ionaid réadmhaoine ar mhaithe lena n-úsáid féin, chun é a dhíol agus chun margadh an chíosa phríobháidigh a fhágáil; méaduithe ar chíosanna a mbíonn tithe a bhí inacmhainne ró-chostasach dá mbarr; uasteorainneacha cíosa nach bhfuil ag teacht le rátaí reatha sa mhargadh; gan cóiríocht phríobháideach ar cíosa a bheith ar fáil sa Chathair; agus tiarnaí talún nach mbaineann úsáid as scéimeanna SCC/Léasú Fadtéarmach. I measc na dtosca eile bhí cliseadh teaghlaigh agus fadhbanna casta a mbíonn teaghlaigh gan dídean dá mbarr. B'ionann Caiteachas Alt 10 do Dhaoine gan Dídean in 2020 do Réigiún an Iarthair agus thart ar €9.5 milliún.

Ag deireadh 2020, bhí 182 duine ag baint úsáide as seirbhísí do dhaoine gan dídean a chuirtear ar fáil le haghaidh agus thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

### **Brúnna**

Bhí Osterley Lodge lán an t-am ar fad i rith 2020. Tá spás ann le haghaidh suas go dtí 13 sheomra leapa (2 sheomra teaghlaigh san áireamh). Bhí an Fairgreen Hostel lán i rith 2020 freisin. Tá 26 spás leapa ann ar an iomlán.

### **Freagairt don Aimsir Fhuar**

Cuireadh tús leis an bhFreagairt don Aimsir Fhuar ar mhaithe le Daoine gan Dídean 2020/2021 go luath i mí na Samhna 2020 agus beidh sé ar siúl go dtí Aibreán 2021. Tá an tseirbhís á hoibriú in Glen Oaks Lodge agus cuireann sí suas go dtí 35 leaba ar fáil. Leanann soláthraithe seirbhíse do dhaoine gan dídean, COPE na Gaillimhe agus Clann Shíomóin na Gaillimhe, ar aghaidh ag plé le cliaint chun réiteach fadtéarmach a lorg ar a riachtanais tithíochta. Cuireadh tacaíochtaí breise ar fáil do dhaoine a chodlaíonn amuigh lena n-áirítear seirbhísí lae, béilí teo, rochtain ar áiseanna níos álainn agus rochtain ar dhochtúir teaghlaigh agus ar ghairmithe sláinte eile a reáchtálann clinicí seachtainiúla ar an láthair. Tugadh tacaíocht do thart ar 30 duine le linn na freagartha in 2019/2020. Cuireadh Pacáistí Íoslachdaithe Díobhála ar fáil do dhaoine gan dídean, nár bhain leas as an tseirbhís ar chúiseanna éagsúla.

### **Cóiríocht do Dhaoine gan Dídean**

Thosaigh Mol Teaghlaigh Corrib Haven ag feidhmiú i lár na bliana 2019 agus feidhmíonn COPE na Gaillimhe é. Cuireann sé suas go dtí 12 aonad teaghlaigh ar fáil. Roghnaíodh Cathair na Gaillimhe le clár píolótach a chur ar siúl ann. Baineann an clár le tionscadal tithíochta modúlaí chun riachtanais na dteaghlach gan dídean a shásamh. Cuireadh tógáil na saoráide ag an Taobh Thiar i gcrích i mBealtaine 2020. Cheap an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil an Soláthraí Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean Peter McVerry chun an tionscadal a bhainistiú agus a oibriú. Soláthraíonn an tseirbhís 15 aonad cóiríochta do theaghlaigh gan dídean ina bhfuil tacaíochtaí chun cúnaimh a thabhairt do theaghlaigh dul ar aghaidh chuig tionóntachtaí tacaíthe i dtithíocht shóisialta. Ar dheis:



Tithe Modúlacha an Taoibh Thiar – críochnaithe agus ag feidhmiú i mBealtaine 2020.

### **Tús Áite do Thithíocht**

Cuireadh tús le seirbhís Tús Áite do Thithíocht Chathair na Gaillimhe i mí an Mheithimh 2019. Cuireann Clann Shíomóin na Gaillimhe agus COPE na Gaillimhe tacaíochtaí tithíochta ar fáil agus is é an sprioc go dtabharfar cóiríocht agus tacaíocht do 30 duine thar thréimhse trí bliana. Is é aidhm an tionscadail oibriú leis an gcohort aonair a mheastar a bheith gan dídean fadtéarmach le riachtanais chasta sláinte meabhrach. Ina theannta sin, leanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe de bheith ag obair le daoine aonair gan dídean ar chur chuige faoi threoir tithíochta, a bhfuil tacaíochtaí cuimsitheacha ag teastáil uatha, ach nach n-aithnítear go bhfuil na riachtanais chasta sláinte meabhrach acu, seachas iad siúd a ndírítear orthu faoi Tús Áite do Thithíocht. Cruthaíodh 16 thionóntacht Tús Áite do Thithíocht in 2020.

### **Seirbhís Áit a Aimsiú do Dhaoine gan Dídean faoi ÍCT**

Bunaíodh Seirbhís Áit a Aimsiú do Dhaoine gan Dídean faoi ÍCT in 2018. Cruthaíodh 272 tionóntacht ÍCT do Dhaoine gan Dídean ó tugadh an tseirbhís isteach. Cruthaíodh 107 tionóntacht ÍCT do Dhaoine gan Dídean in 2020. Tugadh 53 díobh do theaghlaigh agus tugadh na 54 eile do dhaoine aonair/lánúineacha.

### **Freagairt Covid-19**

Tá bagairt agus dúshlán ar leith do dhaoine gan dídean mar gheall ar Covid-19. Mar fhreagairt dó sin, cuireadh raon suntasach beart riachtanach agus cuí ar bun i Márta 2020 mar chuid de fhreagairt na rannóige Tithíochta. Cuireadh bearta freagartha ar

bun le haghaidh na réimsí ba thábhachtaí a d'aithin an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

I Márta, folmhaíodh an Mol Teaghlaigh Corrib Haven agus cuireadh na teaghlaigh a bhí ann i gcóiríocht éigeandála san earnáil phríobháideach. Úsáideadh an Mol mar shaoráid fhéinaonraithe do dhaoine singile. Anuas air sin, athlonnaíodh na cliaint a bhí ag baint leasa as áiseanna na Freagartha don Aimsir Chrua ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirce chuig an Bunk Hostel ar Shráid Forster. Fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe é ar feadh thart ar 6 mhí. Chuir Bunk Hostel seomraí singile en suite ar fáil, ar rud riachtanach é, seachas cóiríocht den chineál suanleasa comhroinnte. Ba chuid de na bearta a rolladh amach chun scaipeadh Covid-19 a laghdú é sin. Cuireadh aonaid idirthréimhseacha bhreise ar fáil le linn Covid-19 freisin chun freastal orthu siad a bhí leochaileach ó thaobh leighis de agus nach mór dóibh clutharú/féinaonrú a dhéanamh. Thug na soláthraithe seirbhíse faoi iniúchadh na seirbhísí agus cuireadh bearta i bhfeidhm chun freagairt a dhéanamh do chásanna de réir mar a tháinig siad chun cinn.

Bogadh roinnt teaghlach i gcóiríocht éigeandála phríobháideach chuig cóiríocht féinfhrestail ag a bhfuil a doras féin, agus chuir soláthraithe seirbhíse nósanna imeachta oibriúcháin i bhfeidhm má bhí cás amhrasta/deimhnithe ann. Tar éis próiseas tairisceana a chur ar siúl, aistríodh na seirbhísí a bhí ag oibriú ón Bunk Hostel chuig an Glenoaks Hotel ó Mheán Fómhair agus bhí an Fhreagairt don Aimsir Chrua ag oibriú ann freisin ó Shamhain 2020 go Aibreán 2021.

Ar aon dul le treoir FSS maidir le Covid-19, is é an chóiríocht atá ar fáil do dhaoine a chodlaíonn amuigh seomraí leapa singile ag a bhfuil áiseanna en suite. Baineadh úsáid arís as Corrib Haven mar chóiríocht éigeandála do theaghlaigh agus aird á tabhairt ar na srianta Covid-19 faoi líon na ndaoine a bhaineann leas as an tseirbhís i Meán Fómhair 2020. Bhí dúshlán mór ag baint le seirbhísí do dhaoine gan dídean a bhainistiú le linn Covid-19. Ag deireadh na bliana 2020 ní raibh aon chás Covid-19 deimhnithe i measc na ndaoine gan dídean sa Chathair. Mar gheall ar an ngéarchéim agus an fhreagairt do Covid-19, tháinig laghdú ar líon na ndaoine gan dídean sa chathair. Bhí 254 duine gan dídean i Márta 2020 agus 182 i Nollaig 2020, arbh ionann é sin agus laghdú 28%.

### **Clár agus Tacaíochtaí maidir le Cóiríocht do Thaistealaithe**

Leithdháileadh tithe ar 25 teaghlach den lucht siúil in 2020, lenar áiríodh tithe údaráis áitiúil, tithe Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus cóiríocht atá go sonrach do Thaistealaithe, láithreáin stad san áireamh. Anuas air sin, fuair 10 dteaghlach cóiríocht tríd an ÍCT do Dhaoine gan Dídean. Cuireadh Comhaireamh Bliantúil na dTeaghlach den Lucht Siúil agus a stádas Cóiríochta isteach chuig an Roinn tríd an gcóras eReturns. Tugadh faoin gComhaireamh Bliantúil ar an 3 Nollaig 2020. Tugann sé spléachadh ar Chomhaireamh Bliantúil na dThaistealaithe ar an dáta sin. B'ionann líon

na dteaghlach den Lucht Siúil a áiríodh agus 613. Bhí an méadú ba shuntasáí le feiceáil i líon na dteaghlach a roinneann agus líon na ndaoine i seirbhísí éigeandála do dhaoine gan dídean.

Ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 - 2024 i mí Iúil 2019. Cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn tar éis bliana faoi bhráid an Choiste Chomhairliúcháin Áitiúil maidir Cóiríocht do Thaistealaithe i nDeireadh Fómhair. Tarraingíodh aird ar dhul chun cinn go dtí seo ó glacadh é, ar aon dul le ceanglais Acht na dTithe (Cóiríocht do Thaistealaithe), 1998. Áiríodh leis an tuarascáil sin an fhreagairt do Covid-19, mar ba phíosa suntasach oibre é a ndearna gach páirtí leasmhar obair mar chuid de ó Mhárta 2020.

### **Coiste Chomhairliúcháin Áitiúil maidir Cóiríocht do Thaistealaithe**

Cuireadh oiliúint Chomhionannais agus Éagsúlachta ar fáil do bhaill an Choiste Chomhairliúcháin i Nollaig 2019 agus Eanáir 2020. In Eanáir 2020, tionóladh an chéad chruinniú den Choiste Chomhairliúcháin nuabhunaithe. Ceapadh Cathaoirleach neamhspleách le comhaontú na mball ar fad. Bhí trí chruinniú den Choiste Chomhairliúcháin ar siúl in 2020. Cuireadh an cruinniú a bhí sceidealaithe d'Aibreán ar ceal mar gheall ar bhriseadh na héigeandála Covid-19. Mhol agus bhunaigh an Coiste Chomhairliúcháin dhá fhoghrúpa, is iad sin an Foghrúpa Bainistíochta Eastáit agus an Foghrúpa Oibriúcháin. Tá baill tofa, oifigigh agus ionadaithe an Lucht Siúil ar an dá ghrúpa.

### **Anailís ar Spriocanna Bliantúla**

Tagraíonn na spriocanna thíos don tréimhse ó Iúil 2019 go dtí Meitheamh 2020.

<b>Cineál cóiríochta</b>	<b>Sprioc le haghaidh 2020</b>	<b>Iomlán a baineadh amach</b>
Údarás Áitiúil Caighdeánach (aistrithe san áireamh)	10	31 (6 aistriú san áireamh)
Tithíocht chaighdeánach CCT	10	10 (1 tionóntacht atá tacaíte ag Tús Áite do Thithíocht)
Síneadh le Gnáthcheann Údaráis Áitiúil	1	(3 críochnaithe in 2019 a bhain le plean roimhe seo)
Grúpscéim Tithíochta (ÚÁ agus CCT)	0	0
Cóiríocht go Sonrach do Thaistealaithe	5 (1 scéim)	0
Láithreán Stad Cónaithe Buan	2	5
Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC)	1	0
Scéim Léasaithe Fhadtéarmach	1	0
Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta	20	14
<b>Iomlán</b>	<b>50</b>	<b>60</b>

### Clár Caipitil um Chóiríocht do Thaistealaithe

Tá forléargas ar an dul chun cinn maidir le scéimeanna caipitil sa tábla seo a leanas, scéimeanna a luaitear sa Chlár um Chóiríocht do Thaistealaithe 2019-2024.

Scéim	Áit	Eolas Is Déanaí	Ceannaire
8 nAonad atá go Sonrach do Thaistealaithe	An Caorán Fuarthas ceadú Chéim 1. Cuid 8 i R2 2021. Obair ag tosú i R4 2021		CCG €3,794,980 ceadaithe ag Céim 1
4 Aonad atá go Sonrach do Thaistealaithe	Dabhach Uisce	Maoiniú CAS/CALF ceadaithe. Foilsiú Chuid 8 i R2 2021.	Respond (CCT) €1,278,376 ceadaithe ag Céim 1
5 Aonad atá go Sonrach do Thaistealaithe	An Cuarbhóthar (an láithreán stad atá ann a athdhearadh)	Fuarthas ceadú Céim 1. Ceapadh foireann deartha. Cuid 8 i R2 2021.	CCG i gcomhar le CENA (CCT) €1,340,000 ceadaithe ag Céim 1
4 Aonad atá go Sonrach do Thaistealaithe	Bóthar Áth Cinn	Fuarthas ceadú Chéim 1. Cuid 8 i R2 2021. Obair ag tosú i R3 2021	CCG
8 Aonad atá go Sonrach do Thaistealaithe	Talamh Mhuirlinne	Réamhchéim deartha. Iarratas Chéim 1 ar feitheamh.	CCG
Grúpscéim 8 nAonad	Fána Glas	Gan aon dul chun cinn. Tá togra tithíochta níos leithne don cheantar á phlé.	CCG

De bhun tuarascála ó shainchomhairleoir meicniúil agus leictreach maidir leis na haonaid seirbhíse sa láithreán 20 bá i gCeathrú an Bhrúnaigh, comhaontaíodh sceideal athsholáthair na n-aonad téimh agus cuirfear tús leis na hoibreacha in 2021. Cuireadh aonaid nua in áit na n-aonad leasa ag an láithreán 13 bhá i gCeathrú an Bhrúnaigh a bhuí le maoiniú €284,000 ón Aonad um Chóiríocht do Thaistealaithe sa Roinn Tithíochta. Faomhadh 2 cheannach le haghaidh cóiríocht atá go sonrach do thaistealaithe agus tugadh maoiniú dó sin tríd an Aonad um Chóiríocht do Thaistealaithe sa Roinn Oideachais. Fuarthas 2 theach soghluaiste do theaghlaigh ar bhonn éigeandála.

### Freagairt Covid-19 maidir leis an Lucht Siúil

Fóram Freagartha Chathair na Gaillimhe maidir le Covid-19 agus an Lucht Siúil i Márta. Bhí ionadaíocht ar an ngrúpa oibre idirghníomhaireachta ó Shláinte Phoiblí FSS, an tAonad um Shláinte Taistealaithe san FSS, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Gluaiseacht Taistealaithe na Gaillimhe. Bhuail an grúpa seo le chéile gach seachtain agus d'fhorbair sé caidrimh láidre chomhoibríocha d'fhonn tacaíocht éifeachtúil a thabhairt do fhreagairt chuí do riachtanais na dteaghlach den Lucht Siúil le linn Covid-19. Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an tAonad um Shláinte Taistealaithe pleananna maolaithe ar bun de réir mar is cuí. Bhí caidrimh oibre níos fearr idir Gluaiseacht Taistealaithe na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun cásanna áirithe a réiteach agus cuireadh maoiniú €6,000 ar fáil do Ghluaiseacht Taistealaithe na Gaillimhe ó Chiste Freagartha Pobail Covid-19 chun tacaíochtaí cuimsitheacha a chur ar fáil do theaghlaigh, de réir mar is gá.

Cuireadh idirghabhálacha sonraithe ar bun chun tacú le teaghlaigh i gcarbháin nach raibh rochtain acu ar áiseanna. Cuireadh rochtain ar chóiríocht éigeandála ar fáil, agus go sonrach 3 theach folamh do COPE, ar mhaithe le teaghlaigh chun feabhas a chur ar an rochtain a bhí acu ar shláintíocht. Cuireadh leithris iniompartha ar fáil do theaghlaigh óga ar fud na láithreán go léir, de réir mar ba ghá. Ceannaíodh 2 theach soghluaiste le maoiniú Covid-19 chun tacú le dhá theaghlach os cionn 65 bliain d'aois clutharú a dhéanamh. Sháraigh caiteachas ar thacaíochtaí don lucht siúil faoi bhearta Covid-19 €150,000.

## **An Clár um Thógáil agus Soláthar Caipitil Tithíochta**

### **Tascfhórsa na Gaillimhe um Thithíochta Sóisialta**

Bhuail Tascfhórsa na Gaillimhe um Thithíochta Sóisialta le chéile 5 huairé in 2020. Ba é príomhfhócas na gcrúinnithe ar fad na cláir um sholáthar tithíochta sóisialta de chuid Chomhairle Cathrach agus Comhairle Contae na Gaillimhe. Leagadh béim ar leith ar scéimeanna tithíochta nuathógtha. Ag gach cruinniú den Tascfhórsa, chuir an dá údarás áitiúil i nGaillimh an t-eolas is déanaí ar fáil faoi stádas a gclár tógála, éadála agus léasaithe, píblínite agus spriocanna soláthair a shocraítear faoi Atógáil Éireann. Sa dara leath den bhliain, rinne an Tascfhórsa measúnú ar thionchar na moilleanna a bhain le Covid-19 ar an gclár tógála agus ar an earnáil foirgníochta i gcoitinne, ó thaobh an chuid eile den bhliain de agus na píblínite soláthair i ndiaidh 2020.

Is cuid ríthábhachtach de Théarmaí Tagartha an Tascfhórsa é aghaidh a thabhairt ar easpa dídine agus pléadh é sin ag gach cruinniú den Tascfhórsa le linn na bliana. D'óstáil an Tascfhórsa plé comhstádais maidir le hEaspa Dídine mar chuid dá chéad chruinniú den bhliain in Eanáir 2020. D'fhreastail na príomhsholáthraithe seirbhíse do dhaoine gan dídean ar an bhfóram sin. Dhírigh an fóram ar na príomhcheisteanna agus na bearta tosaíochtaí atá ag teastáil chun dul i ngleic le heaspa dídine i nGaillimh.

Rinne roinnt cur i láthair os comhair an Tascfhórsa, lena áiríodh ón nGníomhaireacht Forbartha Talún agus an Gníomhaireacht Tithíochta, chomh maith le nuashonruithe mionsonraithe faoi Chlár Nua an Rialtais agus an Buiséad Tithíochta 2021 ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag a chruinnithe in 2020.



### **Ard Cré, Céim 2, Bóthar Bhaile an Mhóinín**

Tá 78 aonad tithíochta sóisialta sa scéim sin. Leanadh ar aghaidh le tógáil i rith 2020. Cuireadh moill leis an gcríochnú mar gheall gur cuireadh tógáil ar fionraí agus gur cuireadh isteach ar thógáil de bharr Covid-19. De réir an mheastacháin reatha, cuirfear na haonaid i gcrích agus tabharfar ar lámh iad in Aibreán 2021.

### **Scéim CPP (Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí) Baile na mBúrcach**

Tá an láithreán seo i mBaile na mBúrcach san áireamh i mBeartán Tithíochta Sóisialta 2 – ar beartán náisiúnta de 8 láithreán é atá á bhforbairt trí CPP a raibh an Ghníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta i mbun bainistíocht tionscadail dó. Tá 74 aonad sa scéim i mBaile na mBúrcach. Cuireadh tús leis an obair ar an láthair i Nollaig 2019. Bhíothas ag súil leis go gcríochnófar an láithreán i mBaile na mBúrcach agus go gcuirfear tionóntaí sna haonaid go déanach i ráithe 2 2021, ach is dócha go mbeidh moill éigin air sin de bharr thionchar Covid-19.

### **Garraí Beag, An Baile Bán**

Cuirfear 58 aonad tithíochta sóisialta mar chuid den scéim seo. Ceapadh an conraitheoir i Márta 2020 agus cuireadh tús le hoibreacha ar an láthair i Meitheamh 2020 tar éis na srianta tosaigh Covid-19 a bhaint. Is é an t-achar tógála atá ceadaithe 15 mhí. Beidh moill ghaolmhar ar chríochnú an tionscadail mar gheall ar Covid-19 agus táthar ag súil leis anois go dtabharfar na haonaid ar lámh i ráithe 1 2022.

### **An Caorán, Bóthar Bhaile an Mhóinín**

Fuarthas ceadú Chéim 1 Creaa Bainistíochta Oibreacha Caipitil (CBOC) don scéim seo i Meitheamh 2020. Ceapadh foireann deartha chun an tionscadal a stiúradh trí dhearadh, pleanáil, soláthar, tógáil agus aistriú. Tá forbairt deartha ar siúl. Beidh cóiríocht atá go sonrach do Thaistealaithe ina cuid den scéim seo. Táthar ag súil leis go mbeidh an fhorbairt críochnaithe roimh dheireadh na bliana 2022, faoi réir pleanála.

### **Talamh Bhóthar Áth Cinn**

Tugadh ceadú Chéim 1 CBOC le haghaidh forbairt ar an talamh seo. Ceapadh dearthóir agus tá obair á déanamh ar an dearadh



scéime i gcomhairle le rannóg Pleanála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Táthar ag súil leis go bhfoilseofar Cuid 8 i ráithe 2 2021. Moltar go gcuirfear 3 aonad cóiríochta cuí atá go sonrach do Thaistealaithe san áireamh leis an bhforbairt.

### An Cliathán, Bóthar Mhuine Mheá

Dearadh scéim don láithreán seo a chuirfidh 15 aonad ar fáil do dhaoine breacaosta agus teaghlaigh ag a bhfuil riachtanais mhíchumais. Fuarthas ceadú Chéim 2 faoi gCreat Bainistíochta Oibreacha Caipitil (CBOC) i Lúnasa 2020 agus ina dhiaidh sin fuarthas cead Chuid 8 ag Gnáthchruinniú na Comhairle i Nollaig. Tá an próiseas ar siúl chun conraitheoir a fháil agus táthar ag súil leis go gcuirfear tús le tógáil i ráithe 2 2021 agus go gcríochnófar é i ráithe 4 2022.

### Scéim Choillte Mhuirlinne

Fuarthas ceadú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le haghaidh scéim tithíochta inacmhainne/sóisialta in éineacht ar thailte in aice leis an eastát Coillte Mhuirlinne. Tá thart ar 100 aonad beartaithe mar chuid den scéim seo agus tá 80% le cur ar fáil le haghaidh ceannach inacmhainne. Fuarthas ceadú le haghaidh Maoiniú Láithreáin Seirbhíse don láithreán seo agus beidh go leor maoinithe ar fáil chun díolachán inacmhainne a éascú. Táthar ag súil leis go bhfoilseofar Cuid 8 i dtaca leis an bhforbairt bheartaithe seo i ráithe 2 2021.

### Scéimeanna Lándéanta

Fuarthas forbairt ina bhfuil 54 aonad ar Bóthar Mhuine Mheá (Radharc na Gréine) mar cheannach lándéanta in 2018. Tá an scéim á soláthar ar bhonn céimnithe. Críochnaíodh 22 aonad in 2019, 28 in 2020 agus beidh na 4 aonad eile críochnaithe roimh ráithe 1 2021. Fuarthas **ceadú** freisin chun 53 aonad a fhorbairt ar Bhóthar Mhuirlinne/Bóthar an Chósta (Garraí Caol). Soláthrófar na haonaid sin in 2 chéim ar leith agus táthar ag súil leis go ndéanfar sin in 2022.

### Éadálacha agus Cuid V

Críochnaíodh 32 éadail tí in 2020. Cheannaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe 25 díobh go díreach. Ba iad na haonaid eile 4 éadail Gníomhaireachta Tithíochta, 2 éadail go sonrath do Thaistealaithe agus 1 éadail Ceannaigh agus Athnuachana. Rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe iniúchadh ar 23 áit chónaithe eile agus níor tugadh

ar aghaidh iad ar chúiseanna éagsúla mar chuid den phróiseas díchill chuí a bhíonn ag teastáil. Tháinig méadú breise ar ghníomhaíocht



Chuid V agus chuaigh an rannóg Tithíochta i mbun plé i dtaca le roinnt tionscadal Chuid V le haghaidh láithreáin agus scéimeanna éagsúla. De réir idirbheartaíochta le forbróirí tá 100+ aonad Chuid V eile le cur ar fáil sa tréimhse 2021-2023, aonad a bhfuil cead pleanála acu. Síníodh comhaontuithe foirmiúla le haghaidh 30 aonad in 2020.

## Soláthar Tithíochta ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCT)

Sholáthair CCTanna tithé i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe in 2020 in áiteanna éagsúla ar fud na Cathrach. Is iad na príomhshruthanna maoinithe atá ar fáil an Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC) agus Saoráid Léasaithe Réamhchaipitil (CALF).

**Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC)**Tá Tionscadail SCC sa tábla thíos, tionscadail ar cuireadh tús leo, atá ar siúl nó ar cuireadh deireadh leo in 2020.

CCT	Áit	Tionónta Catagóir	Tógáil/Éadáil	Líon aonad	Stádas
Cumann Tithíochta Peter Triest	Cúl Garraí, Rathún	Míchumas	Tógáil	6	Ceadú Chéim 4 (le tosú in 2021)
Clann Shíomóin na Gaillimhe	Rian Luachra	Gan Dídean	Éadáil	1	Curtha i gcrích
Clann Shíomóin na Gaillimhe	An Cimín Mór	Gan Dídean	Éadáil	1	Curtha i gcrích
Clann Shíomóin na Gaillimhe	Gleann na Trá	Gan Dídean	Éadáil	1	Curtha i gcrích
Clann Shíomóin na Gaillimhe	Cill Ard	Gan Dídean	Éadáil	1	Curtha i gcrích
Clann Shíomóin na Gaillimhe	Túr Uisce	Gan Dídean	Éadáil	1	Curtha i gcrích
Clann Shíomóin na Gaillimhe	Garraí Coirce	Gan Dídean	Éadáil	1	Curtha i gcrích
Clann Shíomóin na Gaillimhe	Drom Ard	Gan Dídean	Éadáil	1	Curtha i gcrích
Clann Shíomóin na Gaillimhe	Bridgewater Court	Gan Dídean	Éadáil	1	Curtha i gcrích
COPE na Gaillimhe	Rosán Glas	Gan Dídean	Éadáil	1	Curtha i gcrích
Iontaobhas Peter McVerry	Túr Uisce	Gan Dídean	Éadáil	1	Curtha i gcrích
Iontaobhas Peter McVerry	Túr Uisce	Gan Dídean	Éadáil	1	Curtha i gcrích

### Saoráid Léasaithe Réamhchaipitil (CALF)

Baineann an tSaoráid Léasaithe Réamhchaipitil le comhlacht tithíochta faofa a fhaigheann 70% ar a laghad de mhaoiniú príobháideach chun aonaid a fháil le tithíocht shóisialta a chur ar fáil, agus cuireann an Roinn suas le 30% den mhaoiniú eile a theastaíonn ar fáil mar Réamhíocaíocht Caipitil tríd an údarás áitiúil. Socraíonn an t-údarás áitiúil Comhaontú Íocaíochta agus Infhaighteachta fadtéarmach leis an gComhlacht Ceadaithe Tithíochta mar a fhaomhann an Roinn é agus bíonn cearta ainmniúcháin 100% aige maidir le tionóntaí na n-aonad. Léiríonn an tábla thíos na comhaontuithe CALF a críochnaíodh in 2020.

Áit	Líon aonad	CCT	Costas iomlán na n-aonad	Caipiteal a Réamhíoctar (%)	Íocaíocht agus tréimhse infhaighteachta	Stádas
An Caisleán Gearr, Gaillimh	81	Cumann Tithíochta Respond	€22,037,634	€6,611,290	30 bliain	<ul style="list-style-type: none"> <li>• 10 críochnaithe in 2019</li> <li>• 71 críochnaithe den chuid ba mhó in 2020 – leithdháileadh le déanamh i ráithe 1 2021</li> </ul>
An Caisleán Gearr, Gaillimh	15	Cumann Tithíochta Respond	€4,820,359	1,397,904	27 bliain	<ul style="list-style-type: none"> <li>• 7 críochnaithe in 2019</li> <li>• Na 8 n-aonad fágtha críochnaithe in 2020</li> </ul>
Cathair na Gaillimhe Thoir	19	Cumann Tithíochta Clúid	€6,900,000	€1,656,000	30 bliain	<ul style="list-style-type: none"> <li>• 9 críochnaithe den chuid ba mhó in 2020 – leithdháileadh le déanamh i ráithe 1 2021</li> <li>• Iarmhéid na n-aonad le críochnú i ráithe 1 2021</li> </ul>
Cathair na Gaillimhe Thoir	11	Cumann Tithíochta Tuath	€2,585,000	€180,950	25 bliain	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Aonaid críochnaithe i ráithe 4 2020</li> </ul>

## **An Clár um Cothabháil agus Uasghrádú Tithe**

### **Ionaid Réadmhaoine Fhoilmhe a Fháil ar Ais**

Tugadh 85 aonad folamh ar ais in 2020, roinnt tithe a bhí folamh go fadtéarmach san áireamh. Níor tugadh thart ar 43 aonad folamh den stoc foriomlán ar ais (gan tithe atá folamh go fadtéarmach a chur san áireamh), arbh ionann é sin agus ráta folúntas de go díreach faoi 1.5%. Tá 10 dteach eile ann atá folamh go fadtéarmach a bhfuil cláir oibre shonracha pleanáilte dóibh in 2021. Tá sé mar aidhm an ráta folúntas a choinneáil ag 1.5% nó faoina bhun ar bhonn leanúnach amach anseo. Leanadh ar aghaidh le hoibreacha chun tionóntacht a athrú nuair a bhí srianta Covid-19 i bhfeidhm i gcomhréir leis na prótacail sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm.

Faomhadh maoiniú arbh fhiú €1.1m san iomlán é in 2020 faoi dhá scéim ar leith: €122,757 faoi phacáiste speisialta Covid-19 a chuirtear ar fáil le haghaidh oibreacha chun aonaid a chur ar fáil chun críocha féinaonraithe, agus €978,500 faoin gClár Spreagtha i mí Iúil. Tarraingíodh €964,607 anuas san iomlán faoi dheireadh na bliana 2020. Bhí tairbhe ag baint leis an maoiniú breise mar cuireadh dlús leis an laghdú ar líon na dtithe folmha, i dtreo na sprice fadtéarmaí, is é sin 1.5%.

### **An Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh**

Tá oibreacha Chéim 1 Éifeachtúlachta Fuinnimh ar ionaid réadmhaoine de chuid na Comhairle ag teastáil le haghaidh 250 ionad réadmhaoine. Críochnaíodh 100 ionad réadmhaoine in 2020 agus táthar ag súil leis go mbeidh na hoibreacha ar fad críochnaithe roimh ráithe 2 2021, faoi réir srianta Covid-19. Cuireadh isteach ar mhaoiniú arbh fhiú €291,000 é chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht in Iúil 2020. Is leor an leibhéal maoinithe sin chun oibreacha Chéim 1 a chlúdach, insliú balla cosanta, insliú áiléir agus aerú san áireamh. Cuireadh aláráim teasa, deataigh agus aonocsaíde carbóin agus srianta sábháilteachta fuinneoige ar fáil mar chuid den phacáiste freisin, cé nár cuireadh maoiniú ar fáil dóibh tríd an gclár Éifeachtúlachta Fuinnimh.

Cuirfear tús le hoibreacha mar chuid de chéim 2 den chlár Éifeachtúlachta Fuinnimh in 2021 tar éis próiseas soláthair a chur ar siúl chun conraitheoirí oiriúnacha a mhealladh. Cheadaigh an Roinn Tithíochta maoiniú ar fiú €2,455,500 le haghaidh na gcéimeanna ar fad de na hoibreacha Ais-suiteála Fuinnimh in 2021. Clúdaíonn céim 2 den chlár Éifeachtúlachta Fuinnimh insliú seachtrach le haghaidh ionaid réadmhaoine ag a bhfuil ballaí maischoinréite (de ghnáth aonaid ó roimh 1950), fuinneoga agus doirse aonghlóinithe a athsholáthar, coirí reatha agus na córais teasa lena mbaineann a athsholáthar, agus i gcásanna áirithe líon teoranta aonad a aisfheistiú go cuimsitheach.

Bhí an togra a cuireadh isteach chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe bunaithe ar mheasúnú na riachtanas thar an stoc tithíochta ar fad agus cuireadh na réimsí

tosaíochta go léir san áireamh. Tá na hoibreacha incháilithe ar fad a aithnítear thuas san áireamh i roinnt áiteanna ar fud an limistéir feidhme.

## **An Clár Tacaíochta Iarthiontacht agus Iasachtaí Tithíochta**

### **Bainistíocht Eastáit**

Is é Comhairle Cathrach na Gaillimhe príomhsholáthraí na tacaíocht tithíochta sóisialta i gCathair na Gaillimhe. Tá an Chomhairle freagrach as os cionn 2,400 tionóntacht a bhainistiú, tionóntachtaí atá lonnaithe ar fud na 160+ eastát sa Chathair. Is príomhaidhm na rannóige Tithíochta é na tionóntachtaí agus na heastáit tithíochta lena mbaineann a bhainistiú mar is ceart.

Fostaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe 3 Oifigeach Idirchaidrimh Eastáit Tithíochta agus bíonn siad le feiceáil sna heastáit. Pléann siad le bainistíocht eastáit, iompraíocht fhrithshóisialta agus forfheidhmiú tionóntachta agus oibríonn siad chun a chinntiú go mbíonn taithí níos fearr ag daoine a chónaíonn in eastáit údaráis áitiúil. I measc na bhfeidhmeanna sonracha atá acu, cuireann siad comhairle agus oiliúint maidir le tionóntachtaí ar fáil, tugann siad tacaíochtaí do chumainn chónaitheoirí agus imscrúdaíonn siad gearáin a bhaineann le sárú tionóntachta agus/nó iompraíocht fhrithshóisialta. Sa bhliain 2020, d'oibrigh an Fhoireann Bainistíochta Eastáit i gcomhar le rannóga eile i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus le grúpaí agus gníomhaireachtaí eile sa Chathair, An Garda Síochána san áireamh. Bhí líon teoranta tionscadal forbartha pobail ar siúl in 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19, ach lean an fhoireann de bheith ag plé le grúpaí cónaitheoirí agus le tionóntaí aosta agus níos leochailí. Cuireadh tacaíocht, cúnaimh agus comhairle ar fáil.

### **Iompraíocht Fhrithshóisialta**

Táthar ag dul i ngleic le hiompraíocht fhrithshóisialta agus sáruithe tionóntachta de réir Bheartas Iompair Fhrithshóisialta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. I bhformhór na gcásanna, réitítear cásanna le rabhaidh ó bhéal, comhoibriú idir gníomhaireachtaí éagsúla agus/nó idirghabháil. Más sárú dáiríre ar thionóntacht atá ann, eisítear rabhaidh thionóntachta reachtúla agus cuirtear tús le himeachtaí dlíthiúla le haghaidh ordú sealbhaithe ina dhiaidh sin. In 2020, ghlac an rannóg Tithíochta páirt ghníomhach san Fhochoiste Comhphóilíneachta maidir le hIompraíocht Fhrithshóisialta agus d'oibrigh siad leis an nGarda Síochána i dtaca le cosc ar an gcoireacht agus iompraíocht fhrithshóisialta a laghdú in eastáit tithíochta Comhairle.

### **An Scéim Ceannaigh (Incrimintigh) do Thionóntaí**

Fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe 241 iarratas faoin Scéim Ceannaigh (Incrimintigh) do Thionóntaí 2016. Astu siúd, measadh go raibh 106 iarratas incháilithe le dul ar aghaidh go céim na litreach tairisceana. Faoi dheireadh na bliana 2020, dhíol Comhairle Cathrach na Gaillimhe 34 áit chónaithe faoin Scéim Ceannaigh (Incrimintigh) do Thionóntaí 2016.

### Iasachtaí Tithíochta

Is scéim morgáiste le tacaíocht an Rialtais é Iasacht Tí Atógáil Éireann atá ar fáil go náisiúnta ó na húdaráis áitiúla ar fad. Tairgeann Comhairle Cathrach na Gaillimhe morgáistí de chóimheas 90% idir iasacht agus luach suas go huasluach réadmhaoine €320,000 i nGaillimh. Sa bhliain 2020, leithdháileadh €3,090,319 ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le haghaidh ceadú iasachta nua faoin scéim. Fuarthas 46 iarratas ar iasacht in 2020, agus faomhadh 16 díobh. Ba é a luach iomlán na morgáistí faofa €2,794,300. Chuaigh 5 iarratasóir ar aghaidh agus tharraing siad a morgáiste anuas in 2020. Fuarthas 196 iarratas faoin Scéim Iasacht Tí Atógáil Éireann ó seoladh í i bhFeabhra 2018.

Faomhadh 74 iarratas iasachta, ar fiú €12,973,786 iad ar an iomlán. Bhain 14 díobh leis an Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí, trínar tugadh maoiniú do thionóntaí chun an áit chónaithe a bhí ar cíos acu a cheannach ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tharraing iarratasóirí 37 de na hiasachtaí ceadaithe sin anuas, ar fiú €5,529,186 ar an iomlán iad.

### Cíosanna agus Aistrithe Tithíochta

Leanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe de chuntais chíosa a bhainistiú agus a choimeád le haghaidh níos mó ná 2,300 tionóntacht sa chathair. Rinneadh cíosanna a áireamh arís chun athruithe ar chomhdhéanamh teaghlaigh nó ioncam teaghlaigh a léiriú, i gcomhréir le Scéim Cíosanna Dífreálacha na Comhairle 2019.

### Deontais Tithíochta – Oiriúnú, Áiseanna Soghluaisteachta & Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

Cuireadh 186 deontas oiriúnaithe tithe i gcrích faoi na scéimeanna deontais Oiriúnaithe Tithe, Áiseanna Soghluaisteachta agus Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta in 2020. B'ionann an caiteachas iomlán ar scéimeanna deontais agus €1,087,189.

Deontas	Iomlán críochnaithe	Iomlán íocaíochtaí
Deontas um Oiriúnú Tithe (DOT)	65	€495,106.65
Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta (TDS)	101	€524,776.43
Deontas um Chúnamh Gluaiseachta (DCG)	20	€67,306.09
<b>Iomlán</b>	<b>186</b>	<b>€1,087,189.17</b>

Anuas ar na deontais phríobháideacha, cuireadh oibreacha oiriúnaithe i gcrích ar 29 áit chónaithe údaráis áitiúil eile ar chostas iomlán de €228,132.

Stoc Údaráis Áitiúil HGD	Iomlán críochnaithe	Iomlán íocaíochtaí
(HGD Údaráis Áitiúil)	29	€228,132

### Rialú Foirgníochta agus Caighdeán Íosta

Áirítear leis an gclár Rialaithe Foirgníochta athbhreithniú agus scrúdú ar fhoirgnimh nua agus reatha, ag féachaint do na Rialacháin Foirgníochta. Áirítear leis an athbhreithniú agus scrúdú Iarratais ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteáin, Fógraí

Tosaithe, iarratais ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus iarratais ar Dheimhniú Comhréireachta ar Chríochnú a eisítear faoin gCóras Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta. Tá achoimre ar líon iomlán na bhfógraí, deimhnithe agus iniúchtaí in 2020 sa tábla thíos:

<b>Fógraí, iarratais, deimhniúcháin agus iniúchtaí</b>	<b>Líon</b>
Fógraí Bailí Tosaithe	184
Iarratais bhailí ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteáin	186
Teastais Bhailí Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas	96
Iarratais Bhailí ar Dheimhniú Comhréireachta ar Chríochnú	86
Iniúchtaí Rialaithe Foirgníochta	25

### **Iniúchtaí maidir le Caighdeáin Íosta**

Den chuid ba mhó, dhírigh na hiniúchtaí maidir le caighdeáin íosta in 2020 ar ionaid réadmhaoine a fhaigheann íocaíochtaí faoin scéim ÍCT. Is riachtanas é go ndéantar iniúchadh ar gach ionad réadmhaoine ó thaobh comhlíontachta de laistigh de thréimhse ama fhorordaithe ó thús na tionóntachta. Déantar iniúchadh ar ionaid réadmhaoine san earnáil phríobháideach chiosa i gcoitinne mar fhreagairt do ghearáin shonracha. Chuir srianta Covid-19 isteach go mór ar na hiniúchtaí fisiciúla a dhéanann iniúcháirí ar chóiríocht ar cíos. Mar chuid de leibhéal a 4 agus a 5 de Phlean an Rialtais maidir le Maireachtáil le Covid-19, níor ligeadh cuairteoirí isteach i dtithe príobháideacha.

<b>Iniúchtaí, ionaid réadmhaoine chomhlíontacha, litreacha agus fógraí eisithe</b>	<b>Líon</b>
Iniúchtaí a rinneadh	411
Ionaid réadmhaoine a chomhlíonann na caighdeáin go hiomlán	12
Litreacha Feabhsúcháin a eisíodh	540
Fógraí Feabhsúcháin a eisíodh	52

### **An Clár um Ionchuimsiú Sóisialta**

Clúdaíonn ról an Oifigigh um Ionchuimsiú Sóisialta ról an Oifigigh Rochtana do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is príomhfheidhm an róil é cúrsaí rochtana a chur chun cinn ar fud na Cathrach agus is cuid lárnach é comhordú an Ghrúpa um Rochtain do Chách. Is grúpa é Rochtain do Chách na Gaillimhe ar a bhfuil ionadaithe agus abhcóidí ó gach cearn den earnáil mhíchumais i nGaillimh. Freastalaíonn an tOifigeach um Ionchuimsiú Sóisialta ar chruinnithe míosúla agus déanann an tOifigeach caidreamh leis an rannóg ábhartha i gComhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le gníomhartha atá le déanamh.

D'eisigh an Ghníomhaireacht Tithíochta treoirínte maidir le Measúnú agus Próiseas Leithdháilte i nDáil le Tithíocht Shóisialta a Sholáthar do Dhaoine faoi Mhíchumas Tá sé de chuspóir ag na treoirínte cabhrú leis an bhfoireann tosaigh sna húdaráis áitiúla leis an bpróiseas measúnaithe agus leithdháilte. Tugtar forléargas iontu freisin ar na ceisteanna a théann i bhfeidhm go sonrach ar obair laethúil na ndaoine sna húdaráis Áitiúla a bhíonn ag plé le: measúnú ar fhoirmeacha iarratais ar thacaíocht tithíochta sóisialta, liostaí feithimh a bhainistiú agus réadmhaoine a leithdháileadh.





Bhí an lá feasachta #MakeWayDay ar siúl i Meán Fómhair. Chomhóstáil Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhar le Rochtain do Chách, Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe, Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe agus Cónaidhm na hÉireann um Míchumas, imeacht ar líne chun éisteacht le heispéiris na ndaoine faoi mhíchumas faoi chúrsaí rochtana sa Chathair. Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe físeán gearr inar tarraingíodh aird ar an tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith ag constaicí nach rabhtas ag súil leo, cosúil le carranna atá páirceáilte ar chosáin, ar dhaoine faoi mhíchumas. Seoladh an físeán seo ag an imeacht ar líne 'Make Way Galway' agus chuir na heagraíochtaí ar fad a bhí páirteach sa tionscnamh chun cinn go forleathan, trí ardáin meán sóisialta éagsúla san áireamh.



## Iompar agus Bonneagar

*Is é cuspóir na rannóige Iompair agus Bonneagair líonra bóithre agus iompair a bheidh sácháilte agus éifeachtach a sholáthar, a bhainistiú agus a choimeád agus oibriú i gcomhar le soláthróirí iompair phoiblí agus le gníomhaireachtaí eile chun beartais iompair chomhtháite agus inbhuanaithe a fhorbairt.*

### Foireann Soghluasteachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

I Márta 2020, tháinig athrú tobann ar an saol mar a thuigimid é. Chuaigh paindéim Covid-19 i bhfeidhm orainn go léir, go háirithe maidir leis an gcaoi ar oibríomar agus ar chasamar ar a chéile. Bhí tionchar an-mhór aige ar ár gcóras iompair, a raibh leibhéil iompair i bhfad níos lú agus pátrúin athraithe ghluaiseachta ann dá mbarr. Chun éascaíocht a dhéanamh ar na pátrúin taistil nua agus ar riachtanais maidir le scaradh sóisialta, rinneadh roinnt de na bóithre, cosáin agus spásanna áineasa sa Chathair a athdháileadh.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus chun riachtanais na bpáirtithe leasmhara go léir a shásamh ar bhealach cothrom, comhtháite agus comhordaithe, bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe Foireann Soghluasteachta



na Cathrach, ar foireann idir-rannóige é a bhfuil an rannóg Iompair i gceannas uirthi. Ba é ról na Foirne bearta praiticiúla soghluaisteachta sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma a phlé agus a chomhaontú, tar éis dul i gcomhairle go réamhghníomhach le gach páirtí leasmhar agus cluas éisteachta a thabhairt dóibh go léir. Fuarthas os cionn 1,400 aighneacht i samhradh 2020. Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe

iarratas isteach ar fhaomhadh le haghaidh tionscadal ar fiú os cionn €4.4 milliún iad agus fuarthas an faomhadh sin. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a chuireann an maoiniú ar fáil trí chlár maoinithe Covid-19 agus maoiniú Spreagtha chun bearta dinimiciúla sealadacha a sholáthar chun tacú le taisteal gníomhach agus scaradh sóisialta.

I measc na dtionscnamh atá á gcur ar aghaidh ag an bhFoireann tá:

- Stadanna bus, stadanna tacsáí agus bá lódála san Fhaiche Mhór – baineadh an phábháil agus cuireadh asfalt clóite ina áit agus athnuadh marcáil líne.
- Rinneadh 7.2 ciliméadar de lánaí rothar ó Acomhal an Bhaile Bháin ar an N6 go dtí Timpeallán na mBrúnach a athnuachan.
- Cuireadh isteach cnaipí gan tadhaill ar thrasrianta coisithe san Fhaiche Mhór.
- Cuireadh dromchlaí nua ar acomhail sa Chathair chun caighdeán na ndromchlaí agus sábháilteacht do rothaithe a fheabhsú.
- Cuireadh cosán nua ann ar Shráid Dhoimnic Uachtarach.
- Cuireadh dromchla nua ar an tSráid Ard agus ar Shráid na Céibhe.
- Soilsiú poiblí ag áiteanna cosúil leis an bPáirc Theas, An Charraig Dhubh, na Plotaí, Barr an Chalaigh, an Sruthán Thiar go dtí Bóthair Bhaile an Mhóinín, Fearann na Manach go dtí Lána Fhearann Dara (Bóthar na Trá) agus lán ó Dhabhach Uisce g dtí Bóthar an Chósta
- An tSráid Thrasna a áirithiú do choisithe.
- Cosán Páirceála agus Siúil a bhfuil teacht air trí Choillte Bhearna chun Páirc na Ceapaí agus Trá na gCeann.
- Deais Soghluaisteachta na Gaillimhe.
- Páirceáil rothar ar an tsráid.
- Scáthlám bus.
- Ceadúnas sealadach Bord agus Cathaoireacha a thabhairt isteach don earnáil fáilteachais.
- Páircíní agus páirceáil rotha saincheaptha a dhearadh.
- Seoladh Páirceáil agus Siúil arís nuair a bhí leanaí ag dul ar scoil arís i gCathair na Gaillimhe. Eisíodh os cionn 420 cead i Lúnasa agus Meán Fómhair amháin. Is féidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí clárú ar [www.galwaycity.ie/parkandstride](http://www.galwaycity.ie/parkandstride).
- Tús a chur le hobair ar Dhroichead Wolfe Tone agus Droichead Iarnród an Chlocháin do Choisithe agus Rothaithe, agus
- Treoirlínte maidir le scuainí a fhorbairt do ghnóthaí a bhí ag oscailt arís i samhradh 2020.

### **Páirceáil Rothar**

Sa bhliain 2020, shuiteáil Comhairle Cathrach na Gaillimhe 296 spás nua le haghaidh rothair a pháirceáil ar an tsráid – ar méadú 28% é sin ar 2020. Is seastáin Sheffield iad níos mó ná 95% de na spásanna páirceála rothar a chuirtear ar fáil. Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe seastáin aonair ar fáil má tá spás teoranta agus má aithníodh éileamh ar pháirceáil rothar, mar shampla ar an gcosán os comhair Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh.

### **Soilsiú Poiblí**

Soláthraíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe soilsiú poiblí do limistéar riaracháin Chathair na Gaillimhe agus déanann sí cothabháil air. Tá thart ar **9,500** solas poiblí faoi smacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar an iomlán. Thug Comhairle

Cathrach na Gaillimhe conradh do Electric Skyline Ltd. chun gnáthchothabháil a dhéanamh ar shoilsiú poiblí agus chun clár uasghrádaithe LED a chur i bhfeidhm. De bharr an chlár sin, tiocfaidh laghdú níos mó ná 50% ar astaíochtaí CO<sub>2</sub>, ar chostas fuinnimh agus ar riachtanais chothabhála an infreastruchtúir soilsithe poiblí.

Bhí Comhairle Cathrach na Gaillimhe an-réamhghníomhach agus léirigh sí a tiomantas chun torthaí fuinnimh agus comhshaoil níos fearr a bhaint amach trí infheistíocht a dhéanamh i Soilsiú LED atá tíosach ar fhuinneamh agus

trí Electric Skyline Ltd. a fhostú chun na Lóchrainn Soilsithe Poiblí atá ann cheana a uasghrádú go teicneolaíocht LED in áiteanna éagsúla ar fud na Cathrach. Sa bhliain 2020, rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe os cionn 2000 ceann lampa a uasghrádú go cinn lampa LED atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de. Dá bharr sin, tháinig laghdú 300 tonna CO<sub>2</sub> ar astaíochtaí bliantúla.

Ar dheis: Uasghrádú Thimpeallán Chúil Each



### **An Clár um Scáthlán Bus**

Cuireadh 18 scáthlán bus i gcrích in 2020. Is príomhthosaíocht do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe é iompar poiblí inrochtana a sholáthar. I measc thairbhí an tionscadail tá:

- Rochtain i bhfad níos fearr do chathaoireacha a sholáthar
- Eispéireas agus compord na bpaisinéirí a fheabhsú
- Acmhainneacht chun cláir Faisnéise Fíor-ama do Phaisinéirí a shuiteáil
- Paisinéirí a choinneáil tirim fad atá siad ag fanacht ar an mbus – bíonn sé ag cur báistí 232 lá sa bhliain i nGaillimh.



### **Eastáit a Ghlacadh ar Láimh**

Sa bhliain 2020, thóg Comhairle Cathrach na Gaillimhe an fhorbairt tithíochta Ard na Coille ar láimh agus tá roinnt eastát ar fud na Cathrach á Ghlacadh ar Láimh aici faoi láthair. Táimid fós i mbun plé le forbróirí agus sealbhóirí banna árachais chun na caighdeáin íosta a chur i bhfeidhm d'fhonn na heastáit tithíochta sin a ghlacadh ar láimh.

## Cothabháil Droichead

Bhí clár cothabhála droichead ar siúl i rith na bliana 2020. Tugadh faoi oibreacha chun fásra a bhaint de roinnt droichead i lár na Cathrach, Droichead na mBradán san áireamh.

## N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe, mar an príomhúdarás, isteach ar fhaomhadh ón mBord Pleanála don Chuarbhóthar beartaithe. Tá thart ar 18 km de bhonneagar bóithre i gceist leis an bhforbairt bheartaithe bóthair, ó acomhal nua leis an R336 siar ó Bhearna go dtí an N6 mar atá soir ó Chathair na Gaillimhe ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise. Seirbheáladh fógraí ar na húinéirí tí agus úinéirí talún a mbeartaítear tailte a fháil uathu chun Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6 a thógáil. Críochnaíodh an Éisteacht ó Bhéal in 2020.

## Lárionad Bainistíochta Tráchtá Uirbigh

Rinneadh cothabháil leanúnach ar an Lárionad Bainistíochta Tráchtá Uirbigh agus ar threalamh comharthaíochta tráchtá, lena n-áirítear CCTV, Comharthaí Teachtaireachtaí Inathraithe agus Córas Treorach Páirceála, arís sa bhliain 2020. Tá conradh nua 4 bliana déanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe le Elmore Group chun an Lárionad agus an chomharthaíocht tráchtá a choimeád ar siúl.



## Seachtain Rothaíochta na Gaillimhe

Mar gheall ar shrianta Covid-19, cuireadh Seachtain Náisiúnta na Rothar i Meitheamh 2020 agus athsceidealaiódh é don tseachtain ó 19 go 27 Meán Fómhair 2020. Cuireadh imeachtaí na bliana seo ar siúl i gcomhréir leis na srianta a bhí i bhfeidhm ag an am tar éis bearta nua Covid-19 a thabhairt isteach. Chuir an Chomhairle Cathrach fáilte roimh na grúpaí nua ar fad a tháinig ar smaointe faoi conas is féidir dul ar aghaidh le Seachtain na Rothar, a bhí ar siúl ag an am céanna le Seachtain na Soghluaiasteachta i mbliana. Bhí na himeachtaí sin nuálach agus bhí fáilte rompu. Áiríodh leo den chéad uair roinnt imeachtaí fíorúla, Tri Talking Sport, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Grúpa Oibre Rothaíochta Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, san áireamh.



## **An Clár Píolótach um Shráideanna Scoile**

Chuaigh páistí scoile agus tuismitheoirí ó Scoil Iognáid i gCathair na Gaillimhe ar na sráideanna Dé Luain an 30 Samhain 2020 chun comóradh a dhéanamh ar an gcéad chlár píolótach le haghaidh Sráideanna Scoile a thástáil i nGaillimh. Is éard is 'Sráid Scoile' ann bóthar taobh amuigh de scoil a mbíonn cosc sealadach ar thrácht innealta i bhfeidhm air nuair a fhágtar daltaí ag an scoil agus nuair a phioctar suas iad. Cruthaíonn siad spás níos sábháilte níos suaimhní do leanaí, tuismitheoirí agus cónaitheoirí chun siúl, dul ar sciútar nó dul ar rothar. Sheol Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard, agus Hildegard Naughton T.D. ón Roinn Iompair an clár píolótach. Tháinig na céadta teaghlach le chéile chun an chéad tionscadal Sráideanna Scoile i lár cathrach in Éirinn a chruthú. Tá maoiniú á chur ar fáil don tionscadal seo ón Údarás Náisiúnta Iompair. Tá an clár á chur ar fáil le tacaíocht ó Chlár Taistil na Scoileanna Glasa, An Garda Síochána agus an pobal scoile i gcoitinne. Mar chuid den tionscadal píolótach, tá Sraith Phailmíre, Ascaill Phailmíre agus Sraith Raleigh sainithe do choisithe ó Dé Luain 30 Samhain le linn amanna bailithe agus fágála scoile (Luan go hAoine, 8.15 a.m. go dtí 9.15 a.m. agus 1.15 p.m. go dtí 2.45 p.m., i rith na dtéarmaí scoile amháin). Beidh fáil ag daoine áitiúla ar a dtithe le linn na n-amanna sin, chomh maith le rothaithe nó sealbhóirí 'suaitheantais ghoirm' atá ag dul chun na scoile. Leanfar an clár píolótach ar aghaidh in 2021.



## **Forfheidhmiú Páirceála**

Sa bhliain 2020 lean Maor Phobail ar aghaidh treoirlínte an Rialtais maidir le Covid-19 a chomhlíonadh. Breathnaíodh ar fhorfheidhmiú páirceála mar sheirbhís riachtanach sa tréimhse sin go fóill. Le linn an ama sin, dhírigh na Maor ar fheithiclí a bhí páirceáilte go neamhdhleathach, páirceáil mhídhleathach i mbánna lódála, ar línte buí dúbailte, cosáin, glanbhealaí agus bánna do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh. B'ionann líon na bhfógraí pionóis socraithe a eisíodh in 2020 agus 15,543, i gcomparáide le 19,459 in 2019.

## **Maor Scoile**

Soláthraítear seirbhís na Maor Scoile do 14 Bhunscoil sa Chathair, i roinnt áiteanna ainmnithe. Cuidíonn an tseirbhís a chuirtear ar fáil le daltaí bunscoile an bóthar a thrasnú go sábháilte agus iad ag déanamh a mbealaigh chun na scoile. Chun go bhféadfaid siad a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach, bíonn gá le comhoibriú ó na húsáideoirí ar fad ar an mbóthar. D'fhostaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe 21 Maor Scoile lánaimseartha agus Maor Scoile ionadaí amháin in 2020. D'oibrigh na Maor Scoile in 2020 chun cloí le treoirlínte an rialtais agus le srianta Covid-19.

## **An Clár Oibreacha Bóthair**

Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh lena gclár cothabhála le haghaidh gréasán bóithre na Cathrach. Cuireadh dromchla nua ar níos mó ná 14 chiliméadar

de ghréasán bóithre na Cathrach in 2020. Áiríodh leis sin roinnt de na bealaí ar a bhfuil na leibhéil is airde tráchta, cosúil leis an N6 Bóthar na dTreabh, Droichead Quincentenery, Bóthar an Chlochán N59, R338 Bóthar Bhaile Átha Cliath agus R446 ó Thimpeallán na Máirtíneach go teorainn an chontae. Anuas air sin, cuireadh lánaí rothar nua in áit 9.6 ciliméadar de lánaí rothar atá ann idir Acomhal an Bhaile Bháin agus Timpeallán na mBrúnach. Leanadh den obair athdhromchlaithe bóthair ar aghaidh lenár gclár deisiúcháin agus athsholáthair cosán agus rinneadh deisiúcháin cosán ar go leor áiteanna ar fud na Cathrach. Bhí criú tiomnaithe cothabhála draenála agus silteáin ag na Criúna Oibríochtaí a bhí ag obair ar fud na Cathrach lena chinntiú nach raibh ach líon teoranta linnte uisce agus tuilte le linn imeachtaí báistí troma. Chomh maith le cothabháil, sainaitníodh roinnt áiteanna a dteastaíonn tuilleadh oibreacha uathu chun bacainní draenála mar fhréamhacha crainn, cliseadh píopaí agus claiseanna maothaithe blocáilte a ghlanadh.

### **Athshlánú Limistéar Coisithe i Lár Chathair na Gaillimhe**

Cuireadh oibreacha Chéim 3 d'Athshlánú Sráide agus Uasghrádú Draenála i gcrích i mBealtaine 2020 (The Four Corners go dtí Brown Thomas) Limistéar Coisithe – cuireadh an conradh le haghaidh Mullaird Uathoibríthe a Athsholáthar i gcrích in 8 n-áit. Tá mullaird i bhfeidhm ag an mbealach isteach agus an bealach amach den Limistéar Coisithe. Cuirfear tús leis an gcéad chéim eile d'Athshlánú Limistéar Coisithe Lár na Cathrach in 2021.

### **Suirbhéanna Tráchta**

Tugadh faoi shuirbhéanna bliantúla ar thrácht ag roinnt áiteanna i Samhain 2020. Mar chuid de na suirbhéanna tráchta comhaireadh líon na bhfeithiclí a casadh, líon na nasc, rinneadh suirbhé ar fhad na scuainí agus rinneadh suirbhéanna ar am turais. Baineadh úsáid as na suirbhéanna bliantúla mar eolas do na tionscadail chaipitil atá ar siúl sa Chathair. I mbliana, tá léiriú ar na srianta a bhí i bhfeidhm mar gheall ar Covid-19 agus éifeachtaí na srianta sin ar ghluaiseachtaí tráchta sa Chathair i dtorthaí na suirbhéanna tráchta.

### **Ullmhúchán le haghaidh Cuairt Ríoga i Márta 2020**

Tugadh faoi dheisiúchán cosán ar Shráid an Phríomhgharda agus Sráid na Cille mar ullmhúchán do chuairt an Duke agus an Duchess of Cambridge i Márta 2020, mar chuid den chomóradh ar Ghailimh mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa. Baineadh bríci agus cuireadh dromchla sealadach asfalt ina n-áit chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna bailithe uisce agus an riosca go dtitfidh daoine gar don chuairt bheartaithe a bhaint.

### **Tionscadail Chaipitil**

#### **Droichead na mBradán do Choisithe agus Rothaithe**

Tar éis comhairliúchán pobail neamhrechtúil a reáchtáil i samhradh 2020, cuireadh iarratas ar thoiliú isteach chuig an mBord Pleanála i Samhain 2020 le haghaidh



Dhroichead na mBradán do Choisithe agus Rothaithe. Fógraíodh an tairiscint le haghaidh Miondearadh agus Tairiscint i gcomhar Tógála i Nollaig 2020.

### **Gréasán Raon Rothar – Céim 1 agus Céim 2**

I rith na bliana 2020, lean sainchomhairleoirí le haghaidh Céim 1 agus Céim 2 an Ghréasáin Raon Rothar ar aghaidh le hobair ar Thuarascálacha Srientachtaí agus Roghanna agus ar shuirbhéanna topagrafacha agus comhshaoil don dá scéim.

Clúdaíonn Céim 1 na bealaí seo a leanas: Bóthar Bhaile an Locháin; Bóthar an Bhaile Bháin; Bóthar Pháirc an Chaisleáin; Bóthar Mhuine Mheál; Bóthar Dhubhach Uisce Thuaidh agus Theas.

Clúdaíonn Céim 2 na bealaí seo a leanas: Bóthar an Chlaí Bháin; Bóthar Stiofáin; Bóthar na Mine/Bóthar Easpaig Uí Dhónaill; Bóthar an Dochtúra Uí Mhainchín/Páirc Devon; Bóthar na Trá Uachtarach agus Íochtarach; Canáil Eglinton

### **Timpeallán na gCiarabhánach**

Cuireadh conradh na Réamhoibreacha le haghaidh Timpeallán na gCiarabhánach a uasghrádú i gcrích i ráithe 4 2020. Ba éard a bhí i gceist leis na réamhoibreacha réamhlódáil, fálú, atreorú an phríomhphíobáin uisce, oibreacha garachta agus atreoruithe fóntais. Cuireadh an próiseas tairisceana don phríomhchonradh oibreacha i gcrích agus rinneadh an measúnú ar thairiscintí agus moladh tairiscintí. Mar chuid den chonradh sin, déanfar rochtain leasaithe a thógáil ó Bhóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh a fhreastalóidh ar Ionad Siopadóireachta na Gaillimhe agus Galway Hibernians A.F.C. chomh maith.

### **Acomhal na Máirtíneach**

Cheadaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair doiciméid Réamhdhearaidh maidir le hacomhal le comharthaí tráchta a chur in áit Thimpeallán na Máirtíneach agus chuaigh an scéim ar aghaidh go dtí céim an deartha mhionsonraithe in 2020. Ceapadh sainchomhairleoir i ráithe 4 2020 chun tabhairt faoi chéim an deartha mhionsonraithe agus an phróisis tairisceana le haghaidh Acomhal na Máirtíneach a uasghrádú.

### **BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath; agus Nasc Traschathrach (Bóthar na hOllscoile go Bóthar Bhaile Átha Cliath)**

Cuireadh tús leis an gcomhairliúchán pobail neamhrechtúil maidir le BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath agus Nasc Traschathrach (Bóthar na hOllscoile go dtí Bóthar Bhaile Átha Cliath) ar an 8 agus an 20 Deireadh Fómhair 2020 faoi seach. Ullmhaíodh seomraí fíorúla eolais, a bhí ar fáil trí [www.busconnectsgalway.ie](http://www.busconnectsgalway.ie), agus cuireadh ar fáil iad don phobal chun iad a chur ar an eolas faoi na scéimeanna fad a bhí srianta Covid-19 i bhfeidhm.

Bhí cruinnithe le húinéirí talún don dá thionscadal ar siúl i rith ráithe 4 2020 agus bhí cruinnithe le páirtithe leasmhara ar siúl freisin. Tugadh cuireadh do os cionn 130 páirtí leasmhar freastal ar 5 sheisiún fhíorúla eolais a bhain le hearnáil ar leith, mar chuid den chomhairliúchán pobail neamhrechtúil. I measc na bpáirtithe leasmhara ar tugadh cuireadh dóibh, bhí oibreoirí iompair phoiblí, grúpaí pobail, seirbhísí

éigeandála, gnólachtaí, oibreoirí tacsáí, oibreoirí carrchlós, institiúidí oideachais, sainchomhairleoirí iompair agus grúpaí rothaíochta. D'fhreastail 36 páirtí leasmhar ar dhá chruinniú in 2020. Déanfaidh na Foirne Dearaidh athbhreithniú ar an aiseolas faoin dá thionscadal. Cuireadh na fiosruithe i ngrúpaí de réir ábhair agus ullmhaíodh freagairtí lena bhfoilsíú ar shuíomhanna gréasáin na dtionscadal.

### **Creatlach Straitéiseach Iompair Cheantar na Páirce Móire**


Tá sé mar aidhm ag Creatlach Straitéiseach Iompair Cheantar na Páirce Móire de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair Creatlach Iompair a chur ar bun do Cheantar na Páirce Móire d'fhonn gluaiseacht éifeachtúil na ndaoine agus na n-earraí a chumasú. Is é fócas na Creatlaí Straitéisí sciar optamach na dturas ag modhanna inbhuanaithe a chumasú.

### **Droichead Iarnród an Chlocháin do Choisithe agus Rothaithe**

Cuireadh tús le suirbhéanna ar láithreáin agus ar bhail na talún i dtaca leis an togra chun droichead nua do choisithe agus rothaithe a chur ar fáil feadh iarlíne iarnróid an Chlocháin. Ceapadh Arup Consulting Engineers chun tabhairt faoi mheasúnú ar bhail agus measúnuithe Fulangachta Struchtúir ar na piaraí agus teanntaí reatha chun measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht don trasrian abhann nua seo. Ceanglóidh droichead nua ag an áit sin an bealach siúil atá ann feadh na Coiribe leis an Daingean. Cuirfidh sé sin bealach taistil ghníomhaigh ar fáil ar bhruacha na Coiribe, agus beidh naisc níos fearr ar fáil do rothaithe agus coisithe ar an mbealach isteach chuig lár na Cathrach. Chomh maith leis sin, ceanglóidh an droichead os cionn 18,000 mac léinn agus ball foirne in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le Bóthar na Díge agus ceantar Bhóthar Áth Cinn.

### **Iarratais ar an gCiste Athnuachana agus Forbartha Uirbí**

In Eanáir 2020, d'oscail an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil dara gairm tograí faoin gCiste Athnuachana agus Forbartha Uirbí (CAFU), a fógraíodh mar chuid de Thionscadal Éireann 2040, chun tacú le fás dlúth agus forbairt inbhuanaithe na gcúig chathair agus na n-ionad uirbeach mór eile in Éirinn. Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe cúig thionscadal isteach chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le haghaidh maoinithe. Dhírigh tionscadal amháin go sonrach ar Nascacht Iompair. Bhain an tionscadal sin le Stáisiún an Cheanntaigh; Gréasán Raon Rothar Chathair na Gaillimhe; Rochtain ar na hArdáin Céim 2; agus Droichead an Chlocháin do Choisithe agus Rothaithe. Rinneadh an tionscadal sin a ailíniú le ceithre thionscadal eile a cuireadh isteach lena bplé le haghaidh maoinithe, rud a chuirfeadh feabhas ar an ríocht phoiblí, áiseanna agus 'inchónaitheacht' Chathair na Gaillimhe.



## Seirbhísí Uisce

*Is é cuspóir na Rannóige Seirbhísí Uisce comhoibriú le hUisce Éireann chun córas cóireála agus soláthair uisce agus córas bailithe draenála, a bheidh in ann freastal ar riachtanais na dtomhaltóirí baile, tráchtála agus tionscail ar fad i gCathair na Gaillimhe agus sna ceantair máguaird, a sholáthar agus a chothabháil ar shlí inbhuanaithe.*

### Plean Seirbhíse

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag feidmiú faoi Chomhaontú Seirbhíse 12 bhliain le hUisce Éireann agus ag obair i gcomhar le hUisce Éireann chun seirbhísí uisce a sholáthar sa Chathair. Tá gealltanais sa Plean Seirbhíse Bliantúil idir Uisce Éireann agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe go gcuirfidh an dá pháirtí cuspóirí sonracha agus caighdeáin feidhmíochta i gcrích le buiséad a chuimsíonn líon foirne, earraí agus seirbhísí, chomh maith le hinfheistíocht amach anseo.

Tugtar breac-chuntas sa Plean Seirbhíse ar na cuspóirí sonracha agus ar na caighdeáin feidhmíochta ina gcuirtear san áireamh an Measúnú ar Fheidhmíocht Fhoriomlán a mhol an Coimisiún um Rialáil Fóntais, ceanglais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus cuspóirí Plean Gnó Uisce Éireann. Leagtar amach sa Plean Seirbhíse na Spriocanna Feidhmíochta don bhliain, a léiríonn na caighdeáin a theastaíonn i soláthar na seirbhíse ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhthéacs an mhaoinithe atá ar fáil, seirbhísí do chustaiméirí agus ceanglais rialála agus gníomhaíochtaí beartaithe an údaráis áitiúil sa bhliain.

Tomhaistear feidhmíocht an Údaráis Áitiúil de réir Príomhtháscairí Feidhmíochta a bhaineann le réimsí na gCustaiméirí, Comhlíonta, Airgeadais agus Foghlama agus Fáis. Cuirtear an fheidhmíocht iarbhír i láthair agus cuirtear i gcomparáid leis an sprioc ábhartha í sna tuarascálacha míosúla agus ráithiúla. Is é aidhm na huirlise bainistíochta seo an dul chun cinn i ngach réimse feidhmíochta a rianú agus a chinntiú go mbaintear na spriocanna amach. Bhí Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar cheann de na hÚdaráis Áitiúla is fearr sa tír sa bhliain 2020.

### Oibríochtaí agus Cothabháil an tSoláthair Uisce

Is é an phríomhsheirbhís an líonra soláthair uisce a sholáthar agus a chothabháil, ar bhealach inbhuanaithe, ionas gur féidir leis freastal ar riachtanais tomhaltóirí baile, tráchtála agus tionsclaíochta i gCathair na Gaillimhe agus sna ceantair máguaird. Baineann bainistíocht agus oibríochtaí an Líonra Uisce leis sin agus cloí le gach ceanglas reachtúil agus rialála arna leagan síos ag Uisce Éireann, an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Coimisiún um Rialáil Fóntais agus comhlachtaí reachtúla ábhartha eile. Leanann Oibreacha Uisce Thír Oileáin ar aghaidh ag táirgeadh uisce óil ar an gcaighdeán is airde agus chóireáil siad 34,437m<sup>3</sup> in aghaidh an lae in 2021, síos ó 39,642m<sup>3</sup> in aghaidh an lae in 2019. Déantar monatóireacht agus anailísiú ar chaighdeán an uisce óil chun a chinntiú go gcomhlíonann sé riachtanais Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) (Uimh.



2) 2014. Uaslódáiltear na torthaí monatóireachta ar fad le haghaidh an uisce óil ar shuíomh gréasáin Eden na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

Cuireadh tús le Conradh Athsholáthair Comhlaí Scagacháin agus Soláthair Aeir i samhradh na bliana 2020 ag Ionad Cóireála Uisce Thír Oileáin Mar chuid den chonradh sin, athsholáthraíodh 6 chomhla scagacháin ionraoin agus asraoin, 6 chomhla scagacháin rialaithe cúlchaise agus 6 chomhla scagacháin rialaithe sciúrtha aeir. Tá na comhlaí ar fad uathoibríthe agus á rialú ag ár gcóras SCADA. Cuireadh an conradh i gcrích i Nollaig 2020. Thuas: Comhlaí Nua Scagacháin agus Gléghlantóra ag ICU Thír Oileáin.

### **Oibríocht agus Cothabháil na Seirbhísí Fuíolluisce**

Is é an phríomhsheirbhís an líonra draenála a sholáthar agus a chothabháil, ar bhealach inbhuanaithe, ionas gur féidir leis freastal ar riachtanais tomhaltóirí baile, tráchtála agus tionsclaíocha i gCathair na Gaillimhe agus sna ceantair máguaird, agus a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainne cóireála ann chun freastal ar riachtanais na cathrach amach anseo i gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann. Tá an Clár um Athshlánú Séarach ag leanúint ar aghaidh. Rinneadh suirbhéanna CCTV ar roinnt séaraigh achrannacha i Lár na Cathrach (Sráid an Droichid, Sráid na Lombardach agus Sráid na Cille). Beidh gá leis na séaraigh a athsholáthar agus/nó a athlíneáil, séaraigh a bhfuarthas gearáin ó úinéirí gnó ina leith le blianta beaga anuas. Iarradh ar chonraitheoir freisin togra a chur isteach maidir le Seomra an Bhalála Fhada a iniúchadh. Rinneadh roinnt gearán ina leith le sé mhí anuas. Táthar ag súil leis go ndéanfar aon oibreacha riachtanacha leasúcháin a aithnítear sula gcuirfean an Plean Limistéir Draenála i gcrích.

Anuas air sin, mar chuid den tionscadal Teiliméadrachta Faoi Thalamh reatha maidir le Fuíolluisce, cuireadh Monatóirí Imeachtaí isteach ag trí chomhphíobán forsceite séaraigh, is iad sin Ascaill na Trá, Bóthar Grattan agus Bóthar Mhichíl Uí Choileáin. Cuireadh na 3 shuíomh sin san áireamh mar chuid den tionscadal sin, mar is píobáin iad a d'fhéadfadh sceitheadh chuig séaraigh uisce dromchla a sceitheann go uiscí snámha ag Trá Bhaile an Locháin agus Trá Grattan. Déantar monatóireacht ar na sonraí gach mí agus níor taifeadadh aon imeacht sceite ó thús an tséasúir snámha an 1 Meitheamh 2020.

D'earcaigh Uisce Éireann seirbhísí Jacobs Engineering freisin. Tá siad ag tabhairt faoi iniúchadh amhairc ar gach Forsceitheadh Uisce Stoirme agus Comhphíobán Forsceite Séaraigh agus roinnt píobáin forsceite thánaisteacha i gCeirtleán Chathair na Gaillimhe. Tabharfar an fhaisnéis ar fad ar ais go hUisce Éireann lena plé mar chuid den Phlean um Limistéar Draenála.

## **Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann a Chur Chun Cinn agus a Fheidhmiú**

### **Scéim Soláthair Uisce na Gaillimhe Thiar**


Bhain an straitéis fhadtéarmach d'uasghrádú Ionad Cóireála Uisce Thír Oileáin le hiniúchadh a dhéanamh ar líonra uisce agus riachtanais cóireála Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird as seo go ceann 20 bliain. Sa bhliain 2020, chuaigh an tionscadal sin ar aghaidh tríd an gCéim Phleanála 1b agus tugadh an cead pleanála le haghaidh an iontógáil nua ar an 15 Eanáir 2020. Tá idirbheartaíocht maidir le cead slí agus éadálacha talún ar siúl. Tugadh faoin gcomórtas tairisceana sin chun soláthraí seirbhíse a fháil chun an iontógáil nua agus an príomhphíobán aníos a dhearadh agus a thógáil. Fuarthas tairiscintí ar an 7 Samhain 2019. Le déanaí rinneadh an maoiniú don tionscadal seo a chur siar go dtí tréimhse Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2024 – 2029.

### **An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU)**

Is straitéis 25 bliain é Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU) Uisce Éireann chun a chinntiú go mbíonn soláthar uisce óil atá inbhuanaithe, slán agus iontaofa ar fáil do chách. Leagfar amach sa PNAU conas a bheartaíonn Uisce Éireann cothromaíocht a aimsiú idir ár soláthar ó fhoinsí uisce ó gach cearn den tír agus éileamh ar uisce óil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Dá bharr sin, beifear ábalta ullmhúchán a dhéanamh don todhchaí agus déan cinnte de go soláthraítear go leor uisce óil atá sábháilte agus glan chun éascaíocht a dhéanamh ar fhás sóisialta agus geilleagrach ár dtíre. Táthar ag súil leis go bhfoilseofar an Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce le haghaidh comhairliúchán pobail go luath in 2021. Níl iontógáil reatha an amhuisce in ann ráta slán astarraingthe de 55MLD a sholáthar ó cheann ceann na bliana agus d'fhéadfadh triomaigh cur isteach air. Go dtí go dtógtar an iontógáil nua, tá soláthar uisce na Cathrach i mbaol sa mhéid is go mbeadh gá ann uisce a phumpáil isteach san iontógáil reatha le linn triomaigh chun an soláthar uisce don Chathair a choimeád ar siúl. Tá obair á déanamh ar chéim mheasúnú iomlán na roghanna don PNAU faoi láthair i gcomhar le rannóg na Seirbhísí Uisce i gComhairle Cathrach na Gaillimhe. Aithneoidh sé sin na bearta roghnaithe idirtréimhseacha agus fadtréimhseacha atá ag teastáil chun a chinntiú go mbíonn soláthar uisce inbhuanaithe ann i gCathair na Gaillimhe agus ar fud na tíre.

Foilsíodh Creatphlean dréachta do PNAU Uisce Éireann agus an Tuarascáil Timpeallachta MSC agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) lena mbaineann le haghaidh

comhairliúchán poiblí ar feadh tréimhse reachtúil ceithre seachtaine déag ar an 8 Nollaig 2020.



### An Clár um Sceitheadh a Laghdú

Faoi láthair tá Uisce Éireann i dTréimhse Infheistíochta Caipitil 2020-2025 agus cuireadh thart ar €500 milliún ar fáil chun an Clár um Sceitheadh a Laghdú a chistiú sa tréimhse 5 bliana sin. In ainneoin na ndúshlán a bhain le Covid-19 in 2020, rinne na baill foirne Seirbhísí Uisce ar fad obair iontach chun sceitheadh a laghdú go mór ar fud na Cathrach.

Sa bhliain 2020, cosúil leis na blianta roimhe sin, leag Uisce Éireann agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe béim ar leith ar sceitheadh a laghdú. Tá dúshlán shuntasacha fós le sárú le linn na bliana d'fhonn ionchais ár gcustaiméirí a shásamh agus ár spriocanna sceite a bhaint amach. In ainneoin na ndúshlán sin, rinneadh dul chun cinn iontach in 2020 chun na leibhéil sceite sin a laghdú go mór. Mar sin, sáraíodh ár spriocanna foriomlána don bhliain. Tá Córas Náisiúnta Bainistíochta Sceite ar bun ar an leibhéal náisiúnta den chéad uair. Comhaireann sé figiúirí sceite ar bhealach comhsheasmhach agus loighciúil ar fud na n-údarás áitiúil agus úsáid á baint aige as an eolas is déanaí.

In 2020, sháraigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe a leibhéal laghdaithe sceite faoi 3.95MLD agus a hinsreabhadh dáilte faoi 0.8MLD. Baineadh an laghdú sin ar hinsreabhadh sceite agus dáilte amach ach toradh na sruthanna oibre éagsúla a bharrfheabhsú, lena n-áirítear Aimsigh agus Ceartaigh (conraitheoir oibriúcháin agus réigiúnach), Bainistíocht Brú, Athshlánú Príomhlíonra, An Chéad Cheartú agus Athsholáthar Luaidhe.

Faoin gclár athshlánaithe, cuireadh oibreacha i gcrích ag Bóthar Thuama (athshlánaíodh thart ar 678 méadar de phríomhphíobán uisce stroighne aispeiste) agus Corrán San Séamas (athshlánaíodh thart ar 860 méadar de sheanphríomhphíobán iarann teilgthe). Tabharfar faoi athshlánú breise ag an mBaile Bán Nua agus Bóthar na Canála Íochtarach. Leanfaidh ár gcríúna athchóirithe agus braite, a fhostáimid go díreach, i gcomhar lenár gconraitheoir réigiúnach, de ghníomhaíochtaí laghdaithe sceite a dhéanamh ar fud na Cathrach chun spriocanna maidir le laghdú sceite a bhaint amach, de réir mar a leagtar amach sa Chlár um Sceitheadh a Laghdú.



### **An Plean um Limistéar Draenála na Gaillimhe (LDG)**

Cheap Uisce Éireann sainchomhairleoir don tionscadal seo sa cheathrú ráithe 4 de 2016. Cuimsíonn Plean um Limistéar Draenála Uisce Éireann feidhmíocht agus riosca hidrálach, comhshaoil, struchtúrtha, seirbhíse agus oibríochta laistigh de cheantar draenála Chathair na Gaillimhe agus na ceantair máguaird. Leagtar amach thíos sna céimeanna i bPlean um Limistéar Draenála Uisce Éireann agus mínítear iad:

**Céim 1:** Cuireadh bailiú agus athbhreithniú sonraí ag an deasc, suirbhé agus staidéar scóip i gcrích i Meitheamh 2017



**Céim 2:** Suirbhéanna agus tógáil na samhla hidráláí le críochnú i ráithe 4 2021

**Céim 3:** Measúnú riosca agus aithint riachtanas reatha, gearrthéarmach agus fadtéarmach atá le críochnú i ráithe 3 2022

**Céim 4:** Straitéis, measúnú roghanna agus dearadh réiteach don todhchaí

In 2020, lean conraitheoir ar aghaidh na suirbhéanna gréasáin Chéim 2 ar fud na Cathrach a dhéanamh. Tá na suirbhéanna líonra, na hoibreacha CCTV agus monatóireacht sreafa curtha i gcrích. Tá an tsamhail hidrálach agus an próiseas fíoraithe ar siúl, agus táthar ag súil leis go mbeidh gnéithe Chéim 2 curtha i gcrích faoi ráithe 4 2021. Tarraingeoidh an obair i gCéim 2 aird ar na laigí atá sa líonra faoi láthair atá ina gcúis le fadhbanna cosúil le rólódáil rialta uisce agus sceitheadh rialta sa Chathair, den chuid is mó mar gheall ar fhadhbanna acmhainne sa líonra. Tá sé beartaithe go dtabharfar faoi Phlean Forbartha Líonra do Chathair na Gaillimhe agus na bruachbhailte in 2021, ag an am céanna leis an bPlean um Limistéar Draenála. Is staidéar ardleibhéal é sin a chabhróidh le heolas a dhéanamh do conas is féidir seirbhís a dhéanamh ar láithreáin atá criosaithe mar neamhfhorbartha laistigh den Chathair.

### **Staidéar ar Limistéar Draenála na Gaillimhe**

Tá Murphy International Limited ag feidhmiú Ionad Cóireála Fuíolluisce Inis Caorach thar ceann Uisce Éireann anois agus chloígh sé go hiomlán lena Ceadúnas Sceite ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Uimh. DOO50-01. Cuireadh Staidéar ar Limistéar Draenála san áireamh i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann 2020-24. Tá sé de rún ag Uisce Éireann tús a chur leis an staidéar sin in 2021 chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais cóireála fuíolluisce de réir fás reatha, forbartha agus brúnna comhshaoil agus chun cinnte a dhéanamh de go mbíonn acmhainn shásúil ann chun éilimh mheántearma agus fhadtéarma a chomhlíonadh. Déanfar plé ar an ngá le hionad cóireála nua do Cheirtleán na Gaillimhe amach anseo mar chuid den Staidéar ar Limistéar Draenála na Gaillimhe. Faoi láthair, tá Uisce Éireann agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag scrúdú na réiteach gearrthéarmach chun acmhainn a aimsiú ag Inis Caorach. Táthar ag tabhairt faoi na réitigh sin trí Phlean um Limistéar Draenála (PLD) na Gaillimhe agus trí Chláir Uisce Éireann eile atá ar siúl.

### **Láthair MUHDS sna hArdáin**

Áirítear leis an SRSE dréachta Dréacht-Phlean Straitéiseach Limistéar Cathrach na Gaillimhe, agus aithnítear ann gur láithreán suntasach é na hArdáin atá mór go leor chun deis agus acmhainn a chur ar fáil chun líon na dtithe a bhfuiltear ag súil leis sa CNP a sheachadadh, faoi réir dóthain seirbhísí a sholáthar. Tugtar faoi deara freisin go mbeidh spás sna hArdáin le haghaidh suas go dtí 25% den fhás cónaithe a bhfuiltear ag súil leis sa chathair (SRSE, lth. 71). Cheap Uisce Éireann Atkins Ireland mar na Soláthraithe Seirbhíse Innealtóireachta chun tabhairt faoin dearadh agus tógáil don infreastruchtúr atá ag teastáil do gach láithreán sa chlár náisiúnta LIHAF agus MUHDS, lena n-áirítear na hArdáin i nGaillimh. Cuireadh dearadh coincheapa i gcrích don infreastruchtúr uisce agus fuíolluisce. Faoi láthair, tá na tograí fuíolluisce ag dul ar aghaidh go dtí céim an deartha mhionsonraithe. Tá conraitheoir ceaptha ag Uisce

Éireann chun tabhairt faoi imscrúdú láithreáin le haghaidh an infreastruchtúir fuíolluisce. Ina dhiaidh sin, féadfar dearadh mionsonraithe a chríochnú agus próiseas tairisceana a thosú chun conraitheoir a fháil leis na hoibreacha fuíolluisce a dhéanamh.

### **Plean Bunathraithe Uisce Éireann a Fheidmiú faoin gComhaontú Seirbhíse**

Tacaíonn rannóg Seirbhísí Uisce Chomhairle Cathrach na Gaillimhe leis an bpleanáil straitéiseach le haghaidh tionscnaimh bunathraithe de chuid Uisce Éireann, ar aon dul le Creat Oibriúcháin Thionscal an Uisce (COTU). Leanaimid de bheith ag comhoibriú le hUisce Éireann trí pháirt a ghlacadh i bhfoirne forbartha tionscadal, ceardlanna, clár phíolótacha agus tionscnaimh eile de réir mar is gá chun an bunathrú a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtúil agus comhoibríoch.

Dréacht/Draft



## Pleanáil agus Forbairt

*Is é cuspóir na rannóige Pleanála córas pleanála fisiciúla a chur i bhfeidhm atá in ann cuspóirí inbhuanaithe geilleagracha, comhshaoil agus forbartha sóisialta le haghaidh Chathair na Gaillimhe a chomhlíonadh.*

### Plean agus Polasaí Forbartha

I rith na bliana, tugadh trí athrú ar Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe (PFCG) 2017-2023 chun cinn agus ghlac na Comhaltaí leo. Cuireadh Athrú Uimh. 5 isteach, de réir mar is gá faoin reachtaíocht, chun a chinntiú go mbíonn an Plean Cathrach ar aon dul leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (CNP), an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE) agus an Plean Straitéiseach do Limistéar Cathrach na (PSLC) Gaillimhe agus chun Straitéis um Oiriúnú Aeráide de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chur san áireamh. Cuireadh Athrú Beartaithe Uimh. 6 san áireamh chun soláthar a dhéanamh do Chuspóir Sonrach Forbartha ar thailte atá críosaithe le haghaidh Áineasa agus Conláistí i bPáirc na Ceapaí, chun go gcuirfí Ionad Spóirt Uiscigh agus Corpacmhainne san áireamh. Thacaigh na tuarascálacha comhshaoil lena mbaineann leo. Cuireadh athrú breise ar Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe (PFCG) 2017-2023 i láthair i Samhain chun Léarscáil an Chriosaithe Úsáide Talún agus na gCuspóirí Sonracha a leasú d'fhonn síneadh a chur le líne an Bhealaigh Bus (Cuspóir Sonrach) reatha chun nasc a sholáthar trí thailte atá críosaithe le haghaidh Áineasa agus Conláistí ó Bhóthar na Coláiste go dtí Bóthar Loch an tSáile. Leis an athrú breise sin, rinneadh mionathrú ar Cuid 3.10 Cuspóirí Sonracha, chun téacs breise a sholáthar ar mhaithe le soiléireacht chun tacaíocht bhreise a thabhairt do thionscadail Straitéis Iompair na Gaillimhe, lena n-áirítear bearta iompair phoiblí, Líonra Rochtana Lár na Cathrach, an Nasc Traschathrach agus an Gréasán Raon Rothar.

### Dréachtphlean Forbartha na Cathrach 2023-29

Rinneadh an réamhobair maidir le Plean Forbartha na Cathrach 2017-2023 reatha a athbhreithniú agus cuireadh tús le Plean Forbartha Cathrach nua a ullmhú. Rinneadh taighde sular dréachtaíodh agus foilsíodh Páipéir Saincheisteanna in Eanáir 2021. Ós rud é go bhfuil comhairliúchán poiblí ina chuid thábhachtach den phróiseas chun feasacht a ardú agus rannpháirtíocht a spreagadh, agus ag féachaint do na srianta a bhí ar chruinnithe duine le duine de bharr phaindéim Covid-19, rinneadh scrúdú ar thairseach comhairliúcháin phoiblí ar líne agus cuireadh próiseas tairisceana i bhfeidhm chun ceann a chur ar bun. Anuas air sin, coimisiúnaíodh ardphróiseas tairisceana le haghaidh na gné sin den athbhreithniú a bhaineann le measúnú comhshaoil.

### Tionscadail Straitéiseacha

Tugadh ról do bhaill foirne pleanála i roinnt príomhthionscadail straitéiseacha ar leibhéal an ghrúpa stiúrtha agus ar leibhéal díreach rannpháirtíochta. Áiríodh leis sin tionscadal an Chuarbhóthair N6 agus an Éisteacht ó Bhéal, Scéim Faoisimh Tuile

Chathair na Gaillimhe agus bhí ionadaíocht freisin ar Fhoireann Soghluaisteachta na Cathrach Covid-19, a raibh an rannóg lompair i gceannas uirthi.

### **Scéim do Ranníocaíocht Forbartha**

Tugadh faoi athbhreithniú ar Scéim do Ranníocaíocht Forbartha 2012 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhthéacs chlár reatha infheistíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus i gcomhthéacs na mbeartas nua sa CNP. Ba é an Dréachtscéim do Ranníocaíocht Forbartha 2020-26 an toradh air sin. Cuireadh amach é le haghaidh comhairliúchán poiblí i Samhain go dtí Eanáir 2021, mar a éilítear faoin reachtaíocht agus roimh an measúnú riachtanach agus an cinneadh chun é a ghlacadh/gan é a ghlacadh nó a leasú ag Comhaltaí Tofa.

### **Straitéis an Réimse Phoiblí**

Tá cur i bhfeidhm Straitéis an Réimse Phoiblí á chur ar aghaidh agus rinneadh iarratas



ar mhaoiniú faoin dara babhta den Chiste Athnuachana agus Forbartha Uirbí (CAFU). Tugadh tús áite do chúig thionscadal ar leith a aithníodh sa straitéis lena seachadadh ag an gComhairle Cathrach. Is cuid den chlár níos leithne um fhorbairt straitéiseach don chathair iad chun tacú le fás dlúth fadtéarmach. Cuirfidh na tionscadail sin ríocht poiblí shuntasach nua agus fheabhsaithe ar fáil i lár na cathrach. Clúdaíonn na tionscadail spásanna poiblí nua ag Barr an Chalaigh agus Ard-Eaglais na Gaillimhe, spás athnuaithe i Margadh an Éisc agus san Fhaiche Mhór (Thuaidh) agus ríocht poiblí nua chun tacú le húsáid iompair inbhuanaithe agus sráideanna áirithe i lár na cathrach a shainiú do choisithe.

## Bainistíocht Forbartha

### Iarratais Phleanála

Sa bhliain 2020 cuireadh isteach 335 iarratas pleanála bailí chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an iomlán. Tá miondealú ar na hiarratais sin thíos. Anuas orthu siúd, fuarthas 8 n-iarratas pleanála a chuir isteach ar shíneadh ar an tréimhse cead pleanála, mar a bhforáiltear dó faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Iarratais Phleanála Bhailí	
Síneadh ar Thithe Baile	120
Foirgnimh Eile	68
Teaghais	66
Forbairtí nach bhfuil san áireamh thuas	52
Iarratais nach ngearrtar Táille orthu	10
Struchtúir Fógraíochta	14
Gléasra, Innealra, Umair Stórais	2
Foirgnimh thalmhaíochta	2
Carbháin, Páirceáil, Stóras Oscailte	1
<b>Iomlán</b>	<b>335</b>

### Ceadúnais le haghaidh Ócáidí Lasmuigh

Sa bhliain 2020, níor réachtáladh aon imeacht a raibh ceadúnais le haghaidh ócáidí ag teastáil uathu a bhí le cur ar siúl, de bharr na paindéime. I bhfianaise na gcúinsí a bhí i réim agus d'fhonn cinnteacht a thabhairt do phoiblitheoirí imeachtaí, d'eisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht comhairle d'údaráis áitiúla go bhféadfaidh gach iarratas ceadúnais a bhí idir lámhe i dtaca le himeachtaí a bhí le cur ar siúl in 2020 a bheith bailí agus a chur ar athlá go dtí 2021, gan éileamh ar phoiblitheoirí iarratas ceadúnais imeachta nua a chur isteach, faoi réir na riachtanais ar an nóta faisnéise a eisíodh a chomhlíonadh

### Forbairt Údarás Áitiúil – Cuid VIII

D'fhaomh an Chomhairle Cathrach dhá fhorbairt Chuid 8 in 2020. Is iad sin forbairt chun 8 gcolún soilsithe chun éascaíocht a dhéanamh ar an bpáirc imeartha uile-aimsire in Ionad Pobail Chnoc na Cathrach, Páirc na Ceapaí agus forbairt áiteanna cónaithe ina mbeidh 15 aonad ar an taobh thoir den Chathair sa Bhaile Bán Mór.

### Achomhairc Phleanála chuig an mBord Pleanála

Fuarthas 30 cinneadh ón mBord Pleanála in 2020. Astu sin, seasadh le 26 cinneadh agus rinneadh 4cinn a fhreaschur.

## **Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta**

I ndiaidh reachtaíocht nua a tugadh isteach mar chuid d'Atógáil Éireann, a d'fhéach leis an bPróiseas Iarratais Phleanála a dhéanamh níos tapa agus dlús a chur faoi sholáthar forbairtí móra tithíochta agus cóiríochta mac léinn, is féidir iarratais phleanála ar fhorbairtí tithíochta ina bhfuil níos mó ná 100 aonad cónaithe agus 200+ spás leapa mac léinn a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála go díreach anois. I rith na bliana 2020, bhronn an Bord Pleanála 3 iarratas agus dhiúltaigh siad do 2 cheann faoin bpróiseas. Ag deireadh mhí na Nollag 2020, bhí 6 láithreán forbartha eile ag céim an Chomhairliúcháin Réamhphleanála d'Iarratais.

### **Dearbhuithe Díolúine**

Sa bhliain 2020, lóisteáladh 20 iarratas ar Dhearbhuithe ar Fhorbairtí Díolmhaithe le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Faoi Alt 96 (Straitéis Tithíochta), fuarthas 29 iarratas.

### **Forfheidhmiú Pleanála**

Leanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag glacadh le cur chuige forghníomhach lena chinntiú go gcloífear le rialuithe pleanála agus go gcuirfear cosc ar fhorbairt neamhúdaraith. Chuige sin, fuair an t-údarás pleanála 341 gearán a raibh fiosrú agus iniúchadh ag na hOifigigh Forfheidhmithe Pleanála ag teastáil ina leith. Ina dhiaidh sin, bhí Fógraí Rabhaidh/Forfheidhmithe ag teastáil in 125 cás agus b'éigean 15 díobh a chur ar aghaidh chuig Gníomhaire Dlí na Comhairle Cathrach le haghaidh imeachtaí dlí.

### **Ranníocaíochtaí Forbartha**

Sa bhliain 2020, bhí tobhaigh forbartha a bhailiú fós ina thosaíocht don Rannóg Pleanála. Úsáidfean an t-airgead a bailíodh chun cabhrú le bonneagar poiblí riachtanach agus saoráidí pobail ar tugadh tús áite dóibh don Chathair a chur ar fáil. Bailíodh thart ar €2.02m le linn na bliana 2020.

### **Oidhreacht**

Leagtar amach sa Phlean Oidhreachta 2016–2022 an creat le haghaidh gníomhartha Oidhreachta ar feadh tréimhse 5 bliana. Thug Oifig Oidhreachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhar le Scéim Deontas na Comhairle Oidhreachta, faoi na tionscadail seo a leanas in 2020:

- Galway's Heritage in Stone – Imleabhar Uimh. 6: The Marriage Stones of Galway 1570 – 1680
- Tionscadal Taifid agus Foilseachán Reilig an Bhóthair Mhóir
- Scoil Ghoirt Bhliantúil Chathair na Gaillimhe
- *Galway Within and Without the Walls* – Conair Shiúil agus Treoir maidir le Daingin Mheánaoiseacha na Gaillimhe

Thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta, 9 ndeontas oidhreachta faoin Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha 2020 freisin:

- Clochar na Toirbhirte
- Eaglais Choláisteach San Nioclás
- Teachín Mhionlaigh
- Clochar na Siúracha Bochta San Clár
- 14 An tSráid Ard
- 17-18 An tSráid Ard
- 22 An tSráid Ard
- Teacht Tábhairne O'Connell, 8 An Fhaiche Mhór
- 16 An Bóthar Nua

Tugadh deontas amháin faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil 2020:

- Thatch Cottage, Muirbheach, An Rinn Mhór, Gaillimh

Chomh maith leis sin, foilsíodh an iris bhliantúil oidhreachta 'Oidhreacht na Gaillimhe – Galway's Heritage 2020'. Tar éis don rannóg Pleanála Plean Caomhnaithe agus Bainistíochta Caisleán a ullmhú, choimisiúnaigh an rannóg Ailtireachta, le tacaíocht ón rannóg Oidhreachta, na hoibreacha cumasaithe caomhnaithe agus athchóirithe lena mbaineann don trí chaisleán. Cuireadh na céimeanna tosaigh i gcrích in 2020. Chomh maith leis sin, d'éirigh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe Deontas Oidhreachta Poiblí a fháil chun tacú le staidéar geoifisiceach agus tionscadal feasachta um fhaisnéis oidhreachta.

## Rialú Foirgníochta

Tá ról ag an gComhairle Cathrach maidir leis na hAchtanna um Rialú Foirgníochta agus na Rialacháin um Rialú Foirgníochta a fhorfheidhmiú.

<b>Fógraí Tosaithe, Iarratais ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteáin agus Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas</b>	
Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteáin	137
Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas	85
Fógraí Tosaithe	160

## Tionscnamh na gCathracha Beo

Ainmníodh cuid de Lár Chathair na Gaillimhe mar Limistéar Athbheochana Speisialta faoi Thionscnamh na gCathracha Beo. Díróinn Tionscnamh na gCathracha Beo ar limistéir miondíola agus tráchtála a athnuachan agus daoine a spreagadh le cónaí i láir uirbeacha stairiúla. Tairgtear faoiseamh cánach le haghaidh caiteachas incháilithe a eascraíonn as foirgnimh áirithe a athchóiriú nó a athrú le haghaidh úsáidí cónaithe agus tráchtála. Cuireadh an spriocdháta chun an scéim a chur i bhfeidhm siar ón 4 Bealtaine 2020 go dtí an 31 Nollaig 2022. I rith 2020, fuair an Chomhairle Cathrach 2



iarratas ar fhaoiseamh cánach le haghaidh oibreacha cónaithe. (Pléann na Coimisinéirí Ioncaim le faoiseamh tráchtála go díreach)

### **Tobhach Láithreán Folamh**

Bunaíodh Clár na Láithreán Folamh Chathair na Gaillimhe de réir an Achta um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015 i Ráithe 1 2019. Bunaithe ar anailís mhionsonraithe ar thailte a chríoítear mar chónaitheach ar fud na cathrach agus saináithníodh roinnt láithreáin fholmha fhéideartha. Rinneadh measúnú orthu siúd de réir na reachtaíochta agus cuireadh in ord tosaíochta iad de réir réimse critéar a thagann le prionsabail na pleanála cirte agus na forbartha inbhuanaithe a leagtar amach sa chroístraitéis agus i mbeartais agus cuspóirí forbartha Phlean Forbartha na Cathrach. Cuireadh 6 shuíomh san iomlán ar an gclár. Eisíodh Fógraí Cinnidh maidir le Luach Margaidh do gach úinéir láithreáin i ráithe 1 agus ráithe 2 2020 i gcomhréir le hAlt 12(1) den Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015. Is é luach iomlán na dtailte ar chlár na láithreán folamh ná €4.2 milliún. Eiseofar éilimh ar an tobhach láithreán folamh a íoc in 2021.

Dréacht/Draft



## **Forbairt Gheilleagrach agus Cultúr**

*Is é cuspóir na rannóige Forbartha Geilleagraí agus Cultúr a chinntiú go bhfuil bunús láidir geilleagrach ag Gaillimh a thacóidh le caighdeán maith saoil dá saoránaigh*

### **Spás Fiontraíochta**

Bainistíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe 21 aonad fiontraíochta ar Bhóthar an Ghainimh agus 13 aonad fiontraíochta in Ionad Fiontraíochta an Taoibh Thiar. Tá na haonaid éagsúil ó thaobh méide de: tá siad idir 200 agus 2500 troigh chearnach. Tá ionadaíocht ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an mBord de An Fhiontarlann Teo. Bainistíonn an Fhiontarlann Teo 17 aonad fiontraíochta eile sa Taobh Thiar agus tá siad idir 400 agus 1000 troigh chearnach. Is é an critéar a úsáidtear chun tionóntacht a dháileadh i ngach aonad fiontraíochta go gcruithófaí fostaíocht inbhuanaithe.

### **Staidéar Indéantachta maidir le Fiontraíocht Shóisialta agus an Geilleagar ciorclach – Iarratas Deontais faoin CFFR 2017-2019**

Mar chuid de ghealltanas a rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe d'fhiontair agus gnólachtaí sóisialta a oibríonn sa gheilleagar ciorclach, d'éirigh le hiarratas maoinithe a rinneadh i ráithe 3 2019 faoin gCiste um Fhorbairt Fiontraíochta, chun tabhairt faoi staidéar indéantachta maidir le spás le haghaidh fiontar sóisialta agus geilleagar ciorclach ar fud na Cathrach. In ainneoin na moilleanna a bhain le Covid-19, cuireadh tús leis an staidéar in 2020 agus táthar ag súil leis go mbeidh an tuarascáil deiridh réidh go luath in 2021. Faoi réir thorthaí na tuarascála, táthar ag súil leis go bhféadfaidh an taighde sin tionscadal oiriúnach nó tionscadail oiriúnacha a aithint chun iarratas foirmiúil ar mhaoiniú CFFR a chur isteach in 2021/22.

### **Cathracha agus Réigiúin na Todhchaí fDi 2020/21 - 'An Mhicreachathair Is Fearr le haghaidh Straitéis fDi'**

D'éirigh go maith le Cathair na Gaillimhe sna gradaim Cathracha Eorpacha na Todhchaí 2020/21, a foilsíodh in eagrán Eanáir 2020 an iris fDi Magazine. Rinne Rannóg Forbartha Geilleagraí na Comhairle Cathrach iontráil i Meán Fómhair 2019 agus fuair Cathair na Gaillimhe gradam na 1ú Áit – An Mhicreachathair Is Fearr le haghaidh Straitéis fDi. Chomh maith leis sin, bhí an Chathair sa 10ú háit sa chatagóir 'An Mhicreachathair Is Fearr ó thaobh Acmhainneacht Gheilleagrach de'. Fuarthas iontrálacha ó 505 áit ar an iomlán do na gradaim Cathracha Eorpacha na Todhchaí 2020/21, 319 cathair agus 148 réigiún ina measc.

### **Cathracha Teicneolaíochta Eorpacha na Todhchaí fDi Intelligence – 9ú hÁit san Eoraip ó thaobh Nuálaíochta agus Tarraingteachta de**

Tar éis do Chathair na Gaillimhe a bheith ainmnithe mar 'An Mhicreachathair Is Fearr le haghaidh Straitéis fDi' sna gradaim Cathracha agus Réigiúin na Todhchaí fDi 2020/21, rangáidh í i measc na 10 gCathair Eorpacha Is Fearr ó thaobh Nuálaíochta agus Tarraingteachta de. Is éard atá i gceist leis an rangú sin fachtóirí cosúil le cáil na hollscoile san innealtóireacht agus san eolaíocht ríomhaireachta, paitinní cláraithe, clú na n-institiúidí taighde, agus innéacsáí nascachta, nuálaíochta agus cibearshlándála.

Is sainrannóg an Financial Times é fDi Intelligence a chuireann an léargas agus anailís is fearr sa tionscal ar fáil faoi threochtaí maidir le méadú trasteorann, infheistíocht isteach úrnua agus infheistíocht dhíreach seachtrach. Is léir go bhfuil nuálaíocht theicniúil ag croílár aon gheilleagair agus sochaí nua-aimseartha agus tá an rangú sin deartha chun comóradh a dhéanamh ar na cathracha atá ag éirí is fearr sna réimsí sin ar fud na mór-roinne.

Rangú	Cathair	Tír
1.	Londain	An Ríocht Aontaithe
2.	Páras	An Fhrainc
3.	München	An Ghearmáin
4.	Cambridge	An Ríocht Aontaithe
5.	Heilsinci	An Fhionlainn
6.	Beirlín	An Ghearmáin
7.	Zürich	An Eilvéis
8.	An Róimh	An Iodáil
<b>9.</b>	<b>Gaillimh</b>	<b>Éire</b>
10.	Briostó	An Ríocht Aontaithe

*Is léiriú é éacht iontach Chathair na Gaillimhe ar obair na n-eagraíochtaí cosúil leis an gComhairle Cathrach maidir leis an gceantar a chur chun cinn agus infheistíocht idirnáisiúnta agus comhlachtaí nuathionscanta teicneolaíochta a mhealladh – i measc comhlachtaí eile – rannóg Faisnéis fDi an Financial Times.*

### **Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh (CEA) Is cuid de Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh é Comhairle Cathrach na Gaillimhe.**

Is é CEA an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an réigiún 'líneach' feadh bhord farraige an iarthair ó Chiarraí go Dún na nGall. Tá sé mar aidhm ag tionscadal Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh (CEA), mar a leagtar amach i dTionscadal Éireann 2040, réigiún a bhfuil scála ag baint leis a thógáil sa chéad 20 bliain eile. Chun é sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe, beidh pobail láidre ina gcuid thábhachtach de sin. Dírionn tionscadal na mol CEA 2020 ar dheiseanna fostaíochta agus gníomhaíocht eacnamaíochta a thabhairt go croílár na gcathracha, na mbailte agus na sráidbhailte feadh na Conaire. Chuige sin, rinneadh an méid seo a leanas in 2020:

- 114 mol feadh na Conaire a mhapáil, mapa a dtarraingeofar aird air go luath trí fheachtas náisiúnta fógraíochta chun tairbhí agus úsáidí na mol a chur chun cinn agus úsáideoirí a spreagadh chun na háiseanna a úsáid
- Córas ainmniúcháin nua a fhorbairt do mhoil agus córas áirithinte a fháil do na moil, rud a sholáthrófar go luath in 2021
- Fuair 65 mol, 5 mhol i gCathair na Gaillimhe san áireamh, maoiniú sa líonra tríd an Scéim For-rochtana Mol chun tacú le moil oscailt arís le linn Covid-19. Caighdeáin na sláinte agus sábháilteachta agus na teicneolaíochta sna háiseanna sin a ardú.
- Straitéis Mol a chríochnú lena seoladh in Eanáir 2021 agus obair a dhéanamh le DRCD agus páirtithe leasmhara eile chun an líonra CEA a fhás chun go mbeidh líonra náisiúnta ann.

Déanfar dul chun cinn in 2021 ar roinnt tionscadail bhreise AEC ar cuireadh tús leo in 2020. Áirítear leis sin teicneolaíocht Digiteacha agus SMART chomh maith le tionscadail chomhshaoil agus inbhuanaitheachta.

### **Fóram na gCathracha Níos Cliste**

Is príomhbhall Fhóram Uile-Éireann na gCathracha Cliste í Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Is pobal cleachtóirí é an Fóram a dhíríonn ar chathracha i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as cláir cathrach cliste agus trí leas a bhaint as an luach a ghineann na cláir sin. Mar chuid den tionscnamh comhoibríoch sin, a fhaigheann tacaíocht ó Ollscoil Mhá Nuad, oibríonn ballcathracha le chéile chun léargais a roinnt, chun tacú le taighde comhoibríoch agus chun comhairle a thabhairt do pháirtithe leasmhara faoi thosaíochtaí comhchoiteanna na gcathracha. Mar chuid den tionscnamh trasteorann, tá ionadaíocht ó údaráis áitiúla i gCorcaigh, Baile Átha Cliath, Luimneach, Gaillimh, Port Láirge, Béal Feirste, Doire agus an tIúr. Pléifidh siad na dúshlán chomhchoiteanna a bhaineann le beartais agus tionscadail cathrach cliste a chur i bhfeidhm. Bhí 4ú Comhdháil Bliantúil Fhóram Uile-Éireann na gCathracha Cliste ar siúl i nDeireadh Fómhair 2020. Ba é téama an imeachta:

- Cathair Fhreagrúil agus Athléimneach a Thógáil i ndiaidh na Géarchéime
- An Chathair a Athshamlú
- Turasóireacht a Bhunathrú
- Soghluaisteacht a Chuireann Trí Chéile

I measc na réimsí cláir oibre eile atá ag an bhFóram, tá Straitéis nua an Fhóram 2021, Comhpháirtíocht Nordach-Éireannach, Comhpháirtíocht na Gearmáine-na hOstaire, Comhdháil Dhomhanda Thaispeántas na gCathracha Cliste agus Forbairt na Straitéise Digití.

### **Straitéis Turasóireachta**

Sula raibh paindéim Covid-19 ann, leagadh amach i Straitéis Turasóireachta na príomhghníomhartha chun turasóireacht a fhás i nGaillimh go dtí 2025. Forbraíodh an straitéis agus an príomhaidhm aici oibriú ar bhealach níos dlúithe leis an tionscal chun gur féidir le Comhairle Cathrach na Gaillimhe tacú leis an earnáil trí chur chuige comhoibríoch i leith eispéiris agus infreastruchtúr sa Chathair a fhógairt, a chur chun cinn agus a fhorbairt. Cé go bhféadfar go mbeidh sé dúshlánach líon na gcuartheoirí a bhaint amach sa ghearrthearma mar gheall ar an bpaindéim, tacóidh na struchtúir, na córais agus na huaimhianta a bunaíodh leis an straitéis le téarnamh an tionscail. Rinneadh dul chun cinn maith ar roinnt príomhthionscadal le linn na bliana, cosúil le Gormbhealach na Gaillimhe, Leisureland a athfhorbairt, moil nua le haghaidh turasóireacht ghníomhaíochta a bhunú, Músaem Cathrach na Gaillimhe nua a thógáil, agus infreastruchtúr a chur ar fáil do bhailte ar cinn scríbe iad. Tacóidh na tionscadail sin le níos mó cuairteoirí a mhealladh, méadóidh siad an tréimhse a fhanann turasóirí in áiteanna agus, ar deireadh, méadóidh siad líon na bpost san earnáil.

### **Tascfhórsa Turasóireachta**

Bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an Tascfhórsa Turasóireachta le hionadaithe ó gach cearn den tionscal chun tacú le treoir a thabhairt dár n-obair agus chun tacú le téarnamh na hearnála. Déanann baill an tascfhórsa ionadaíocht do ghrúpaí ionadaíochta cóiríochta, bialann, eispéireas cuairteoirí, miondíola, ceannaithe fíona agus grúpaí eile, agus tá baill eile air a oibríonn i gComhairle Cathrach na Gaillimhe nó Fáilte Éireann.

### **Ciste Téarnaimh Turasóireachta**

Bunaíodh an Ciste Téarnaimh Turasóireachta chun tacú leis an tionscal. Thacaigh na Comhaltaí Tofa le ciste ar fiú €485,000 é a bhunú. Tugadh tacaíocht do roinnt tionscnamh cosúil le 'Dine in Galway', Feachtais Siopadóireachta Áitiúla agus mórfheachtas náisiúnta dar teideal 'Make a Break for Galway'. Chuir sé sin deiseanna ar fáil do gach soláthraí cóiríochta a n-ionaid réadmhaoine agus a dtairiscintí saoire a chur faoi bhráid tomhaltóirí agus thacaigh sé le cuairteoirí a mhealladh ar ais go Gaillimh. Forbraíodh roinnt tionscnaimh le heagraíochtaí gnó cosúil le Comhlachas Tráchtála na Gaillimhe agus grúpaí gnó áitiúil chun tacú le méadú ar líon na gcustaiméirí sa bhaile, faoi réir srianta. Chomh maith leis sin, thacaigh an ciste le roinnt féilte agus imeachtaí a mhealladh daoine chun na Cathrach. Chomh maith leis sin, thacaigh an ciste le hatmaisféar na Nollag a chruthú i nGaillimh agus íocadh as costas na soilse Nollag go léir, seó solais ealaíonta nua sa bhFaiche Mhór san áireamh, gan éileamh a dhéanamh ar ghnólachtaí ranníocaíocht a dhéanamh.

### **Bailte Cinn Scríbe**

Fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú chun eispéireas amuigh faoin aer a chruthú feadh uiscebhealaí na Cathrach. Inseoidh sé sin an scéal faoi conas a d'imir na huiscebhealaí tionchar ar Ghaillimh an lae inniu agus na scéalta atá le hinsint fúthu. Cuirfead an tionscadal sin i gcrích go luath sa bhliain 2022. Is é is aidhm leis eispéireas mór nua amuigh faoin aer a chur ar fáil do chuairteoirí agus muintir na háite agus tacóidh sé le cuairteoirí a scaipeadh ar áiteanna eile sa Chathair.

### **Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ)**

I rith 2020, lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Oifig Fiontair Áitiúil i nGaillimh agus tacaíonn an Chomhairle le haidhm na hOifige Ionad Uile-Fhreastail a bheadh éifeachtach agus thar cionn a fhorbairt le haghaidh gnóthaí i nGaillimh, agus chun fiontraíocht agus cruthú fostaíochta a spreagadh agus a chur chun cinn. I measc na bpríomhthionscnamh bhí:

- Tacaíochtaí díreacha airgeadais do mhicreaghnólachtaí – gnólachtaí ag a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú
- Faisnéis do ghnólachtaí, seirbhísí comhairleacha agus tacaíocht fiontraíochta
- Oiliúint ardchaighdeán a sheachadadh chun riachtanais na ngnólachtaí, lena n-áirítear Do Ghnó Féin A Thosú, Do Ghnó A Bhainistiú, m. sh. Margaíocht, Díolachán, Bainistíocht Airgeadais, Straitéis agus Pleanáil Gnó
- Meantóireacht

- Comhairle maidir le rialacháin údaráis áitiúil, pleanáil, inrochtaineacht, comhshaol, soláthar agus saincheisteanna eile a théann i bhfeidhm ar do ghnó
- Tacaíochtaí Covid-19 – Scéim Dearbhán le haghaidh Trádáil Ar Líne & Iasachtaí Covid-19 do Ghnólachtaí

## **Gaillimh 2020**

Bhí comóradh bliana pleanáilte mar chuid den chlár cultúir le haghaidh Gaillimh 2020. Bhí comóradh le déanamh ar gach cineál ábhair: taispeántais sráide, léamha, ceolchoirmeacha clasaiceacha, damhsa, tionscadail scoile, imeachtaí leanaí, imeachtaí Gaeilge, léirithe ceoil, cruinnithe digiteacha, ealaín bheo, amharclannaíocht, sorcas, téadchleasaíocht, ealaín phoiblí, oidhreacht, bia, spórt, caoirigh, béaloideas, ár n-oileáin, ár ndaoine, samhlaíocht agus cruthaitheacht. Mar gheall ar shrianta Covid-19, faomhadh clár cultúir leasaithe le haghaidh Gaillimh 2020 lena chinntiú go mbeifí ábalta na tionscadail a bhí i dtairiscint bhunaidh na Gaillimhe ar éirigh léi a chur ar siúl. Le seachadadh an chláir bhí orainn na cúinsí athraithe agus na treoirlínte sláinte poiblí a chur san áireamh. Mar chuid den chlár cuireadh léirithe ar siúl a chloígh leis na srianta Covid-19 a bhí i bhfeidhm agus bhí imeachtaí eile ar siúl ar líne. In ainneoin an drochthionchair a bhí ag paidéim Covid-19 ar Bhliain Príomhchathair Cultúir na hEorpa, déanfaidh an Chomhairle Cathrach dul chun cinn maidir le hoidhreacht an ainmnithe mar Phríomhchathair Cultúir.

Sheol Gaillimh 2020 an clár leasaithe agus cuireadh tús leis arís i Meán Fómhair. Cuireadh roinnt imeachtaí amharclannaíochta, taispeántas agus suiteálacha ar siúl, chomh maith le clár leathan le haghaidh Oíche Chultúir 2020. Cuireadh an clár nua sin le chéile ar aon dul le treoirlínte sláinte poiblí. Bhí na himeachtaí ar fad curtha ar siúl an t-am ar fad faoi réir chomhlíonadh na dtreoirlínte a bhí i bhfeidhm, scaradh sóisialta agus líon teoranta daoine san áireamh. Bhí an clár leasaithe dílis do na téamaí bunaidh, is iad sin Teanga, Tírdhreach agus Imirce. Bhí an clár nua le bheith ar siúl go dtí deireadh Aibreán 2021 agus cuireadh gnéithe beo agus digiteacha san áireamh, rud a thug deis don lucht freastail dul go dtí imeachtaí nó blaiseadh a fháil ar ghnéithe ar líne den chlár ón bhaile. Tá na céadta imeachtaí in 28 tionscadal sa chlár leasaithe, chomh maith le 30 tionscadal pobalbhunaithe Bailte Beaga Smaointe Móra.

## **Leisureland**

Bhí bliain iontach ag Leisureland in 2018 agus 2019 agus bhí barrachas oibriúcháin aige sa dá bhliain. D'éirigh chomh maith céanna leis ag tús na bliana 2020 go dtí gur tugadh treoir do Leisureland na doirse a dhúnadh ar 12 Márta mar gheall ar threoirlínte an Rialtais maidir le Covid-19. Mar sin, cuireadh stop le gach foinse ioncaim don tsaoráid. I ndiaidh an dúnta sin, coinníodh an tsaoráid ar siúl ach níor úsáideadh ach an líon is lú is féidir ball foirne agus an méid is lú is féidir fuinnimh. D'eagraigh an bhainistíocht agus an fhoireann córas siúil aontreo, agus roinn siad na limistéir giomnásiam agus fáiltithe ar bhealach nua. Rinneadh athmheasúnú ar gach ráiteas sábháilteachta, measúnú riosca agus córais oibre agus bhí an áis ag feidhmiú faoi threoirlínte nua Covid-19. Athosclaíodh an suíomh agus na linnte snámha faoi

threoirlínte leibhéal 4 Covid-19 an Rialtais ar an 7 Iúil 2020. Bhí an t-ionad ag cailliúint airgid le linn na tréimhse sin a raibh leibhéal 4 i bhfeidhm lena linn, mar gheall ar líon na ndaoine ar féidir leo an áis a úsáid agus srianta Covid-19 eile.

Dhún Leisureland arís ar an 22 Deireadh Fómhair mar gheall ar threoir an Rialtais. D'athoscail sé ar an 1 Nollaig 2020 agus dhún sé arís ar an 1 Eanáir 2021. Sa bhliain 2020, bhí na láithreáin Leisureland dúnta ar feadh thart ar 5 mhí agus bhí an acmhainn teoranta ar feadh thart ar 4 mhí. Dá bharr sin, bhí Leisureland ag cailleadh airgid agus bhí tacaíocht airgeadais ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag teastáil uaidh chun go mbeidh sé ábalta leanúint ag feidhmiú.

### **Músaem Cathrach na Gaillimhe**

D'fhág an víreas Covid-19 lorg ar Mhúsaem Cathrach na Gaillimhe i rith na bliana 2020. I gcomhréir le treoirlínte an rialtais, dhún Músaem Cathrach na Gaillimhe a dhoirse agus níor ligeadh aon duine isteach ó 12 Márta 2020 ar aghaidh. Ón tréimhse seo ar aghaidh, bhí foireann an mhúsaeim gnóthach agus iad ag cloí le prótacail sláinte agus sábháilteachta Covid-19 san fhoirgneamh. Comhlíonadh treoirlínte an rialtais go léir agus cuireadh stáisiúin díghalraithe, bearta scartha shóisialta agus córais athraithe ghlantacháin ar bun ar fud an fhoirgnimh. Bhí sábháilteacht na foirne chun tosaigh nuair a bhí an músaem dúnta agus bhí na baill foirne ar fad, seachas beirt, ag obair ón mbaile (éilíodh ar bheirt ar an láthair maoirseacht a dhéanamh ar chóras bainistíochta comhshaoil an fhoirgnimh). Sular osclaíodh an músaem arís in Iúil 2020, bunaíodh córas áirithe ar Eventbrite chun go mbeadh ar na cuairteoirí ar fad ar an músaem áit a chur in áirithe ar líne. Cruthaíodh 4 shliotán ama i rith an lae agus bhí 30 duine ar a mhéad ligthe isteach in aghaidh sliotáin. Bhí ar gach cuairteoir ar an músaem sonraí teagmhála cuimsitheacha a chur ar fáil le haghaidh rianú teagmhálacha agus nuair a tháinig siad, bhí orthu díghalrú a úsáid agus cloí leis na prótacail ar fad a bhí i bhfeidhm.

### **An Taispeántas 'Monument' agus Gaillimhe 2020**

Leanadh ar aghaidh leis an obair don taispeántas Monument in 2020, taispeántas ar cuireadh tús leis mar chuid de chlár Phríomhchathair Chultúir na hEorpa. Ba í Eithne Verling, Stiúrthóir Músaeim, agus Sybil Curley a bhí i mbun coimeádaíochta don taispeántas, in éineacht le foireann an mhúsaeim, ealaíontóirí agus déantóirí, an fhoireann táirgthe agus déantúsaíochta agus teicneoirí closamhairc. Suiteáladh é ó Aibreán go dtí Iúil ar bhealach a bhí pleanáilte go cúramach agus a chloígh le srianta Covid-19. Nuair a d'oscail an músaem arís in Iúil, seoladh an taispeántas os comhair lucht freastail teoranta agus ligeadh cuairteoirí isteach. Fuarthas aiseolas an-dearfach faoin taispeántas agus bhí clúdach sna meáin fabhrach agus bhí a lán cainte faoi ar na meáin shóisialta. Ar an drochuair, ní raibh sé ar oscailt go dtí mí na Samhna nuair a dhún an músaem a dhoirse arís, seachas roinnt seachtainí i mí na Nollaig. Ciorraíodh an feachtas fógraíochta a bhí pleanáilte go mór. Osclóidh sé arís in 2021.

### **The Corrib: Myths, Legends and Folklore**



Osclaíodh an taispeántas sin in Iúil freisin. Ba é Brendan McGowan, Oifigeach Oideachais agus For-rochtana an mhúsaem, a bhí i mbun coimeádaíochta don taispeántas. Pléann sé roinnt de na seanmhiotais a bhain leis an abhainn agus an bá agus míníonn sé an comhthéacs Eorpach níos leithne. Tá Conair Shiúil Miotas agus Finscéalta ag gabháil leis an taispeántas, chomh maith le bróisiúr ar féidir cuairteoirí úsáid a bhaint as chun cuairt a thabhairt ar na deich láithreán agus scéal a ndéantar cur síos orthu sa taispeántas. Osclóidh sé arís in 2021 freisin.

### **Ardán Digiteach: Foireann Músaem agus Éire Ildánach 2020**

Chuir Éire Ildánach acmhainní ar fáil don mhúsaem chun sraith nua ábhar digiteach a fhorbairt ar mhaithe le cuairteoirí nach raibh in ann teacht chun an mhúsaem de bharr na paindéime. Le linn na míonna a raibh an músaem dúnta lena linn, forbraíodh tionscadail ar líne faoin teideal 'Explore from Home'. Áiríodh leis sin 'My Covid Creativity' agus 'Dear Diary' agus ba é an aidhm a bhí acu daoine a bhí sa mbaile a mhealladh agus rannpháirtíocht i raon tionscnamh a chur ar fáil. D'oibrigh foireann an mhúsaem go crua chun na hardáin meán sóisialta agus an suíomh gréasáin a fhorbairt agus a threisiú trí ábhair nua shuimiúla a chruthú agus a chur in airde.

### **Deich mBliana na gCuimhneachán**

Ó shamhradh 2020 ar aghaidh, rinne Brendan McGowan, Oifigeach Oideachais agus For-rochtana, taighde agus scríobh sé sraith ailt mhaisithe chomórtha faoi roinnt de na príomhimeachtaí agus daoine tábhachtacha i gCogadh na Saoirse i nGaillimh. Agus é sin á dhéanamh aige, chuaigh sé i dteagmháil le daoine muinteartha na ndaoine a bhí páirt acu ar an dá thaobh den choimhlint agus le grúpaí pobail áitiúil. Tháinig sé ar roinnt grianghraf nach bhfacthas roimhe sin. Ar chomóradh céad bliain na n-imeachtaí, cuirtear na hait in airde ar shuíomh gréasáin agus leathanach Facebook an Mhúsaem agus foilsíodh roinnt alt sa Connacht City Tribune agus sa Connacht Tribune. D'éirigh leis an Músaem maoiniú a fháil faoi Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán, d'fhonn na hait a aistriú agus a fhoilsiú i bhfómhar 2021. Beidh líon teoranta de leagan clóite an fhoilseacháin ar fáil saor in aisce agus tabharfar cóipeanna do leabharlanna áitiúla, grúpaí pobail agus dóibh siúd a thacaigh leis na hait. Beidh sé ar fáil saor in aisce mar chomhad PDF in-íoslóidh ar shuíomh gréasáin an Mhúsaem.

### **KEEPSAKES**

D'oibrigh Músaem Cathrach na Gaillimhe le héascaitheoir chun an tionscadal KEEPSAKES a chur ar siúl. Mar chuid de sin, chuathas i dteagmháil le thart ar 15 dhuine a bhí ag iarraidh tearmainn agus dídine in Éirinn agus a bhfuil cónaí orthu i nGaillimh, d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar a scéalta tríd na cuimhneacháin a thug siad leo óna dtír dhúchais nó rudaí atá tábhachtach ó thaobh a bhféiniúlachta de chun go mbeidís ar a gcompord in Éirinn. Bíonn turas an imircigh mothúchánach go minic. Díbríodh as a n-áit chónaithe iad agus fágann siad cuid díobh féin ina ndiaidh chun tús a chur le saol nua thar lear. Go minic, bíonn brí ar leith ag baint leis na cuimhneacháin a thugann siad leo óna dtír dhúchais. Cuirfear leabhrán maisithe le

chéile ag deireadh an tionscadail KEEPSAKES agus beidh scéalta na rudaí roghnaithe á n-insint ann. Tacaíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais leis an tionscadal sin. Cuireadh srian leis an obair, ar cuireadh tús léi in 2020, mar gheall ar shrianta Covid-19 ach tosóidh siad arís in 2021.

### **Athfhorbairt agus Síneadh an Mhúsaeim**

Lean an clár athfhorbartha músaeim ar aghaidh go tapa in 2020. Bualadh leis na hailtirí Howley Hayes go minic, agus lena bhfoireann deartha agus leis na pleanálaithe taispeántas agus léirmhínte, Haley Sharpe Design. Cuireadh Fáilte Éireann san áireamh i ngach ceann de na cruinnithe de na foirne dearaidh. I Lúnasa 2020, ceapadh Michael Curran ina Innealtóir Cónaithe Sinsearach agus ina Bhainisteoir Tionscadail le haghaidh chlár athfhorbairt an Mhúsaeim.

### **Timpeallacht an Mhúsaeim a Uasghrádú**

Cuireadh an Plean um Thimpeallacht an Mhúsaeim a Uasghrádú i gcrích. D'oibrigh Leo Lynch Mechanical and Process Engineering Consultants de réir an phlean a comhaontaíodh le Kyne and Clyne Consulting Engineers, a dhear an plean meicniúil agus leictreach le haghaidh fheabhsúcháin na timpeallachta músaeim. Tá tionscadal tábhachtach chun timpeallacht fhoirgneamh an mhúsaeim a fheabhsú agus a uasghrádú curtha i gcrích anois. Fuarthas comh-mhaoiniú arbh fhiú €360,000 é ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

### **Comhpháirtíochtaí Músaeim**

Lean an Músaeim Cathrach ar aghaidh lena chomhpháirtíocht le Foras na Mara chun Gailearaí Eolaíochta na Mara a chur ar fáil ar urlár uachtair an Mhúsaeim. Leanadh den chlár intéirneachta do chéimithe atá á mhaoiniú ag Foras na Mara agus mhol an Foras go n-infheisteadh €50,000 breise sna gailearaithe Eolaíochta na Mara. D'iarr Cúram, arb é an Institiúid Eolaíochta Bithleighis in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, é atá ina mol domhanda ó thaobh saineolas taighde maidir le teicneolaíocht gléasanna leighis de, ar an Músaeim Cathrach obair a dhéanamh le chéile ar chlár taispeántas arna mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Lean an Músaeim Cathrach ar aghaidh lena caidreamh leis an Ollamh Elizabeth Fitzpatrick ón Rannóg Seandálaíochta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chun an taispeántas faoi Éire na nGael, a raibh sí i mbun coimeádaíochta air in éineacht leis an bhfoireann músaeim, a chur ar siúl. Úsáideann an tOllamh Fitzpatrick an taispeántas seo, a bhfuil an-tóir air, mar uirlis mhúinteoireachta ar mhaithe lena mic léinn.

### **Amharclanna Halla an Bhaile**

Bhí tionchar diúltach ag géarchéim Covid-19 ar Amharclann Halla an Bhaile (a chlúdaíonn príomh-halla ina bhfuil 400 suíochán agus Spás Stiúideo ina bhfuil 52 suíochán i gCearnóg Theach na Cúirte, agus an spás ilchuspóireach Black Box ar Bhóthar na Díge ina bhfuil spás le haghaidh suas go dtí 550 suíochán nó 800 duine

atá ina seasamh). Bhí tionchar go háirithe mór ag an ngéarchéim ar Amharclann Halla an Bhaile mar gheall go mbraitheann an eagraíocht ar dhíolachán ticéad agus díolachán sa mbeár i gcomhar suas go dtí 80% dá hioncam, nach raibh sé i dteideal an Scéim Shealadach Fóirdheontas Tuarastail a fháil, murab ionann is a comhghleacaithe, agus go bhfuil sé freagrach as 2 fhoirgneamh a oibriú, lena n-áirítear 3 spás amharclannaíochta agus spásanna oifige/stiúideo le haghaidh roinnt príomheagraíochtaí áitiúla ealaíon.

Cuireadh stop le léirithe poiblí agus cuireadh baill foirne pháirtaimseartha Amharclann Halla an Bhaile ag a raibh conarthaí le huaireanta neamhrialta ar iomarcaíocht go sealadach nuair ba ghá d'ionaid ar fud na tíre a ndoirse a dhúnadh ag deireadh Mhárta. Laghdaíodh costais oibriúcháin go mór agus iarradh ar mhéid suntasach maoinithe éigeandála ón gComhairle Ealaíon chun oibríochtaí a dhaingniú – agus fuarthas é. Mar gheall ar an tacaíocht sin, agus ar shraith Deontais Atosaithe agus deontais eile níos déanaí sa bhliain, tacaíodh leis an tsaoráid déileáil le cailiteanais shuntasacha ioncaim, rud a chuir ar a chumas fanacht laistigh den bhuiséad in 2020.

Le linn na géarchéime, rinne Amharclann Halla an Bhaile dianiarracht chun tacú le healaíontóirí agus oibríthe in earnáil na n-ealaíon trí gach modh atá ar fáil di agus chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt chruthaitheach na n-ealaíontóirí, léiritheoir agus comhlachtaí áitiúla. Chuir sí tús le sraith sparánachtaí agus coimisiún agus le for-rochtain cheannródaíoch, tionscadail dhigiteacha san áireamh. Chuir sé ceannaireacht thar a bheith luachmhar ar fáil maidir le freagairt na hearnála don phaindéim agus fadhbanna a chur in iúl don phobal agus don Rialtas. Osclaíodh na doirse arís agus cuireadh léirithe poiblí ar siúl arís nuair a bhí sé ábalta le linn na tréimhse 6 seachtaine i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair. Cloíodh le sraith chuimsitheach beart a raibh páirt thábhachtach aici ina forbairt. D'áirithigh na bearta sin sábháilteacht agus compord an lucht féachana, na dtaibheoirí agus na foirne. Tar éis an dara dianghlasáil i lár Dheireadh Fómhair, d'fhorbair Amharclann Halla an Bhaile clár iontach éagsúil imeachtaí ar líne agus chuir sí tús le roinnt beart chun obair nua a fhorbairt, obair a bheoshruthú agus obair a scannánú le haghaidh sruthaithe ina dhiaidh sin chun caidreamh lena lucht féachana dílis a choimeád. Tá straitéis rannpháirtíochta poiblí Amharclann Halla an Bhaile sách éagsúil anois. Áirítear leis léirithe poiblí (ag Leibhéal 1 & 2) os comhair líon teoranta daoine atá scartha ó chéile; léirithe cumaiscthe (beoshruthanna d'imeachtaí a bhfreastalaíonn an pobal orthu, ar leibhéal 1 & 2); imeachtaí taifeadta a shruthú (ag Leibhéal 3 nó os a chionn); léirithe a thaifeadadh ag ealaíontóirí áitiúla lena sruthú go neamhspleách ina dhiaidh sin agus seónna amharclainne agus físeáin banna a thaifeadadh lena n-úsáid go neamhspleách.

### **Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe**

I rith na bliana bhí an phríomhbhéim á leagan ar Phlean Ealaíon Straitéiseach nua a dhreachtú do Chathair na Gaillimhe. Bhí tús curtha leis na comhairliúcháin roimh an

bpaindéim agus leanadh leo go cianda i rith na bliana. Trí eagraíochtaí ealaíon agus earnáil na n-ealaíon a mhapáil, obair a rinneadh mar chuid de réamh-Athbhreithniú Straitéiseach Ealaíon, d'fhorbair an Oifig Ealaíon tuiscint láidir, cothrom le dáta ar an dinimic dhifriúil, ar na comhthéacsanna oibriúcháin agus samhlacha seachadta difriúla atá ag feidhmiú in earnáil na n-ealaíon sa Chathair, chun éabhlóid agus inbhuanaitheacht modhanna smaointeoireachta nua a chumasú, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú. I mí Feabhra, d'eisigh an Oifig Ealaíon cuirí chun tús a chur le próiseas idirphlé agus plé laistigh den Chomhairle, san earnáil ealaíon – ealaíontóirí aonair, eagraíochtaí ealaíon, ionaid agus féilte, agus le príomhpháirtithe leasmhara agus pobal na Gaillimhe trí chéile. Reáchtáladh 12 cheardlann earnála éascaithe agus 32 cruinniú príomhfhaisnéiseora le breis is 100 duine – ionadaithe ó eagraíochtaí a bhaineann leis na healaíona, oideachas, forbairt pobail, turasóireacht, seirbhísí don aos óg, sláinte, pleanáil uirbeach agus earnálacha ábhartha eile. Bhí deis ann freisin aighneachtaí ón bpobal a chur ar fáil ar líne chun Suirbhé Ar líne Ealaíon Chathair na Gaillimhe a chur i gcrích agus aighneacht i scríbhinn ó Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe chun léargas a thabhairt ar a dtuairimí maidir le conas ba cheart do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a téarmaí tagartha ealaíon a láimhseáil.

Ag tús na bliana reáchtáladh mórthaispeántas ealaíne, comhléiriú idir Oifig Ealaíon na Cathrach agus Ionad Ealaíon na Gaillimhe. Rinne *'The Uncertainty of History: Remembering Eileen Quinn'* le healaíontóir ó Chathair na Gaillimhe, Bernadette Burns, scrúdú ar chuimhne teaghlach mar bhealach bailí chun cur le canóin na staire, ag díriú ar chomóradh céad bliain dhúnmharú míchlúiteach a seanaintín faoi lámha na bPóilíní Cúnta a bhí lonnaithe i gCaisleán an Léana Bhuí. Cuimsíodh clár coimeádta cainteanna agus imeachtaí sa tionscadal a reáchtáladh in Ionad Ealaíon na Gaillimhe, i mí Eanáir agus Feabhra, tráth a raibh an áit lán go béal. Chomh maith leis sin, i réimse an chultúir fhísiúil, mar chuid de chomhpháirtíocht cheannródaíoch na hOifige Ealaíon le *Engage Studios* agus *Winter Papers* reáchtáladh *'On Noise, Images, Performance, Life'*, achrann idir Vicky Langan agus Atoosa Pour Hosseini, taibhiú comhoibríoch a scrúdaíonn an caidreamh idir ábharthacht agus an tsicé. Cuireadh críoch leis an imeacht le clár ar éirigh go maith leis a bhí dírithe ar fhoirmeacha ealaíne éagsúla agus a bhí á chomhchoimeád leis an údar duaisbhuaiteach, Kevin Barry.

Ba é a bhí mar chríoch le comhshaothar comhthéacsanna ealaíon sa phobal na hOifige Ealaíon le Cúram, OÉ Gaillimh agus comharsanachtaí an Oirthir, láithreoireacht ón ealaíontóir Karen Conway agus foireann de thaighdeoirí eolaíochta optúla in Ionad SCCUL in An Baile Bán i mí Feabhra. Reáchtáladh é seo arís i mí na Samhna nuair a cuimsíodh na saothair ealaíne a cruthaíodh sa 2 bhliain dheireanacha den tionscadal i bpobail na Cathrach leis na healaíontóirí Cleary+Connolly agus Karen Conway mar chuid de 3 chlár teilgin a reáchtáladh in Ionad Acmhainní an Taoibh Thiar, An Baile Bán agus sean-Mhúsaem na Cathrach. Ba é seo an tionscadal is déanaí i sraith ceardlann, imeachtaí agus turgnamh coimeádta ealaíne agus eolaíochta i measc phobail na Gaillimhe, imeachtaí a raibh daoine óga go háirithe páirteach iontu.

Bhí an tOifigeach Ealaíon páirteach i gcineálacha éagsúla tionscadal agus láithreoireachtaí, lena n-áirítear *Per Cent for Art Commission* Scoil Náisiúnta Choillte Mhuirlinne i nGaillimh. Reáchtáil an Oifig Ealaíon, i gcomhpháirtíocht le GRETB, dhá chónaitheacht litríochta i scoileanna i gCathair na Gaillimhe, agus chaith Luke Morgan tamall i gColáiste Mhuirlinne agus chaith Darach Mac Con Iomaire tamall ag obair ar líne le mic léinn i gColáiste na Coiribe mar chuid den tionscadal seo. D'oscail an tOifigeach Ealaíon an chéad taispeántas Comhpháirtíochta Cathrach le rannpháirtithe a bhí ag obair le meantóirí, a reáchtáladh i Leabharlann Chathair na Gaillimhe. Ghlac seoladh an fhoilsitheora cháiliúil atá bunaithe i Londain, Picador, a d'fhoilsigh mór-úrscéal nua le Alan McMonagle, údar de bhunadh na Gaillimhe, páirt sna searmanais fhoirmiúla a reáchtáladh mar chuid de chomóradh 700 bliain ar bhunú Eaglais Choláisteach San Nioclás. Chomh maith leis sin, in Eaglais San Nioclás, chuir an tOifigeach Ealaíon an chéad léiriú domhanda de shaothar cumhachtach nua le Jane O'Leary i láthair, a bhí á taibhiú ag ConTempo, Grúpa Ceoil Cónaitheach na Gaillimhe. Leanadh ar aghaidh le clár na bplaiseanna litríochta ar fud na cathrach agus nochtadh an chloch ghreanta atá tiomnaithe don sár-úrscéalaí de bhunadh chathair na Gaillimhe, Eilís Dillon. Tá úrscéalta Gaillimheacha cáilliúla scríofa ag Eilís, i nGaeilge agus i mBéarla a bhfuil an-tóir ag pobal na Cathrach orthu, agus cinneadh d'aon ghuth gur rogha an-oiriúnach ba ea Eilís Dillon lena cuimhne a bhuanú mar chuid de shraith sheanbhunaithe agus cháiliúil plaiseanna atá lonnaithe in áiteanna feiceálacha ar fud na Cathrach, lena chinntiú go mbíonn deis ag pobal na háite agus ag cuairteoirí araon tamall a chaitheamh ag smaoineamh ar agus ag dul i ngleic le mórscribhinní faoin gCathair ó phinn cuid dár n-údar is fearr. I mí Dheireadh Fómhair seo caite nocht Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard, i dteannta le leanaí Eilís, an file Gaeilge agus ollamh i gColáiste na Tríonóide, Eiléan Ní Chuilleanáin agus a deartháir, Cormac Ó Cuilleanáin, iar-Ollamh le hIodáilis i gColáiste na Tríonóide an phlaic, taobh le siúlbealach na Coiribe ag Baile Nua Mhic Gabhann, tráth a raibh comóradh á dhéanamh ar céad bliain ó rugadh í. Tá 24 plaic le fáil ar fud na Cathrach anois agus tá an clár seo á reáchtáil i gcomhar le Dánlann Uí Chionnaith. Chuir Covid-19 isteach ar ár dtionscadal Bealtaine a bhí á reáchtáil le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann, *Age and Opportunity*, agus Comhairle Contae an Chláir agus Comhairle Contae Ros Comáin, ach cuireadh críoch leis an gclár le láithreoireacht agus le seimineár bunaithe ar théamaí na féile mar atá á craobhscaoileadh i scríbhinní aeistéitiúla Martin Heidegger agus Jacques Derrida i gcomhthéacs ionad soláthair dhírigh Eglinton i mBóthar na Trá. Fad is a bhí srianta Covid-19 i bhfeidhm, rinne an tOifigeach Ealaíon teagmháil le healaíontóirí agus bainisteoirí ealaíon leithlisithe, agus tugadh cabhair dóibh chun úsáid a bhaint as feidhmchláir nua agus reatha agus as tionscadail chianda, ar líne agus fhíorúla agus soláthar inneachair.

Ar an 18 Meán Fómhair, ghlac Cathair na Gaillimhe, i dteannta leis an gcuid eile d'Éirinn, páirt i gclár corraitheach agus cruthaitheach saor in aisce mar chuid d'Oíche Chultúir 2020, sárthaispeántas náisiúnta na n-ealaíon cruthaitheach agus tuilleadh. Ainneoin na paidéime agus deacrachtaí maoinithe dá barr, cúis áthais d'Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe gur éirigh léi clár iomlán de sheoda ar líne agus as líne a

choimeád. I measc na mbuaicphointí bhí Bádóirí an Chladaigh i mBáisín an Chladaigh le húicéirí, ceol agus maighdean mhara, Rang BA ó choláiste ealaíne GMIT a raibh a saothar ar taispeántas den chéad uair in *Connacht Tribune Printworks* mar chuid de thaispeántas na gcéimithe, seónna áititheacha *Art in Mind* a chruthaíonn nasc idir cruthaitheacht agus meabhairshláinte ina ndánlann agus stiúideonna Lios Bán, suiteáil chumhachtach ilmheáin Philip Fogarty i dTeach Cúirte na Cathrach – a bhí ina ionad iontach ealaíne don oíche, agus taibhiú pobail iontach amuigh faoin aer i gCoillte Mhuirlinne, agus tugadh aird ar shrianta Covid-19 i rith gach imeachta. I measc na n-imeachtaí a reáchtáladh ar líne bhí ceiliúradh Cúirt ar mhórscribhneoirí gearrscéalta na hÉireann i gcomhar le siopa leabhar Uí Chionnaith, Con Tempo a bhí ag seinm ceoil mar chuid de Chónaitheacht Cheoil na Gaillimhe agus Consal Oinigh na Fraince ag nascadh le hIonad Cultúrtha *Black Gate* mar chuid d’oíche lán de cheol agus plé Francach. Mar chuid d’eagrán an fhómhair d’Fhéile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe reáchtáladh taispeántas cumhachtach Hughie O’Donoghue in An Post agus *Mirror Pavilion* iontach John Gerrard in Áirse Láir na Coiribe, agus reáchtáladh clár bríomhar mar chuid de Phríomhchathair Chultúir na hEorpa na Gaillimhe sa mhol in An tSráid Láir, mar aon le meascán iontach d’ealaín sráide agus de mhúrphictiúir, agus comhoibriú le Dánlann Chathair na Gaillimhe chun taispeántas iontach ealaíne agus seandálaíochta dar teideal *Monument* a reáchtáil. Fianaise shoiléir ar spiorad dochloíte Chathair na Gaillimhe, fiú amháin nuair a bhí neart dúshlán le sárú, ba ea an clár a bunaíodh don Oíche Chultúir.

I mí Mheán Fómhair vótáil Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun deontais a dhámhachtain ar eagraíochtaí ealaíon na Cathrach, de réir Alt 12 d’Acht Ealaíon, 2003. Roinneadh deontais arbh fhiú €425,000 iad i measc na ngrúpaí seo a leanas:

<i>A Little Door Children’s’ Theatre</i>	<i>Architecture at the Edge</i>
<i>Artspace Studios</i>	Féile Ealaíon Idirnáisiúnta Baboró
<i>Blue Teapot Theatre Company</i>	<i>Branar</i> Téatar do Pháistí
Amharclann Brú	Compántas Amharclannaíochta Cáca Dána
<i>Clay Galway</i>	An t-irisleabhar <i>Crannóg</i>
Compántas Amharclannaíochta <i>Decadent</i>	Féile <i>Misleór</i> na gCultúr Fánaíochta
Amharclann an Druid	Compántas Drámaíochta Phobal an Taoibh Thoir
Stiúideo Ealaíne <i>Engage</i>	Compántas Amharclannaíochta <i>Eva’s Echo</i>
<i>Forge Clay Studios</i>	Diaspóra Afracach na Gaillimhe
Club Ealaíon na Gaillimhe	Ionad Ealaíon na Gaillimhe
Amhránaithe Baróic na Gaillimhe	<i>Galway Baytones</i>
Seisiúin Thraidisiúnta na Gaillimhe	Ceadail Ardeaglais na Gaillimhe
Cumann Córúil na Gaillimhe	Sorcas Pobail na Gaillimhe
Tionscadal Damhsa na Gaillimhe	<i>Galway Early Music</i>
Fleadh Scannán na Gaillimhe	Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe
Ceolchumann na Gaillimhe	Cumann Percy French na Gaillimhe
Iontaobhas Steinway na Gaillimhe	Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe
Grúpa Uke na Gaillimhe	Amharclann Óige na Gaillimhe

*Hot Potato Productions*

Fleadh Scannán na Gaillimhe don Aos Óg Cór Soiscéalach Ignite

*Little Cinema* na Gaillimhe

*Luminosa Music*

Macnas

Cúirt Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe

Amharclann *Moonfish*

Féile *Moth & Butterfly*

*Music for Galway*

*New Moon and That's Life*

(Bráithre na Carthanachta)

Amharclann *No Ropes*

*126 Artist Led Gallery*

Imeachtaí Liteartha *Over the Edge*

Comharghrúpa Óige *Red Bird*

Geamaireacht na Rinne Móire

*Saolta Arts*

*Speckled Egg Dance*

*St Nicholas Schola Cantorum*

An Taibhdhearc

Cónaitheacht Cheoil na Gaillimhe

Seisiúin na Gaillimhe

Féile Ealaíon na nÓg *Tribes*

Féile Amharc-Ealaíne Tulca

Amharclann *Visionation*

Féile Ealaíon an Taoibh Thiar

Grúpa Scríbhneoirí *Write On*

Bailé Óige an Iarthair.

Chuir Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe críoch leis an mbliain le tionscadal ealaíne poiblí dar teideal '*Sea of Souls*'. San áireamh ann bhí suiteáil solais leis an ealaíontóir de bhunadh an Chladaigh, Brendan Savage, suiteáil solais gluaiseachta agus machnamhach ar dhromchla an uisce i mBáisín an Chladaigh, le breis agus 600 solas aonair ag déanamh ionadaíochta ar dhaoine a chaill a mbeatha in uiscí na hÉireann. Cuireadh an tionscadal i láthair i gcomhar le Sábháilteacht Uisce Éireann agus Teaghlach Oliver ó An Cladach, le tacaíocht ó Aqua Fact agus arna fhorhuiniú ag Iontaobhas Loingseoireachta Loch Coirib. Tá físeán taifeadta a roinnfear leis na meáin amach anseo. Taifeadadh an scannán ar an suíomh ag Báisín an Chladaigh ar an 21 Nollaig, lena n-áirítear taibhiú ó chór na Gaillimhe, *The Galway Baytones*. Tugadh aird ar shrianta scartha shóisialta i rith an taifeadta. Críoch tochtmhar le bliain dhúshlánach.

### **Clár Éire Ildánach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**

In 2020 ceapadh Loretta Raftery mar Oibrí Forbartha Chlár Éire Ildánach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. D'éirigh thar cionn le Clár Éire Ildánach in 2020 agus tarraingíodh go leor airde air sna meáin shóisialta, mar gheall ar an mbealach réamhghníomhach ar réachtáladh an clár ainneoin na ndúshlán a bhain le Covid-19. In 2020, leithdháileadh €196,732 ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi Chlár Éire Ildánach. Soláthraíodh roinnt sruthanna maoinithe breise don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in 2020, a chuir ar chumas Clár Éire Ildánach roinnt tionscnamh agus tionscadal breise a cheadú do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. In 2020, cuireadh maoiniú breise €84,957 ar fáil do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do Chlár Éire Ildánach. Réachtáladh 24 tionscadal mar chuid de Chlár Éire Ildánach in 2020. Fianaise ba ea na tionscadail seo ar an méid oibre atá déanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe mar fhreagairt don phaindéim, agus chun teacht chuici féin arís i ndiaidh na paindéime.

### **Cruinniú na nÓg 2020**

Ba ar an Satharn, an 13 Meitheamh, a reáchtáladh Cruinniú na nÓg 2020, lá náisiúnta na hÉireann de ghníomhaíochtaí cruthaitheacha saor in aisce do leanaí agus do dhaoine óga faoi 18 mbliana d'aois. Reáchtáladh breis is 460 gníomhaíocht, imeacht agus craoladh ar líne saor in aisce ar fud na tíre. Bhí ról lárnach ag RTÉ i dtacú le Cruinniú na nÓg 2020. D'eagraigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ranganna sorcais, ranganna damhsa, taispeántas grianghraf a sheol Méara na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard, ranganna péinteála agus tugadh deis do cheoltóirí óga páirt a ghlacadh i dtaibhiú beo. Bhí Branar i mbun beochaintí filíochta iontacha agus bhí ionadaí i láthair ó *'My Creative Life'* Chomhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe a craoladh ar Phodchraoladh RTÉ School Hub agus RTÉjr. D'eagraigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe clár lán de spraoi le haghaidh Chruinniú na nÓg 2020, ach i lár phaindéim dhomhanda 2020, ba é an Cruinniú seo an ceann is tábhachtaí agus is dúshlánaí riamh. D'éirigh leis an bhfoireann dul i ngleic go héifeachtach leis an dúshlán, agus bhí idir 5-6 fhógra gach lá roimh an gCruinniú le cloisteáil ar Galway Bay FM agus foilsithe ar ár leathanach Facebook Éire Ildánach. Bhain tábhacht leis an scéal a scaipeadh lena chinntiú go nglacfadh leanaí páirt sna himeachtaí ar an lá. Bunaithe ar na figiúirí féachana, d'éirigh thar cionn leis na gCruinniú, agus cé go raibh sé beagán aisteach gach rud a reáchtáil go fíorúil agus ar líne, buntáiste a bhain leis an gcur chuige seo ba ea go mbíonn na hacmhainní fós ar fáil le haghaidh roinnt seachtainí dóibh siúd nach raibh ar a gcumas páirt a ghlacadh sna himeachtaí ar an lá mór.

### **Príomhthionscadail mhaoinithe Éire Ildánach 2020**

Chomhaontaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Foireann Éire Ildánach go mbeadh an maoiniú le haghaidh 2020 ag tacú le feachtas an Rialtais dar teideal *'DÉILEÁIL LE COVID-19 LE CHÉILE'*. Leag an feachtas seo béim ar an tábhacht a bhaineann le tacú lena chéile agus nasc a chothú le daoine eile, agus ainneoin go bhfuilimid ar fad ag déileáil le rudaí éagsúla, tarraingítear aird san fheachtas seo ar an bpointe "beag beann ar an méid atá ag tarlú i do shaol, má chothaítear nasc eadrainn ar fad go n-éireoidh linn ar fad déileáil leis seo, le chéile". Thacaigh maoiniú Éire Ildánach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le haon tionscnaimh nuálacha a d'fhéadfadh lucht na n-ealaíon a chur i gcrích chun tacú le daoine i rith na paindéime. Bunaíodh 15 príomhthionscadal maoinithe Éire Ildánach in 2020 agus tarraingíodh aird shuntasach orthu sna meáin agus chuir siad go mór le saol daoine i rith na paindéime, agus i rith na srianta a bhí ar shaol daoine. I measc na dtionscadal níos mó bhí *'Turning Galway into an exhibition'*. I mí Dheireadh Fómhair, eagraíodh taispeántas grianghraf de na ghrianghraif ghleoite de Ghaillimh atá glactha ag an Dr Chaosheng Zhang. Moladh an taispeántas seo go hard ar na meáin shóisialta. Tarraingíodh aird sna meáin ar fad ar *'Bringing it all Back Home'*, tionscnamh cultúrtha idirghlúine Tithe Altranais Amharclann na Gaillimhe agus ina dhiaidh sin, d'oibrigh RTÉ agus Éire Ildánach le chéile chun próifíl roinnt tionscadal Éire Ildánach a fhorbairt.



Rinne Éire Ildánach teagmháil le Comhairle Cathrach na Gaillimhe lena chur in iúl gur mhaith leis *'Bringing it all Back Home'* a áireamh i míreanna fógraíochta teilifíse saor in aisce. Trí úsáid a bhaint as seirbhísí léirithe intí, chlúdaigh RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona agus Éire Ildánach na costais a bhain le míreanna fógraíochta 30 soicind a léiriú don teilifís agus do na meáin shóisialta le haghaidh scannáin an tionscadail seo. Dea-scéala ba ea é seo do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe!

*'Creative Christmas'* – Ghlac 20 grúpa pobail páirt sa tionscadal seo agus tugadh deis do 20 ealaíontóir áitiúil a gcrann Nollag féin a mhaisiú. Léiríodh i bhfad níos mó spéise sa tionscadal ná mar a bhí súil leis. Cuireadh tús leis i rith shrianta leibhéal 5 Covid-19, rud a chiallaigh go raibh dúshlán le sárú ag gach duine, ach léirigh na grúpaí pobail agus na healaíontóirí an-spéis sa tionscadal agus bhí siad lánsásta tacú le hOibrithe Forbartha Éire Ildánach. Tugadh deis do ghrúpaí pobail as gach cuid den Chathair páirt a ghlacadh sa tionscadal, d'fhonn a chinntiú go rabhthas ag glacadh le cur chuige 'ag obair le chéile ach scartha óna chéile' faoi na srianta. Phostáil gach grúpa eolas maidir lena dtionscadal féin ar na hardáin meán sóisialta, agus fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe aiseolas an-dearfach uathu ar fad.

Dréacht/Draft

## Forbairt Pobail

Is é an aidhm atá ag an rannóg Forbartha Pobail gach pobal a chumasú chun barr a chumais a bhaint amach agus comhionannas rochtana agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn i measc gach pobal.

### Fóram Freagartha Pobail Covid-19

Ar an 27 Márta 2020, fógraíodh dianbhearta sláinte poiblí mar fhreagairt do ráig Covid-19 in Éirinn. Chiallaigh sé seo go raibh ár dtír agus ár gCathair faoi dhianghlasáil. Moladh do gach duine fanacht sa bhaile agus a bheith i mbun aclaíochta laistigh de 2km óna n-áit chónaithe, ní raibh ach gnóthaí riachtanacha oscailte agus bhí srianta i bhfeidhm i ndáil le hiompar poiblí chun freastal ar oibrithe riachtanacha. Fiafraíodh de dhaoine a bhí leochaileach do Covid-19 'clutharú'. I rith an deireadh seachtaine, bunaithe ar threoir ón Rialtas, bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe struchtúir thacaíochta don phobal, go háirithe na daoine is leochailí a fiafraíodh díobh clutharú.

Bunaíodh Fóram Freagartha Pobail Covid-19 Chathair na Gaillimhe, a threoraíonn comhordú thacaíochtaí agus athléimneacht pobail Covid-19 agus an Líne Chabhrach Glao Pobail, ar a dtugtar an tionscnamh 'Glao Pobail' i dteannta a chéile, iarracht an Rialtais náisiúnta, an rialtais áitiúil agus na hearnálacha pobail agus deonacha oibriú le chéile chun tacú le daoine leochaileacha inár bpobal i rith éigeandáil Covid-19. Bhíomar dírithe ar dhaoine scothaosta agus ar na daoine is leochailí, agus ar mhearfhreagairt a sholáthar ar fud Chathair na Gaillimhe lena chinntiú gur tugadh aire do gach duine. Ina dhiaidh sin, dhírigh an glao ar chúrsaí folláine agus conas is féidir le pobail oibriú le chéile chun cabhrú lena chéile i rith ghéarchéim leanúnach Covid-19. Tá an Fóram ag leanúint lena chinntiú go bhfuil an fhreagairt phobail á comhordú go leanúnach, agus go bhfuiltear ag cur ar chumas gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla comhoibriú chun tacú lenár bpobail agus go háirithe na daoine is leochailí.

### Líne Chabhrach Glao Pobail Chathair na Gaillimhe Covid-19

Bhí sé mar aidhm le Líne Chabhrach Glao Pobail Covid-19, á treorú agus a comhordú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, líne chabhrach pobail tiomnaithe a sholáthar lena chinntiú go dtacaítear go cuí le gach ball leochaileach den phobal le linn dúinn a bheith ag freagairt do Covid-19. Bíonn an Líne Chabhrach beo idir 9am – 5pm, Luan go hAoine, ag an Uimhir Shaorghlao 1800 400 150 nó is féidir ríomhphost



#### Galway City Council Community Call

We're here if you need practical support or someone to talk to.

We can help with:

- Delivery of food, medication, fuel or other household items
- Someone to talk to or keep in touch with
- Other practical supports
- Signposting and referral to reliable information and services

1800 400 150  
covidsupport@galwaycity.ie

KEEP WELL  
IN YOUR COMMUNITY



a sheoladh chuig [covidsupport@galwaycity.ie](mailto:covidsupport@galwaycity.ie). Lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre, an deireadh seachtaine san áireamh, déileáiltear go huathoibríoch le gach glao agus iarratas tríd an tseirbhís glao taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre. Príomhchuspóir de chuid na Líne Cabhrach é a chinntiú go bhfuil daoine scothaosta agus daoine leochaileacha sa phobal in ann tacaíochtaí an-praiticiúla a rochtain cosúil le hearraí grósaera, béilí ar rothaí, cógas a bhailiú agus tacaíochtaí agus rannpháirtíocht shóisialta. Dhéileáil an Líne Chabhrach seo le breis is 1,070 iarratas go dtí seo agus tá freagairt áitiúil riachtanach sa chomhthéacs seo.

### **Maoiniú Éigeandála COVID-19**

Cheadaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe 39 deontas ar fiú €65,686 iad faoi Chiste Éigeandála Covid-19 in dhá chéim. I rith mhí na Bealtaine 2020, ceadaíodh maoiniú chun tacú le raon leathan grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla pobail agus deonacha a bhí ag obair ar fud Chathair na Gaillimhe a raibh baint acu le hiarrachtaí freagartha pobail Covid-19. Mar chuid den tionscnamh Glao Pobail, sholáthair sé seo cúnamh airgeadais i ndáil le costais eisceachtúla, aonuaire a bhain leis an bhfreagairt do Covid-19. Mar chuid de Chéim 2 de thionscnamh Ghlaio Pobail Chathair na Gaillimhe, a bhí dírithe ar chabhrú lenár bpobail agus le daoine aonair díriú ar a bhfolláine agus i rith na paindéime ceadaíodh maoiniú le haghaidh tionscadal, agus arís trí chúnadh airgeadais a sholáthar do roinnt agus do raon tionscadal áitiúil a bhí ag tacú le trí phríomhréimse fócais an fheachtais Folláine – Fan i dTeagmháil le Daoine, Fan Gníomhach agus Tabhair Aire do do Mheabhairshláinte. Lena chois sin, d'fhorbair Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhpháirt le Fóram Freagartha Pobail Covid-19 Chathair na Gaillimhe acmhainn an-úsáideach chun aird a tharraingt ar an raon seirbhísí, tionscadal agus tionscnamh atá ar siúl ar fud na Cathrach a bhfuil béim á leagan acu ar Fholláine. Is féidir breathnú air seo ar [Cathair na Gaillimhe - Folláine](#).

I rith mhí na Nollag 2020, ceadaíodh maoiniú breise do CFPA Chathair na Gaillimhe faoin gclár seo - €43,029, agus ba é an dáta deiridh a bhí luaite le hiarratais ar líne an 5 Feabhra 2021. Ar an iomlán, ceadaíodh maoiniú do 36 grúpa le haghaidh tionscadal éagsúil a chabhróidh le grúpaí pobail agus deonacha áitiúla a gcuid seirbhísí agus oibríochtaí áitiúla a oiriúnú chun tacaíochtaí sóisialta riachtanacha a sholáthar agus chun gníomhaíochtaí ar líne a chumasú agus tacú leo agus athruithe a dhéanamh in áitribh agus i spásanna ionas gur féidir aird a thabhairt ar scaradh sóisialta. Lena chois sin, ceadaíodh maoiniú do roinnt grúpaí chun páirt a ghlacadh san fheachtas 'Keep Well', maoiniú a chumasaigh a rannpháirtíocht san fheachtas seo atá dírithe ar na téamaí seo a leanas - fan i dteagmháil le daoine, lig do scíth agus bí cruthaitheach agus dírig aird ar do ghiúmar.

### **An Feachtas #Keepwell**

I rith Dheireadh Fómhair 2020, sheol An Taoiseach, Mícheál Martin, TD, an feachtas 'Keep Well', feachtas folláine tras-Rialtais. Is é an aidhm atá leis an bhfeachtas seo díriú ar athléimneacht sna míonna amach romhainn, nuair a bheimid ag maireachtáil le Covid-19. Tá sé tábhachtach go mbeadh daoine in ann aire a thabhairt dóibh féin

agus dá bhfolláine fhisiciúil agus dá meabhairshláinte. Páirteach san fheachtas seo, atá á mhaoiniú ag Sláintecare agus á stiúradh ag Éire na Sláinte, tá raon leathan tacaíochtaí sna hearnálacha seo a leanas – spóirt, cruthaitheacht, nascacht, bia agus for-rochtain phobail. Tacaíodh agus maoiníodh raon agus líon tionscnamh agus clár faoi Chiste Athléimneachta an Phobail de réir an fheachtais náisiúnta “Keep Well”. Tá tuilleadh eolais maidir leis na gníomhaíochtaí seo le fáil ar [www.galwaycity.ie/wellbeing](http://www.galwaycity.ie/wellbeing).



### **Gradaim an Mhéara**

Bhronn Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard, gradam Oibrí Deonach Chathair na Gaillimhe 2020 ar Chliodhna McDonald as a tiomantas agus as an tacaíocht atá tugtha aici do Chlub Lúthchleasaithe Óga Chluichí Oilimpeacha Speisialta na Gaillimhe mar chuid de 17<sup>ú</sup> Gradam Bliantúil Mhéara Chathair na Gaillimhe, a réachtáladh ar bhealach beagán éagsúil i rith 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19. Bhí 11 bhuaiteoir gradaim i gcatagóirí éagsúla agus bhronn an Méara Cubbard plaic lámhdhéanta álainn adhmaid orthu, déanta ag na deileadóirí adhmaid as Gaillimh, Ambrose & Bríd O’Halloran, ar an 26 Meitheamh 2020 i Leisureland, i mBóthar na Trá. Fuair beagnach 130 duine aonair agus grúpa, a ainmníodh sna catagóirí éagsúla, teastas ón Méara mar aitheantas don obair dheonach atá déanta acu chun tairbhe shaol an phobail ar fud na Cathrach. Comhairle Cathrach na Gaillimhe a eagraíonn na Gradaim chun aitheantas a thabhairt do dhaoine agus d’eagraíochtaí iontacha, a raibh tionchar suntasach acu ar chaighdeán saoil a bpobal i gCathair na Gaillimhe a fheabhsú trína dtiomantas agus trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí pobail agus deonacha a dhéantar saor in aisce. Seo a leanas buaiteoirí na ngradam sna naoi gcatagóir:

Gradam na nEalaíon, an Chultúir, na hOidhreachta & Cúrsaí Gaeilge: Oibríthe Deonacha Fhéile Ealaíon an Taoibh Thiar mar aitheantas don obair dheonach atá déanta acu chun spiorad agus pobal an Taoibh Thiar a chur chun cinn agus a cheiliúradh trí na healaíona.

Gradam Aitheantais Speisialta: *Galway 2020 Wavemakers*, mar aitheantas don am a chaith siad agus do na seirbhísí a sholáthar siad i ndáil leis an obair ullmhúcháin a bhain le Gaillimh 2020: Príomhchathair Chultúir na hEorpa.

Gradam na gCónaitheoirí & na gCeantar Áitiúil: Cumann Cónaitheoirí Bhóthar na Trá Íochtarach as a ndíograis i ndáil le cónaitheoirí i mBóthar na Trá Íochtarach agus sna ceantair mórtimpeall a threorú agus tacú leo.

Gradam na Seirbhíse Pobail & an Chuimsithe Shóisialta (Aonair): Lorraine Lally, as an díograis atá léirithe aici i ndáil le haird a tharraingt ar thitímeas.

Gradam na Seirbhíse Pobail & an Chuimsithe Shóisialta (Grúpa): *Claddagh Watch* as a dtiomantas tacaíocht a sholáthar do dhaoine leochaileacha a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu.

Gradam Oibrí Deonach Níos Sine na Bliana: Joan Kavanagh, mar aitheantas do na blianta fada atá caite aige i mbun ról éagsúil a bhaineann leis an saol trí chéile in eagraíochtaí carthanachta deonacha i nGaillimh.

Gradam na hInbhuanaitheachta Comhshaoil: Dan Clabby, mar aitheantas dá thiomantas agus dá dhíograis an timpeallacht mórtimpeall air a chosaint.

Gradam d'Oibrí Deonach Spóirt na Bliana: Michael Murphy, mar aitheantas dá ghníomhaíochtaí deonacha agus dá thiomantas do Chlub Peile West Utd.

Gradam Tacaíochta do Leanaí agus Daoine Óga: *Real Action Kids Club*, as a dtiomantas agus as a gcuid fuinnimh i ndáil le tacú le leanaí atá ina gcónaí i Soláthar Díreach i nGaillimh.

Gradam Oibrí Deonach Óg na Bliana: Jakub Kostanski, as a thiomantas do thacú le gníomhaíochtaí don aos óg i roinnt ról lena n-áirítear coiste Fhéile Ealaíon an Taoibh Thiar, Ord Mhálta, ionadaí Chathair na Gaillimhe ar Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta Chomhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe.

Gradam d'Oibrí Deonach na Bliana Chathair

na Gaillimhe: Clíodhna McDonald, as a thiomantas agus as tacú le Club Lúthchleasaithe Óga Chluichí Oilimpeacha Speisialta na Gaillimhe.



## **Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Luimnigh (CFPA) Chathair na Gaillimhe**

Bunaíodh CFPA Chathair na Gaillimhe chun críche cur chuige comhleanúnach agus comhtháite i ndáil le forbairt áitiúil agus pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun feidhme. Tá 15 chomhalta páirteach in CFPA Chathair na Gaillimhe, comhaltaí ón bpobal agus ó na hearnálacha príobháideacha. Cuimsítear sa chomhaltacht seo scileanna daoine atá ag obair go gníomhach i bhforbairt áitiúil agus i bhforbairt pobail le comhaltaí údaráis áitiúil, oifigigh agus gníomhaireachtaí stáit chun cur chuige nasctha, trasghearrthach a bhunú i ndáil le forbairt áitiúil agus pobail i gCathair na Gaillimhe. I rith 2020, tugadh roinnt athruithe faoi deara i gcomhaltacht CFPA, i ndiaidh do roinnt comhaltaí éirí as a gcúraimí, agus ceapadh roinnt comhaltaí nua. I rith 2020, reáchtáil CFPA Chathair na Gaillimhe 6 chruinniú, agus reáchtáladh 4 chinn de na cruinnithe seo ar líne de réir shrianta Covid-19. Ag tús 2021, d'ullmhaigh agus ghlac CFPA Chathair na Gaillimhe lena Thuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2020 ina ndéantar

cur síos ar dhul chun cinn i gcomhthéacs fheidhmeanna éagsúla CFPA i rith 2020, de réir chomhthéacs phaindéim COVID-19 lena n-áirítear athbhreithniú ar dhul chun cinn ginearálta, mionsonraí maidir le cruinnithe a réachtáladh, cur chun feidhme an Phlean Áitiúil Geilleagair agus Pobail agus mionsonraí maidir le maoirseacht, bainistíocht agus comhoibriú i ndáil le clár arna mhaoiniú go poiblí faoi théarmaí tagartha CFPA. Tá cóip den tuarascáil le fáil ag an nasc seo a leanas <https://www.galwaycity.ie/lcdc>.

### **Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí**

Cuireann Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna daoine a bhfuil seirbhísí á soláthar acu dóibh agus comhaltaí foirne a chosaint le linn dóibh a gcuid oibre laethúla a dhéanamh. Cuirtear comhionannas agus cearta an duine ag croílár fheidhmiú feidhmeanna na gcomhlachtaí poiblí.

Reáchtáladh comhdháil dar teideal *'Enhancing Public Service: the potential of the Public Sector Equality and Human Rights Duty'* ar an 31 Eanáir 2020 in Óstán an Harbour. I rith na comhdhála, roinneadh eolas maidir leis an méid a foghlaimíodh ó thionscadal CFPA Chathair na Gaillimhe agus obair balleagraíochtaí, agus scaipeadh agus pléadh na huirlisí a forbraíodh agus tugadh deis do pháirtithe leasmhara eile a dtuiscintí, a n-eispéiris agus a smaointe maidir leis an mbealach is éifeachtaí chun an Dualgas a chur chun cinn a roinnt. Mar chuid den chomhdháil, seoladh an Lámhleabhar Cur Chun Feidhme a forbraíodh mar chuid de CFPA Chathair na Gaillimhe. Cuimsítear sa lámhleabhar seo sraith uirlisí a forbraíodh chun tacú leis an obair atá ar bun againn féin agus obair na mballeagraíochtaí i ndáil le cur chun feidhme dhualgas comhionannais agus chearta an duine na hearnála poiblí.



## Clár Gníomhachtúcháin um Ionchuimsiú Sóisialta agus Pobail (SICAP) 2018- 2022

Soláthraíonn Clár Gníomhachtúcháin um Ionchuimsiú Sóisialta agus Pobail (SICAP) 2018- 2022 maoiniú chun déileáil le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta trí rannpháirtíocht agus comhpháirtíochtaí áitiúla idir daoine atá faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí na hearnála poiblí. I gCathair na Gaillimhe, is é CFPa an t-údarás conarthachta agus is é an ról atá aige an clár a bhainistiú agus a riar, clár atá á sheachadadh ag leibhéal áitiúil ag Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe.



## SICAP 2020 & Pleanáil Bhliantúil le haghaidh SICAP 2021

Go luath in 2021, chuir foghrúpa SICAP CFPA an t-athbhreithniú feidhmíochta bliantúil ar SICAP 2020 i gcrích, athbhreithniú a ceadaíodh ag cruinniú CFPA i mí Feabhra 2021. Cuireadh an t-athbhreithniú feidhmíochta bliantúil i gcrích de réir próiseas caighdeánaithe atá sonraithe ag Pobal agus tarraingíodh aird ar fheidhmíocht shásúil Chomhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe i ndáil le seachadadh SICAP i rith 2020, de réir an bhuiséid de €668,942. Tarraingíodh aird san athbhreithniú ar ghnóthachtaí



príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna), leibhéal maith spriocdhíríte laistigh de gach spriocghrúpa agus réimse dea-chleachtais. Chomh maith leis sin, sainaitníodh san athbhreithniú, dúshláin, bacainní agus riachtanais nach mór déileáil leo fós. I measc na ndúshlán sainaitheanta bhí tionchar Covid-19 ar sheachadadh SICAP agus tugadh faoi deara go raibh Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe i ndiaidh dul in oiriúint do na dúshlán seo chun spriocanna atá sonraithe a chomhlíonadh agus a shárú.

Ainneoin Covid-19 agus na dúshlán a bhain leis, sháraigh Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe a spriocanna cláir a bhí sonraithe le haghaidh tacaíocht aonair agus grúpaí pobail áitiúla, trí raon beart difriúil a chuir comhaltaí foirne i bhfeidhm agus ar thacaigh comhaltaí foirne leo. Bhain breis is 700 aosach agus 53 grúpa tairbhe as tacaíochtaí SICAP; agus ghlac 700 leanbh breise páirt i ngníomhaíochtaí. D'fhreagair roinnt samplaí d'obair chomhoibríoch go sonrach le Covid-19 lena n-áirítear ullmhú agus seachadadh 600 bláthbhosca fuinneoige samhraidh do dhaoine scothaosta agus leochaileacha sa phobal; dáileadh 100 pacáiste cúraim ar dhaoine scothaosta a sainaitníodh go príomha trí Líne Chabhrach Glao Pobail; ceannach agus úsáid leantach 24 táibléad cliste ACORN ar fud na Cathrach, deartha chun tacú le riachtanais dhigiteacha daoine scothaosta.





Le haghaidh SICAP 2021, cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála bliantúla i rith Dheireadh Fómhair 2020 mar a cheanglaítear de réir cheanglais Pobal. Deimhníodh go raibh an buiséad bliantúil le haghaidh 2021 ag an leibhéal céanna le 2020, agus comhaontaíodh ar spriocanna clár leasaithe le haghaidh 2021 bunaithe ar eispéiris a bhaineann le bheith ag obair i dtimpeallacht Covid-19 in 2020 agus bunaithe ar an tuiscint go mbeimid fós ag maireachtáil le Covid-19 in 2021. Mar a bheifí ag súil leis agus de thoradh Covid-19 agus riachtanais ghaolmhara a bhaineann leis an bpaindéim, i bPlean Bliantúil 2021 tugadh athrú beag faoi deara sa bhéim a bhí á leagan ar dhéileáil leis na riachtanais áitiúla seo.

### **Clár Feabhsaithe Pobail (CFP) 2020**

Riar Comhairle Cathrach na Gaillimhe, thar ceann CFPA Chathair na Gaillimhe, Clár Feabhsaithe Pobail (CFP) 2020, de réir an mhaoinithe a bhí leithdháilte ag an Roinn Gnóthaí Tuaithe agus Pobail (DRCD) - maoiniú luach €55,368. I ndiaidh gairm oscailte ar iarratais, ceadaíodh deontais do raon leathan grúpaí agus eagraíochtaí pobail áitiúla i gCathair na Gaillimhe. Ar an iomlán, ceadaíodh maoiniú le haghaidh 25 tionscadal le haghaidh tionscadail chaipitiúla éagsúla a chuir feabhas ar áiseanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste, agus díriodh an maoiniú ar na réimsí sin is mó a raibh sé ag teastáil uathu. Tá CFPA Chathair na Gaillimhe buíoch as an maoiniú atá faighte ó DRCD faoin gclár le haghaidh 2020.

### **Clár Feabhsaithe Pobail 2020 le haghaidh Ionaid Phobail agus Foirgnimh Phobail**

I rith Lúnasa 2020, riar Comhairle Cathrach na Gaillimhe, thar ceann CFPA Chathair na Gaillimhe, Clár Feabhsaithe Pobail (CFP) 2020, de réir an mhaoinithe a bhí leithdháilte ag an Roinn Gnóthaí Tuaithe agus Pobail (DRCD) - maoiniú luach €109,412. Faoi gclár, cuireadh deontais chaipitiúla ar fáil chun cabhrú le hobair chothabhála, feabhais agus cúraim ar ionaid phobail agus ar fhoirgnimh phobail, mar aon le hoiriúnuithe nó trealamh a theastaíonn de thoradh Covid-19. Cuireadh an maoiniú ar fáil faoi phacáiste spreagtha mhí lúil an Rialtais agus bhí sé dírithe ar bhearta a spreagann geilleagar na háite, agus a fheabhsaíonn áiseanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste ar fud Chathair na Gaillimhe. Ar an iomlán, ceadaíodh maoiniú le haghaidh 20 tionscadal ar fud na Cathrach le haghaidh tionscadail chaipitiúla éagsúla a chuirfidh feabhas ar áiseanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste, agus díriodh an maoiniú ar na réimsí sin is mó a bhfuil sé ag teastáil uathu. Tá CFPA Chathair na Gaillimhe buíoch as an maoiniú atá faighte ó DRCD faoin gclár le haghaidh 2020.

## **Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail Chathair na Gaillimhe (PAEP) 2020- 2021**

I ndiaidh roinnt mhaith obair a dhéanamh i rith ráithe 4 2019 maidir leis an athbhreithniú ar ghníomhartha i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail Chathair na Gaillimhe (PAEP) 2015-2021, CFPA Chathair na Gaillimhe agus sa CBS maidir le Forbairt Eacnamaíochta, Pobail agus Cultúrtha a comhaontaíodh, cuireadh Plean Cur Chun Feidhme 2020-2021 i láthair. Cuimsítear sa phlean cur chun feidhme dhá bhliain seo an tréimhse dheiridh de PAEP Chathair na Gaillimhe, atá eagraithe bunaithe ar na 5 sprioc ardleibhéal le naoi dtionscnamh shuaitheanta (gníomhartha) agus 10 síoltionscnamh (gníomhartha) sainaitheanta.

Ag a gcruinniú i mí Meithimh 2020, phléigh Grúpa Stiúrtha PAEP an cur chuige atá le glacadh i ndáil le plean cur chun feidhme PAEP, go háirithe i ndáil le Covid-19 agus an tionchar atá aige ar eagraíochtaí, grúpaí agus pobail agus a bhfreagairt do shaincheisteanna agus do dhúshlán a bhí le sárú mar thoradh ar an dianghlasáil agus ar an srianta. Rinneadh teagmháil le gach príomhpháirtí chun an t-eolas is déanaí a fháil uathu maidir lena gníomhaíochtaí faoi seach chun teacht ar thuiscint choiteann ar conas a raibh a n-eagraíocht nó grúpa ag treorú chur chun feidhme a gníomhartha, agus san am céanna cuireadh na deacrachtaí agus na dúshlán a chruthaigh paidéim Covid-19 san áireamh. Ina theannta sin, comhaontaíodh cuireadh a thabhairt do phríomhpháirtithe láithreoireacht a dhéanamh ag cruinnithe CFPA maidir le cur chun feidhme a ngníomh/a ngníomhartha agus tá sé seo ar siúl go leanúnach. Tá tuarascáil achoimrithe ar dhul chun cinn maidir le Plean Cur Chun Feidhme PAEP 2020-2021 le fáil ar [Cathair na Gaillimhe - Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail \(PAEP\)](#). Is doiciméad beo é an tuarascáil ar dhul chun cinn agus déanfar é a nuashonrú go leanúnach de réir mar a fhorbraítear obair a bhaineann leis an raon gníomhartha.

### **Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe/LRP**

Is é Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (LPCG) an Líonra Rannpháirtíochta Pobail i gCathair na Gaillimhe. I gcás LPCG, sa chéad chuid den bhliain bhí béim mhór á leagan ar an bhfreagairt do Covid-19, agus ina dhiaidh sin, ar fhilleadh de réir a chéile ar phríomhghníomhaíochtaí LPCG. D'oibrigh LPCG i ndlúthpháirt le agus i ndlúthchomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe i roinnt réimsí, lena n-áirítear tacú le Fóram Freagartha Pobail Covid-19. Lean LPCG ag obair ar chur chun feidhme an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail i gcomhpháirt le raon comhpháirtithe. Fuair LPCG agus Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe maoiniú ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun tacú le 5 chinn de ghníomhaíochtaí LPCG agus ceapadh comhordaitheoir chun na gníomhartha a chomhordú. Chomh maith leis sin, d'éirigh go maith leis an iarratas a chuir LPCG chuig Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun forbairt a dhéanamh ar an obair a bhain leis an Dualgas Earnála Poiblí i gCathair na Gaillimhe, arís i gcomhthéacs gníomh ábhartha LPCG. Comhoibríonn LPCG go gníomhach le roinnt grúpaí, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí cosúil le Cathair na Gaillimhe Sláintiúil, Comhaontas Aoisbhá na Gaillimhe, #EqualityVotesGalway, Rochtain do Chách agus Líonra Comhshaoil na Gaillimhe.



Galway City Community Network  
Líonra Pobail Chathair Na Gaillimhe

In 2020, lean LPCG lena rannpháirtíocht le comhaltaí agus le comhaltaí a chlárú i mbunachar sonraí LPCG de réir rialacháin RGCS. Ar an 31 Nollaig 2020, bhí 144 grúpa agus eagraíocht cláraithe le LPCG. Reáchtáil LPCG 2 chruinniú ionductaithe in 2020 go cianda ar Zoom. Tugadh léargas tosaigh ar LPCG sna ceardlanna seo – stair, luachanna, struchtúir agus próisis LPCG. Moltar ar bhonn comhsheasmhach do phobail éagsúla, lena n-áirítear pobail atá faoi mhíbhuntáiste, a bheith páirteach in LPCG agus dírithe orthu ar bhonn réamhghníomhach chun páirt a ghlacadh na ceardlanna ionductaithe seo. Reáchtáladh na toghcháin do phríomhionadaithe LPCG in 2019. In 2020, chuir 2 ionadaí LPCG ar CFPA a dtéarma i gcríoch agus ceapadh 2 ionadaí tofa ina n-áit ag an gcruinniú iomlánach a reáchtáladh i Meán Fómhair 2020. In 2020, d’eagraigh LPCG oiliúint maidir le caibidlíocht agus ionadaíocht le haghaidh hionadaithe reatha LPCG agus ionadaithe LPCG a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Tairgeadh tacaíocht ar bhonn leanúnach do gach ionadaí LPCG. Príomhréimsí oibre do LPCG iad cumarsáid agus roinnt eolais ó tharla gá a bheith le agus tábhacht a bheith ag baint le comhaltaí a choinneáil ar an eolas agus cothrom le dáta i ndáil le réimsí éagsúla. Cuimsítear anseo scaipeadh eolais trí na meáin shóisialta agus dhigiteacha, ríomhphoist agus ar shuíomh gréasáin LPCG. In 2020, i dteannta leis an gnáth-nuachtlir agus leis na gnáthmhodhanna cumarsáide, scaip LPCG eolas agus nuashonruithe maidir le Covid-19 ar gach balleagraíocht thar ceann FSS, DRCD agus foinsí oifigiúla eile. Chomh maith leis sin, sheol LPCG feachtas cumarsáide a raibh sé mar aidhm leis bunachar sonraí poiblí nua a chruthú do dhaoine i gCathair na Gaillimhe chun cumarsáid oifigiúil maidir le Covid-19 a sholáthar. Lena chois sin, cruthaíodh leathanach gréasáin nua a bhaineann le Covid-19 ar a bhfuil eolas atá faighte ó fhoinsí oifigiúla le fáil. Gné thábhachtach d’obair LPCG é ionadaíocht a dhéanamh ar thuairimí chomhaltaí LPCG maidir le forbairt beartais ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Spreagamar agus d’éascaíomar rannpháirtíocht go gníomhach i ndáil le haighneachtaí beartais a dhéanamh i rith 2020 agus rinneadh aighneachtaí maidir leis an dréacht-athbhreithniú ar lámhleabhar LRP; dréacht-Straitéis Ealaíon Chathair na Gaillimhe 2020-2025; aighneacht LPCG maidir le hAthbhreithniú ar Luasteorainneacha Chathair na Gaillimhe 2020 i measc nithe eile.

### **Cathair na Gaillimhe Sláintiúil**

In 2020, d’oibrigh Cathair na Gaillimhe Sláintiúil i gcomhpháirt le príomhpháirtithe leasmhara chun gníomhartha atá á maoiniú faoi Bhabhta 3 de Chiste Éire na Sláinte a chur chun feidhme. I rith Aibreán 2020, ar iarratas ó Pobal agus ón Roinn Sláinte, athbhreithníodh clár oibre Chathair na Gaillimhe Sláintiúil lena chinntiú go raibh na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí beartaithe réalaíoch agus indéanta i gcomhthéacs Covid-19.

**Gníomh 1. Bia Sláintiúil á lthe ag an bPobal:** Cuireadh críoch le forbairt an chlár ar líne *Healthy Food Made Easy* agus reáchtáladh an clár ar bhonn píolótach le 5

cheannaire oilte HFME i mí na Nollag 2020, agus é mar aidhm an clár ar líne seo a rolladh amach go luath in 2021.

**Gníomh 2. Déileáil le Bacainní ar Ghníomhaíocht Fhísiciúil:** Cuireadh 4 chinn de na cláir ghníomhaíochta fisiciúla sceidealaithe faoin ngníomh seo i gcrích faoi dheireadh 2020. Áiríodh ina measc seo clár *Great Western Cricket*, clár lóga Cathaoireach Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, agus clár Spóirt *Come & Try Mol Spóirt Pobail Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe* in An Baile Bán agus Dabhach Uisce.

Mar fhreagairt do Covid-19, agus chun tacú le gníomhaíocht fhísiciúil sa bhaile gach lá i measc aosach scothaosta a bhí ag clutharú, d'fhorbair Seirbhísí Fisiteiripe FSS bileog aclaíochta a bhí curtha in oiriúint le húsáid i nGaillimh. Tionscnamh comhphárteach a bhí anseo idir Cathair na Gaillimhe Sláintiúil agus Contae na Gaillimhe Sláintiúil, i gcomhpháirt le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe. I rith 2020, dáileadh 3,000 bileog ar dhaoine scothaosta atá ina gcónaí i gCathair na Gaillimhe. I gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe agus CYPSC na Gaillimhe, ullmhaíodh 450 paca gníomhaíochta, agus dáileadh iad ar theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste ar fud Chathair na Gaillimhe. Dáileadh na pacáí seo gar don Lá Náisiúnta Súgartha ar an 4 Iúil 2020 agus é mar aidhm gníomhaíocht fhísiciúil a spreagadh i rith mhíonna an tsamhraidh.

**Gníomh 3. I dTreo Chathair na Gaillimhe Saor ó Thobac:** Forbraíodh pleananna chun *Not Around Us* a chur chun feidhm i 4 shuíomh phíolótacha faoi dheireadh 2020 nó go luath in 2021. Ordaíodh comharthaí a bhí le suiteáil nuair a bheadh na srianta maolaithe agus dearadh agus priontáladh bileoga agus póstaer. D'oibrigh Comhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe le físghráfadóir chun físeán múscaillte feasachta a fhorbairt don fheachtas, agus seoladh an feachtas go hoifigiúil agus cuireadh tús le rolladh amach an fheachtais go luath in 2021.

**Gníomh 4. Clár Oideachais Pobail maidir le Sláinte Ghnéis:** In 2020, dhírigh Sláinte Ghnéis an Iarthair ar thacú le roinnt príomhghrúpaí a bhí ag déileáil le saincheisteanna suntasacha a bhain lena sláinte ghnéis. Páirteach anseo bhí Pobal an Lucht Siúil, an Pobal LGBT+, daoine a bhí ina gcónaí i Soláthar Díreach agus an Earnáil Mhíchumais. I bhfianaise Covid-19, chinn Sláinte Ghnéis an Iarthair an clár a athstruchtúrú agus tá modúil foghlama faoi shláinte ghnéis forbartha acu trí fhíseán do spriocghrúpaí, mar aon le 20 clár pobail a sheachadadh. Is féidir gach acmhainn ar líne atá forbartha a úsáid go leanúnach agus cuirfear gné ilmheáin leis na seisiúin phobail nuair is féidir tús a chur le seachadadh pearsanta an athuair.

**Gníomh 5. I dTreo Phobal Sláintiúil LGBT+:** I rith 2020, d'oibrigh Comhordaitheoir Teach Solais leis an bPobal LGBT+ chun raon clár gníomhaíochtaí

The poster features the 'hi Healthy Ireland' logo and a photograph of an elderly couple. Below the photo, it says 'Simple Exercises for You to do at Home'. A tracking grid is provided with columns for Week 1, Week 2, Week 3, and Week 4, and rows for days of the week (MON to SUN). Each cell in the grid contains a circle for tracking completion. An arrow points to the grid with the text: 'Follow the 8 daily exercises overleaf, then tick the boxes below when each session is completed. Please complete all 8 exercises twice daily (AM and PM)'.

	Week 1		Week 2		Week 3		Week 4	
	AM	PM	AM	PM	AM	PM	AM	PM
MON	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
TUES	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
WED	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
THURS	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
FRI	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
SAT	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
SUN	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

fisiciúla a bhí oiriúnach dá gcuid riachtanas a shainaithe agus a sholáthar. Cuireadh roinnt clár ar fáil i rith na bliana lena n-áirítear lóga, Grúpaí Reathaíochta do Thosaitheoirí agus do Reathaithe Idirmheánacha, seisiún traenála Eatramhach Ard-Déine (HIIT), ranganna Corpacmhainne do Thosaitheoirí agus Ardranganna HIIT – a beoshruthaíodh trí Instagram Teach Solais.



**Gníomh an Chiste Meabhairshláinte Pobail:** Tá méid suntasach oibre déanta maidir le forbairt oiliúint Inniúlachta Cultúrtha do ghairmithe Meabhairshláinte i gcomhpháirt le Amach, Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe agus BRIDGE. Cuireadh ceardlanna Meabhairshláinte don phobal LGBT+ in oiriúint chun iad a sheachadadh ar líne agus cuireadh tús leis na ceardlanna a reáchtáil ar Zoom i rith mhí na Samhna 2020. Reáchtáladh an clár *Nature for Health* i gCoillte Mhuirinne ag deireadh 2020.

**Scéim Deontas Beag an Chiste Meabhairshláinte Pobail:** Leithdháileadh €30,000 ar CFPA Chathair na Gaillimhe faoin scéim deontais seo. Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú breise de €10,000 ar fáil freisin chun tacú leis an scéim deontais. Ar an iomlán, bhí maoiniú ceadaithe ag CFPA Chathair na Gaillimhe le haghaidh 15 thionscadal i mí na Nollag 2020.

**Rannpháirtíocht sa phobal:** Dáileadh marsantacht Chathair na Gaillimhe Sláintiúil tríd an Mol Spóirt Pobail, Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe agus tionscadail chócaireachta teaghlaigh Safefood CFI. Chomh maith leis sin, bhí peidiméadair agus bileoga aclaíochta Chathair na Gaillimhe Sláintiúil ar fáil ón Líne Chabhrach Glao Pobail. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin obair atá á déanamh ag Cathair na Gaillimhe Sláintiúil, eolas agus acmhainní iontaoifa sláinte agus folláine, agus an t-eolas is déanaí maidir le gníomhaíochtaí, cláir agus imeachtaí sláinte agus folláine tabhair cuairt ar [www.healthygalwaycity.ie](http://www.healthygalwaycity.ie).

Safefood CFI – Tionscadal Cócaireachta Teaghlaigh: I gcomhpháirt le Foróige, GRETB agus Seirbhísí Teaghlaigh Tusla, tacaíodh le 28 teaghlach ó Bhaile an Phoill, Dabhach Uisce, An Baile Bán agus Ceathrú an Bhrúnaigh chun béilí sláintiúla a ullmhú agus a ithe i rith mhíonna an gheimhridh. Cuireadh tús leis an gclár seo i mí na Samhna 2020 agus rith sé ar feadh 4 seachtaine. Fuair gach teaghlach paca lena n-áirítear mála agus peann Chathair Sláintiúil na Gaillimhe, leabhar cócaireachta ina raibh oideas le haghaidh 101 béile ceart agus sciarphlátaí d'aoisigh agus do leanaí. Bhain 86 teaghlach ar fad tairbhe as tionscadal cócaireachta Safefood in 2020.

### **Dúshlán Aosú Dearfach agus Folláine Éire Ildánach – Ceardlanna Cruthaitheacha do Dhaoine Scothaosta**

Mar gheall ar shrianta Covid-19, níorbh fhéidir na Ceardlanna Cruthaitheacha do Dhaoine Scothaosta a reáchtáil mar a bhí beartaithe. Chun an dúshlán seo a shárú, ceapadh ealaíontóir áitiúil chun na ceardlanna seo a éascú ó shábháilteacht áiteanna

cónaithe na ndaoine scothaosta trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht. Bhí príomhchuspóirí na gceardlann díreach mar an gcéanna - folláine mheabhairshláinte agus folláine fhisiciúil daoine scothaosta a fheabhsú trí mheán na n-ealaíon agus cabhrú le dul i ngleic le haonrú sóisialta agus uaigneas i measc daoine scothaosta i gCathair na Gaillimhe i rith mhíonna an gheimhridh.

### **Clár Aoisbhách na Gaillimhe**

Bhuail Comhaontas Aoisbhách na Gaillimhe le chéile faoi dhó i rith 2020 chun raon saincheisteanna agus réimsí oibre a phlé agus a fhorbairt de réir an chlár oibre. I rith 2020, eisíodh nuashonruithe rialta ríomhphoist chuig an gComhaontas agus chuig Comhairle Daoine Scothaosta na Gaillimhe maidir le tacaíochtaí, imeachtaí agus tionscnaimh a bhaineann le Covid-19, deiseanna maoinithe agus tuarascáil mhionsonraithe maidir le cleachtais agus tionscnaimh nuálacha atá á reáchtáil ar fud na tíre mar fhreagairt do Covid-19. Díríodh sa tuarascáil seo go príomha ar iarrachtaí ag leibhéal freagartha pobail agus tugtar léargas ar bhreis is 300 tionscnamh ar fud na tíre. Tá speisialtóir Teicniúil Tithíochta Aoisbhách ceaptha anois sa Roinn Tithíochta, i ndiaidh an tionscnamh seo a sheoladh go náisiúnta i mí na Nollag 2020. Feidhmeoidh an comhalta foirne atá sannta don ról seo mar phríomhphointe teagmhála i ndáil le nithe a bhaineann le ceisteanna teicniúla tithíochta aoisbhách, go sonrach nithe a bhaineann leis na prionsabail dearadh don saol agus dearadh uilíoch. I rith mhí Dheireadh Fómhair 2020, sholáthair Sláinte & Folláine FSS tacaíocht mhaoinithe do gach údarás áitiúil trí Aoisbhá Éireann chun tacaíochtaí digiteacha a sholáthar do dhaoine scothaosta trí tháibléid aoisbhácha a cheannach. Cuireadh maoiniú luach €3,225 ar fáil do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun 6 tháibléad chliste ACORN a cheannach, táibléid atá deartha chun tacú le riachtanais dhigiteacha daoine scothaosta a cuireadh ar fáil do roinnt tithe cúraim chónaithe i gCathair na Gaillimhe.

### **Comhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe**


Is comhairle do dhaoine óga idir 12-17 mbliana d'aois atá ina gcónaí nó ag tabhairt faoi chúrsa oideachais i gCathair na Gaillimhe é Comhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe. Tá an coiste seo ag obair ar líne ó dheireadh Mhárta 2020, mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus tá raon gníomhaíochtaí forbartha de réir na topaice atá roghnaithe acu le haghaidh 2020 - Meabhairshláinte. Rinne siad teagmháil le daoine óga agus lean siad ar aghaidh ag obair ar an topaic. Dhear siad suirbhé chun scrúdú a dhéanamh ar thuairimí maidir leis an scoil ar líne agus an tionchar a bhí aige ar fholláine na mac léinn. Chomh maith leis sin, theastaigh uathu na tacaíochtaí a bhí ar fáil dóibh a shainaithint mar aon leis na rudaí a bhí ag teastáil uathu i rith na tréimhse seo. I mí Iúil 2020, sheol Comhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe a dtuarascáil maidir le suirbhé foghlamtha ar líne, suirbhé ar ghlac breis is 200 duine óg páirt ann agus tá an tuarascáil iomlán le fáil anseo <https://www.comhairlenanog.ie/wp-content/uploads/2020/07/Online-Learning-Survey-Report.pdf>.

Thacaigh comhaltaí na Comhairle le teachtaireachtaí meabhairshláinte dearfacha ar ardán meán sóisialta Chomhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe. Chomh maith leis sin, bhí ról gníomhach acu i gcomhairle náisiúnta agus áitiúil maidir le Covid-19 a roinnt, príomhtheachtaireachtaí do dhaoine óga maidir le conas iad féin a choinneáil sábháilte agus slán; cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh agus aird a thabhairt ar scaradh sóisialta. I rith na bliana, dearadh comórtas anailíse ealaíne chun tacú le teachtaireachtaí meabhairshláinte dearfacha agus bealaí inar féidir le daoine óga tacú lena meabhairshláinte. Fuair comhaltaí na Comhairle tacaíocht ó Oifigeach Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ó Oifigeach um Fhéinmharú a Chosc, FSS chun an comórtas a dhearadh agus cabhrú le breithiúnas a dhéanamh ar na hiontrálacha. De réir na treorach, reáchtáladh Cruinniú Cinn Bliana Chomhairle na nÓg ar líne trí Zoom ar an 11 Samhain 2020, agus d'fhreastail 44 duine óg ar an gcruinniú a rinne ionadaíocht ar 10 scoil as 11 scoil na Cathrach agus ar ghrúpa amháin don aos óg ó Ghluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe. Chomhaontaigh an coiste leanúint lena gcuid oibre ar Mheabhairshláinte i rith 2021 agus leagadh béim ar mheabhairshláinte i scoileanna, ceardlanna le gairmithe. Agus tacaíocht níos fearr i scoileanna. <https://www.comhairlenanog.ie/local-comhairle/galway-city/>.

Ar deireadh, cheadaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maoiniú luach €3,594 faoi Scéim Maoinithe Chaipitil TFC aonuaire do Chomhairle na nÓg chun tacú le seachadadh leanúnach Chomhairle na nÓg. Ceadaíodh an maoiniú seo le haghaidh Chrua-earraí TFC chun tacú le forbairt agus cur chun feidhme cur chuige cumaisc agus pearsanta, de réir threoirínte an rialtais. Cumasóidh sé seo méadú poitéinsiúil ar líon na ndaoine óga ar féidir leo a bheith rannpháirteach agus chomh maith leis sin feabhsóidh sé aimsiú lucht féachana chomhaltaí na Comhairle.

### Lá na hAfraice 2020

Ba é an 25 Bealtaine 2020 Lá na hAfraice, lá atá ainmnithe ag Aontas na hAfraice chun comóradh bliantúil a dhéanamh ar aontas na hilchríche ar fud an domhain. Ainneoin imeachtaí maoinithe a bheith curtha ar atráth mar gheall ar shrianta Covid-19, cheiliúir Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhpháirt le Foireann Lá na hAfraice sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an lá go fíorúil, ar chainéil meán sóisialta áitiúla agus náisiúnta, lena n-áirítear Facebook, Twitter agus YouTube.



## Comhchoiste Póilíneachta Chathair na Gaillimhe

Tá sé mar aidhm ag Comhchoiste Póilíneachta Chathair na Gaillimhe (CCP) comhairliúchán, comhoibriú agus sineirge níos fearr a fhorbairt maidir le saincheisteanna póilíneachta agus coireachta idir An Garda Síochána, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Ionadaithe Pobail agus Ionadaithe Áitiúla Tofa. I rith 2020, lean CCP le cur chuige straitéiseach maidir lena chuid oibre chun déileáil le saincheisteanna áitiúla le chéile agus go straitéiseach i rith ceann de na blianta is dúshlánaí riamh mar gheall ar thionchar Covid-19 agus na héiginnteachtaí suntasacha a bhain leis, agus a bhainfidh leis i rith na bliana amach romhainn freisin. I rith 2020, cuireadh fáilte mhór roimh an teachtaireacht chomhsheasmhach ó An Garda Síochána maidir leis an ngá a bhí le cur chuige cothrom agus céimnithe chun déileáil le géarchéim sláinte poiblí Covid-19 trí úsáid a bhaint as na 4 E mar a thugtar orthu – rannpháirtíocht, míniú, spreagadh agus forfheidhmiú [*engage, explain, encourage and enforce*] i gcomhthéacs na ndainséar a bhain le paidéim Covid-19.

De réir mar a leanadh leis na leibhéil éagsúla srianta a bhí sonraithe sa Chreat Náisiúnta chun maireachtáil le Covid-19, ba cheart aird a tharraingt ar an méid rannpháirtíochta agus ar an méid tacaíochta a thug gach comhalta de CPP i ndáil le freagairt na Cathrach do Covid-19. Dhá shampla de bhreis gníomhaíochta póilíneachta ba ea seicphointí Oibríocht Fanacht, agus for-rochtain leanúnach do dhaoine leochaileacha agus íospartaigh mhí-úsáide trí Oibríocht Faoiseamh. Tá a mbuíochas curtha in iúl ag pobail do An Garda Síochána as an mbealach ar dhéileáil siad le riachtanais phobal na tíre le linn do gach duine a bheith ag déileáil leis na leibhéil éagsúla srianta i rith 2020. I rith 2020, tugadh roinnt athruithe faoi deara i gcomhaltacht CCP, i ndiaidh an olltoghcháin, agus anuas air sin ceapadh roinnt comhaltaí nua. Tionóladh CCP Chathair na Gaillimhe ar líne 3 huaire i rith 2020, agus reáchtáladh cruinnithe breise d'Fhochoistí CCP ar líne. Seachadadh roinnt agus raon tionscnamh comhoibríoch i rith 2020, a bhí dírithe ar shábháilteacht gach úsáideoir bóthair i gCathair na Gaillimhe; feabhsaíodh freagairtí sábháilteachta pobail agus é mar aidhm coireacht a chosc; iompar frithshóisialta a chosc agus tacú le samhlacha dea-chleachtas rannpháirtíochta sa phobal.

Ag tús 2021, ghlac CCP Chathair na Gaillimhe lena Thuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2020, ina ndéantar cur síos ar an obair a rinneadh in 2020 chun a chuspóirí a chomhlíonadh, mar aon le haird a tharraingt ar réimsí comhoibríthe agus ar chruinnithe a reáchtáladh i rith na bliana. Tá cóip den tuarascáil le fáil ag an nasc <https://www.galwaycity.ie/jpc-meeting-downloads>.

<b>CFPA</b>	Cathair na Gaillimhe
<b>Cathaoirleach</b>	Elaine Harvey (Ceardchumann)
<b>Príomhoifigeach</b>	Caitríona Morgan



<b>Leasanna Reachtúla</b>		
<b>Earnáil</b>	<b>Ainm</b>	<b>Eagraíocht</b>
<b>Comhaltaí Tofa an Údaráis Áitiúil</b>	An Comhairleoir Martina O'Connor	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
	An Comhairleoir Owen Hanley	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
<b>Oifigigh Údaráis Áitiúil</b>	Brian Barrett	Comhairle Cathrach na Gaillimhe (Ainmní CE)
	Breda Fox	Oifig Fiontair Áitiúil
<b>Gníomhaireachtaí Stáit</b>	Anne O'Neill	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
	Eithne Nic Dhonnachadha	Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
	Regina Higgins	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
<b>Leasanna Neamhreachtúla</b>		
<b>Earnáil</b>	<b>Ainm</b>	<b>Eagraíocht</b>
<b>Leasanna Pobail &amp; Deonacha</b>	James Coyne	Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (LPCG)
	Lorraine Grimes	Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (LPCG)
	Fiona Jennings	Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (LPCG)
	Maria Molloy	Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (LPCG)
	Niall Ó Brolcháin	Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (LPCG)
<b>Ceardchumann</b>	Elaine Harvey (Cathaoirleach)	Ceardchumann
<b>Fostóirí/Gnó</b>	Frank Greene	Cumann Comhlachais na Gaillimhe
<b>Forbairt Áitiúil</b>	Declan Brassil	Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe



## Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe

Bhí neart dúshlán le sárú ag gach duine i nGaillimh agus ar fud na tíre i rith 2020. Bhí tionchar diúltach ag an méid a tharla ar chúrsaí spóirt agus ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil, mar aon le roinnt tionchar dearfach. Tháinig líonra na gComhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla (CSAnna), ag obair le Spórt Éireann, le chéile agus é mar aidhm acu daoine a choinneáil chomh gníomhach agus is féidir i rith na dtréimhsí éagsúla srianta.

Thacaigh CSG le forbairt ár gceithre leabhrán Gníomhaíochta: Clár Aclaíochta Baile na nAosach Scothaosta, an Lá Bí Gníomhach Náisiúnta, ar an 28 Meitheamh agus Gníomhaíochtaí do Chách, agus oibriú le Cathair na Gaillimhe Sláintiúil & Contae na Gaillimhe Sláintiúil le haghaidh na nAclaíochtaí Simplí is féidir a dhéanamh sa Bhaile (5000) a bhí dírithe ar aosaigh scothaosta. Dáileadh na leabhráin seo ar theaghlach agus ar áiseanna cónaithe chun daoine a spreagadh chun gníomhaíocht fhisiciúil a dhéanamh i rith na dtréimhsí dianghlása. Tacaíodh leis na leabhráin seo trí ghníomhaíochtaí ar líne lena n-áirítear seisiúin chorpacmhainne do dhéagóirí, Fir ag Gluaiseacht, clár HIIT agus tuilleadh nach iad. Thacaigh CSG le clár náisiúnta atá á seachadadh ag Siel Blue, *Age & Opportunity* agus roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt chun aird a tharraingt ar ranganna gníomhaíochta fisiciúla beo.



## Clár agus Imeachtaí

Cuireadh tús maith le 2020 tráth ar reáchtáladh gnáthshíúlóidí Operation Transformation. Bhí ceannaire dár gcuid féin againn i mbliana, Shane Farrell. Shiúil na céadta taobh le Shane mar chuid de shíúlóid bhliantúil 5k OT ar an bPromanáid. Ní raibh ansin ach síúlóid amháin as 10 shíúlóid ar fad a bhí eagraithe mórthimpeall na Gaillimhe. Pointe dóchais amháin a bhain leis na srianta tosaigh ba ea go raibh am ag daoine freastal ar chúrsaí oiliúna ar líne. Chruthaigh Spórt Éireann cúrsa oiliúna sábháilteachta Covid-19 do cheannairí spóirt agus cuireadh ár gcúrsaí Cosaint 1 (Feasacht Bhunúsach) agus Cosaint 2 (Oifigeach Leanaí Club) ar fáil i rith na bliana. Reáchtálar cúrsa oiliúna amháin Cosaint 3 (Teagmhálaí Ainmnithe) sular bunaíodh na srianta. Chomh maith leis sin, reáchtálar ceardlann le hIonad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe maidir le hOibrithe Deonacha a Earcú agus a Choimeád, ar an 30 Meitheamh le haghaidh clubanna i nGaillimh.

Mar chuid den Lá Náisiúnta Súgartha (an 4 Iúil), agus i gcomhar leis an rannóg Áineasa & Conláistí, Coiste Seirbhísí na Leanaí & na nDaoine Óga, Cathair na Gaillimhe Sláintiúil agus an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, thacaíomar le 450 leanbh agus a dteaghlach a bheith gníomhach trí phacaí súgartha a sholáthar. Bhí na pacáí seo dírithe ar phobail faoi mhíbhuntáiste lena n-áirítear iad siúd in Ionaid Soláthair Dhíriú agus cónaitheoirí láithreán stad.

## Maoiniú

Roinneadh €130,000 idir 50 club faoi Scéim Deontais na gClubanna Spóirt le haghaidh 2020. Leithdháileadh méideanna idir €2,800 agus €3,500 ar 35 as an 50 club. Leithdháileadh maoiniú luach €22,000 ar 11 ghrúpa/chlub eile faoi Chiste an Spóirt agus na Gníomhaíochta Mionlaigh. Bhí Scéim na Deontas Beag Covid-19 (Spórt Éireann), scéim náisiúnta, á riar ag leibhéal áitiúil ag Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe. Ba é an aidhm a bhí leis an scéim seo tacú le clubanna le cuid de na costais a bhain lena fanacht i mbun oibriúcháin i rith shrianta Covid-19. Ba é €1,500 an t-uasmhéid a bhí ar fáil le haghaidh gach club. Cuireadh €126,036.73 ar fáil do Ghaillimh, agus fuarthas 113 iarratas. Maoiníodh 10 gcinn trína gCoiste Náisiúnta Rialaithe, níor chomhlíon 3 cinn na critéir agus fuair 100 club cineálacha dámhachtainí éagsúla, ina measc 35 club sa Chathair a fuair €42,350.94 ar fad.

### Mol Spóirt agus Gníomhaíochta Fisiciúla Pobail an Bhaile Bán/Dhabhach Uisce (MSGP)

Thacaigh MSGP leis an bpobal áitiúil in An Baile Bán agus Dabhach Uisce fanacht gníomhach i rith shrianta Covid-19, trí mheascán gníomhaíochtaí éagsúla a chruthaigh nasc idir comhpháirtithe éagsúla. Le breis is 25 clár agus gníomhaíocht, bhí MSGP gnóthach i rith 2020. Áiríodh i measc na gClár:

- Club Gníomhach Obar Bhaile, i gcomhpháirt le Cumann Naomh Uinseann de Pól
- Clár Eitpheile don Aos Óg le scoileanna áitiúla
- Clár Capoeira
- Seisiúin *Come 'n' Try* le clubanna spóirt áitiúla éagsúla á maoiniú ag Cathair na Gaillimhe Sláintiúil



- Campaí samhraidh, i gcomhpháirt le Cumann Naomh Uinseann de Pól
- Ceardlanna & Imeachtaí Dúlra le hOibrí Forbartha Óige ARD agus an Roinn Dí & Cirt agus Comhionannais
- Ceardlanna damhsa ar líne
- Clár Aclaíochta do Chailíní sna Déaga
- Clár lóga Machnamhach le Foróige an Taoibh Thoir
- Clár Folláine do Dhaoine Óga atá nasctha le scoileanna agus le seirbhísí don aos óg
- Clár *Buggy Buddies* a reáchtáladh i mbloic 6 seachtaine, cuireadh tús leis na clár a reáchtáil ar bhonn pearsanta agus leanadh leo ar líne nuair a cuireadh srianta i bhfeidhm
- An Clár Fir ag Gluaiseacht d'fhir atá os cionn 35 bliain d'aois
- Ciorcad Sinsearach d'aoisigh atá níos sine ná 50 bliain d'aois

- Siúlóidí Operation Transformation
- An clár Dúlra don tSláinte
- Clár Seachtainiúil Badmantan Sóisialta sular cuireadh tús leis na srianta.
- Imeacht teaghlaigh mar chuid de sheachtain na rothar
- Seachtain Eorpach na nGníomhaíochtaí Spóirt
- Siúlbealach Uirbeach an Bhaile Bháin.

Dréacht/Draft



### Oifigeach Forbartha Peile FAI Chathair na Gaillimhe

Cuimsítear i sainchúram an Oifigh Forbartha FAI, Cuimsiú Sóisialta, Peil do Chách, Idirchultúr, Scoileanna, Oideachas, Peil na mBan, Forbairt Imreoirí agus Forbairt Club. Cuireadh isteach go mór ar an séasúr imeartha in 2020, ach leanadh leis an obair in go leor clubanna chun cóitseálaithe agus riarthóirí a uas-sciliú, mar aon le leanaí a choinneáil gníomhach nuair nach raibh an oiliúint phearsanta ceadaithe. Áit ab fhéidir, reáchtáladh cláir oideachais agus oiliúna ar líne.

Áirítear i measc na gclár a reáchtáladh in 2020:

- *Kick Start 2 Recovery* – clár seachtainiúil a raibh Roinn Sláinte Ceirde FSS ag tacú leis a raibh sé mar aidhm leis seisiúin pheile a chur ar fáil d'aoisigh atá ag déileáil le dúshláin Mheabhairshláinte.
- Seachtain um Chuimsiú Sóisialta agus seachtain Bunleibhéil UEFA – seisiún Peile do Chách le leanaí le lagú radhairc.
- Reáchtáladh Comórtas 5 na mBunscoileanna thar 5 lá agus bhí seisiúin dírithe ar scoileanna beaga, meánmhéide agus móra.
- Chomh maith leis sin, reáchtáladh na cláir oideachais seo a leanas go pearsanta agus ar líne, ag brath ar an srianta a bhí i bhfeidhm ag an am:
  - PDP 1
  - Ceardlann 9v9
  - Ceadúnas Náisiúnta D
  - Cosaint FAI 1
  - Cosaint FAI 3
  - Ceadúnas GK D
  - UEFA B (measúnuithe)



### Tacaíocht Pobail

I rith 2020, d'oibrigh Oifigeach Forbartha Peile FAI le cógaslann Boots chun tacaíocht a sholáthar do bhaill den phobal nach raibh in ann dul chomh fada le cógaslann chun táirgí a fháil.

### Oifigeach Forbartha Rugbaí Chathair na Gaillimhe

Ba iad na príomhréimsí oibre a raibh an tOifigeach Forbartha Rugbaí dírithe orthu in 2020 - Cuimsiú Sóisialta, rugbaí scoileanna agus míchumais, mar aon le cúrsaí oideachais agus oiliúna do chóitseálaithe agus do riarthóirí.



### **Bunscoileanna**

Reáchtáladh clár Imir Rugbaí Aldi (rugbaí gan teagmháil) i 6 scoil (Coláiste Éinde, Scoil Bhríde i Seantalamh, Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Chnoc na Cathrach, Scoil Naomh Éinde, Scoil Naomh Eoin Aspal agus Scoil San Phroinsias), ar fud Chathair na Gaillimhe agus ghlac breis is 400 leanbh páirt iontu. Chomh maith leis sin, cuireadh cláir iarscoile ar fáil do dhaltaí ó Scoil Naomh Éinde agus Scoil Bhríde i Seantalamh, trí nasc a chruthú le RFC Chuan na Gaillimhe.



### **Meánscoileanna**

Reáchtáladh seisiúin le haghaidh breis is 100 dalta meánscoile. Ghlac na daltaí seo páirt in imeachtaí éagsúla, lena n-áirítear comórtais agus Imir Rugbaí Aldi do clár na meánscoileanna.

### **Grúpaí Áitiúla don Aos Óg**

Tugadh léargas tosaigh ar rugbaí gan teagmháil, i gcomhar le hObair d'Ógra Éireann, do leanaí áitiúla idir 10 agus 16 mbliana d'aois i bhFaiche Spóirt an Taoibh Thiar, mar aon le clár le hÓgtheagmháil a reáchtáladh in Ionad Pobail Mervue, do rannpháirtithe idir 15 agus 20 bliain d'aois, agus ghlac breis is 20 duine páirt sa chlár.



### **Rugbaí Ionchuimsitheach**

Ag obair le Scoil Lakeview, eagraíodh cuairt ar Fhaiche Spóirt Rugbaí Chonnacht, agus turas mórthimpeall na háite agus bualadh le himreoirí agus le foireann Rugbaí Chonnacht. Bhí seisiúin imir rugbaí Aldi eagraithe, ach mar gheall ar Covid-19, b'éigean na seisiúin seo a athsceidealú.

### **Cúrsaí Cóitseála**

Reáchtáladh trí chúrsa cóitseála i mbliana agus d'fhreastail breis is 60 cóitseálaí ar na cúrsaí sin.

- Mionchúrsa Coitseála Leanaí
- Cúrsa Cóitseála Daoine Óga cluiche 15-an-taobh
- Cúrsa Cóitseála Sinsearach foirne 15-an-taobh

### **Forbairt Club**

Reáchtáladh ceardlanna cóitseála i gcomhpháirt le OÉ Gaillimh, Galway Bay FM, *Galwegians* agus Club *Our Ladies' Boys*, chun ceardlanna cóitseála a chur ar fáil mar aon le seisiúin oiliúna bunaithe ar ionaid shonracha. Bunaíodh an clár 'Rugbaí do Leanaí' ionas go raibh treoir céim ar chéim ar fáil do chóitseálaithe chun cabhrú leo a seisiún oiliúna a reáchtáil ar bhealach a chiallaigh gur bhain siad féin agus na leanaí taitneamh as an seisiún. Tá na seisiúin oiliúna seo dírithe ar leanaí idir 6 agus 12

bhliain d'aois. Ghlac Galwegians agus Club Rugbaí Chuan na Gaillimhe páirt sa chlár seo. Chomh maith leis sin, tacaíodh le clubanna le forbairt amach anseo agus le riarachán.



### **Cláir Thallann na nÓg**

Cuid de ról an Oifigigh Forbartha Rugbaí é tacú le cláir thallainne

Rugbaí Chonnacht a chabhraíonn le scileanna gach imreoir ar fud na Cathrach a fheabhsú. Reáchtáladh seisiúin forbartha réigiúnacha gach seachtain, agus tugadh cuireadh d'imreoirí fireanna agus bainneanna ó chlubanna áitiúla freastal ar sheisiúin oiliúna chun cabhrú leo a scileanna rugbaí a fhorbairt, mar aon le díriú ar láidreacht agus ar aclú. D'fhreastail breis is 100 imreoir ar an seisiún i rith na bliana. I rith na bliana, d'oibrigh an t-oifigeach forbartha rugbaí taobh le cóitseálaithe rugbaí Chonnacht eile chun seisiúin shonracha oiliúna a reáchtáil do bhuachaillí a bhí ag glacadh páirte sa chonair sainitheanta tallainne agus clár tallainne na mban. Reáchtáladh na seisiúin san Fhaiche Spóirt gach mí chun cabhrú le 120 imreoir áitiúil dul chun cinn a dhéanamh chuig an gcéad leibhéal eile dá bhforbairt phearsanta.

Dréachtú





## **An Timpeallacht & Athrú Aeráide**

*Is é an aidhm atá ag an rannóg um Athrú Aeráide agus Timpeallacht, timpeallacht nádúrtha ár gcathrach a chosaint, a fheabhsú agus a chaomhnú, ceannaireacht a sholáthar i réimse an athraithe aeráide agus áiseanna caitheamh aimsire, áineasa agus taitneamhachta ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur chun cinn chun caighdeán na beatha a fheabhsú.*

### **Soláthar Seirbhísí agus Tacaíochtaí Bainistíochta Dramhaíola**

Bhí tionchar suntasach ag [paindéim Covid-19](#) ar na seirbhísí atá á soláthar ag an rannóg um Athrú Aeráide agus Timpeallacht in 2020. Bhí sé riachtanach roinnt seirbhísí agus tionscadal a stopadh agus/nó a iarchur rud ba chúis le clár laghdaithe le haghaidh 2020.

### **Oibriú agus larchúram Líonta Talún**

Leanadh le hoibreacha athchóirithe agus le monatóireacht ar láithreán líonta talún Cheathrú an Bhrúnaigh de réir choinníollacha cheadúnas EPA, agus uasghrádaíodh agus athnuadh an bonneagar de réir mar ba ghá.

### **Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála**

Leanadh leis an tSaoráid Conláiste Chathartha in Eastát Tionscail an Leasa Bháin a chur ar fáil saor in aisce do shealbhóirí tí, nuair ab fhéidir. Dúnadh an tsaoráid le haghaidh roinnt míonna i rith 2020, mar gheall ar shrianta Covid-19.

### **Ionaid Fág Anseo**

Fágadh 2,450 tona de ghloine i mbainc buidéal ar fud Chathair na Gaillimhe in 2020. Fágadh 309 tona de theicstílí i mbainc teicstílí ar fud Chathair na Gaillimhe in 2020. Tá Ionaid Fág Anseo lonnaithe ag 12 shuíomh ar fud na Cathrach.

### **Saoráid Mhúirínithe**

Cuireadh deireadh le húsáid a bhaint as an tsaoráid mhúirínithe i gCeathrú an Bhrúnaigh in 2014. Cheadaigh an Chomhairle togra chun an tsaoráid seo a leasú in 2019 le haghaidh tréimhse 5 bliana ar dtús agus an rogha síneadh 5 bliana eile a chur leis an léas ach comhaontú a bheith faighte ón dá pháirtí. Tá an léasa seo fós i mbun feidhme agus tá foinse ioncaim ríthábhachtaigh á sholáthar aige.

### **Bailiú Earraí Builc**

Bailíodh 167 earra builc cosúil le troscán, cairpéid agus leapacha agus 13 earra leictreacha. Fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú tríd an Scéim Tionscnaimh Frithdhumpála chun tacú le himeacht comhordaithe Earraí Builc le Comhairle Contae na Gaillimhe, a reáchtáladh ag saoráid Athchúrsála Bhearna. D'fhág 185 úsáideoir 26 tona d'earraí builc ag an tsaoráid, imeacht a chosain €7,718.

### **Bailiú Dramhaíl Ghuaiseach**

Ní raibh Comhairle Cathrach na Gaillimhe in ann Imeacht Diúscartha Dramhaíl Ghuaiseach Teaghlaigh a reáchtáil in 2020 mar gheall ar chúiseanna a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht a bhí nasctha le srianta Covid-19.

Dréacht/Draft

## **Monatóireacht agus Bainistiú Forfheidhmiú Dramhaíola**

### **RMCEI – Íoschritéir Mholta le haghaidh Iniúchtaí Timpeallachta**

Cuireadh an Plean RMCEI faoi bhráid EPA i mí Feabhra 2020 agus sonraíodh ann na hiniúchtaí timpeallachta a bhí le cur i gcrích ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Ba é aidhm an Plean na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin don bhliain a shainaitheint agus a eagrú in ord tosaíochta ionas go bhféadfadh an Chomhairle a cuid oibleagáidí faoin reachtaíocht timpeallachta ar fad a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil. Nuair a bhí an Plean á mheas ag EPA, athbhreithníodh tosaíochtaí timpeallachta, torthaí timpeallachta agus soláthar acmhainní forfheidhmiúcháin & athbhreithniú ar an bplean. Bronnadh rátáil ard ar an bPlean a chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe i dtoll a chéile.

### **Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Chonnacht Uladh – CUWERLA**

Téann Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbun comhairle le CUWERLA maidir le forfheidhmiúchán dramhaíola. Tá CUWERLA freagrach as gníomh forfheidhmiúcháin a chomhordú le Réigiún Chonnacht Uladh agus tosaíochtaí agus cuspóirí coiteanna a bhaineann le forfheidhmiúchán dramhaíola sa Réigiún a shonrú.

### **Seirbhís Maor Pobail don rannóg Timpeallachta**

Cabhraíonn na Maoir Phobail le gearáin a dhéanann an pobal a iniúchadh. Chomh maith leis sin, cabhraíonn siad le hionchúiseamh daoine aonair faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar agus faoin tuarascáil maidir le Láithreáin Thréigthe ar fud na Cathrach. Chomh maith leis sin, glacann na Maoir páirt i suirbhéanna bruscair, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an Suirbhé Náisiúnta Monatóireachta Bruscair.

### **Forfheidhmiúchán Dramhaíola**

Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus le rialacháin dramhaíola a fhorfheidhmiú faoin reachtaíocht um Bainistiú Dramhaíola. Chuir an Chomhairle na Tosaíochtaí Náisiúnta Forfheidhmiúcháin Dramhaíola le haghaidh 2020 eisithe ag DCCAE, Ciorclán WP05/19, san áireamh ina clár oibre le haghaidh 2020 lena n-áirítear Gníomhaíocht Tógála agus Scartála, an Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRC), Bailiú Dramhaíola – Dramhaíl Teaghlaigh & Tráchtála agus Láithreáin Sainspéise Ilghníomhaireachta. Cé go raibh tionchar ag srianta Covid-19 ar iniúchtaí fisiciúla a bheith á ndéanamh ag daoine in earnálacha áirithe, rinneadh iniúchtaí cianda breise in earnálacha eile áit a bhféadfaí agus áit ar cuí.

Pacáistiú: Chabhraigh obair forfheidhmiúcháin dramhaíola a rinne an Chomhairle faoi Rialacháin Phacáistithe 2014 (IR 282 de 2014) lena chinntiú go raibh gach mórtháirgeoir neamhchomhlíontach pacáistithe aithnid comhlíontach anois trí

bhallraíocht Repak. Tá 4 mhórtáirgeoir pacáistithe cláraithe le haghaidh féin-chomhlíontacht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

**Iompórtálaithe feithiclí:** De thoradh obair forfheidhmiúcháin a cuireadh i gcrích faoi Rialacháin maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite 2014 (IR 281), tá gach díoltóir carranna aithnid atá ag feidhmiú i gCathair na Gaillimhe cláraithe leis an scéim chomhlíontachta STFRC (Seirbhísí Timpeallachta Feithiclí a bhfuil a Ré Caite).

**Rialacháin maidir le Mearcair:** Thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi neart cian-iniúchtaí i ngach cleachtas fiaclóireachta i gCathair na Gaillimhe i rith 2020. Ciallaíonn Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Mearcair) 2018 (IR 533 de 2018) go bhfuil oibleagáid ar gach cleachtas fiaclóireachta i ndáil le dramhaíl Malgaim a bhí le fáil i gcleachtas fiaclóireachta. Bhí na Rialacháin á gcomhlíonadh ag a bhformhór, agus tá obair leantach á déanamh le líon beag cleachtas. Níor bhain na Rialacháin le roinnt cleachtas a ndearnadh iniúchadh orthu.

### **Na Fodhlíthe um Dheighilt, Stóráil agus Cur i Láthair Dramhaíola**

Glac Comhairle Cathrach na Gaillimhe le Fodhlíthe um Dheighilt, Stóráil agus Cur i Láthair Dramhaíl Teaghlaigh & Tráchtála in 2019. Éascaíonn na Fodhlíthe seo forfheidhmiúchán níos déine stóráil dramhaíola agus cur i láthair boscaí bruscair taobh amuigh de thithe, agus tá dualgas ar theaghlaigh anois cruthúnas a sholáthar maidir le conas a dhéanann siad a gcuid dramhaíola a dhiúscairt nó d'fhéadfadh go mbeadh fíneálacha socraithe le n-íoc acu agus d'fhéadfaí iad a ionchúiseamh. In 2020, bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe clár teaghlach atá ag baint tairbhe as seirbhís bailithe dramhaíola, an dara údarás áitiúil sa tír a rinne a leithéid. Faightear an t-eolas, ar bhonn ráithiúil, ón gceithre bhailitheoir dramhaíola atá ag feidhmiú sa chathair. Ansin mapáladh gach réadmhaoin trí úsáid a bhaint as Éirchóid agus meaitseáladh gach réadmhaoin le Geodirectory na Cathrach chun clár leictreonach a fhorbairt. Tríd an gclár seo a chothabháil éireoidh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe cur lena nósanna imeachta forfheidhmiúcháin i ndáil le dumpáil mhídhleathach.

## **Clár agus Tionscnaimh Feasachta Timpeallachta**

### **Clár na Scoileanna Glasa**

Tá gach scoil i gCathair na Gaillimhe cláraithe do chlár na Scoileanna Glasa, rud a chiallaíonn gur éirigh le roinnt saoráidí oideachais stádas an Bhrait Ghlais a bhaint amach. Chuir an Chomhairle cuairteanna measúnaithe i gcrích nuair ab fhéidir in 2020. Is é an aidhm atá le cuairt measúnaithe léargas a fháil ar chlár Scoileanna Glasa scoil, seiceáil go bhfuil seacht gcéim an chlár curtha i gcrích mar atá sonraithe ag An Taisce go sásúil agus comhairle a chur ar an Scoil nuair is gá. Ansin cuirtear moltaí faoi bhráid An Taisce i ndáil le Brat a bhronnadh. Tarlaíonn na cuairteanna measúnaithe athnuachana seo gach dhá bhliain mar aon le haon iarratais nua a d'fhéadfaí a fháil.

Bhí 10 gcuairt scoile curtha i gcrích roimh Aibreán 2020 agus tá a stádas Brait Ghlais athnuaite ag 10 scoil. Bronnadh brait ar scoileanna le haghaidh Bruscar agus Dramhaíl, Uisce, Bithéagsúlacht, Bruscar agus Dramhaíl Saoránachta Domhanda, Fuinneamh Saoránachta Domhanda, Saoránacht Dhomhanda Mhuirí agus Taisteal Saoránachta Domhanda. Mar gheall ar shrianta Covid-19 agus scoileanna a bheith dúnta, cuireadh cuairteanna ar fionraí le haghaidh tréimhsí suntasacha in 2020.

### **Tionscnamh Frithdhumpála (TFD)**

Bhí sé mar aidhm le TFD 2020 teagmhais dumpála a laghdú trí mhaoiniú a sholáthar do thionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil leis an bhfadhb a bhaineann le cur chuige comhoibríoch a úsáid a bhfuil údaráis áitiúla, pobail agus gníomhaireachtaí stáit eile páirteach ann. Ceist a bhaineann le freagracht aonair agus leis an dlí a chomhlíonadh é dumpáil mhídhleathach. Ba é 2020 an 4<sup>ú</sup> bliain a raibh an Tionscnamh Frithdhumpála á réachtáil.



Leithdháileadh €94,236 ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le haghaidh ceithre thionscadal in 2020 lena n-áirítear, imeacht bailithe earraí builc, feachtas feasachta oideachais i scoileanna, suiteáil gléasanna fuaime ag 8 shuíomh sa Chathair agus oibreacha éagsúla glantacháin agus feabhais ar fud na Cathrach. Mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, tugadh méadú suntasach faoi deara sa líon teagmhas de dhumpáil mhídhleathach sa Chathair a bhí á bhainistiú go cuí ag an Aonad Bainistíochta Bruscair.

### **Comórtas Mhórtas Cine is Ceantair Co-Operation Ireland (IPB)**

Is tionscnamh bliantúil uile-oileáin, atá á óstáil ag *Co-operation Ireland* agus á urrú ag *IPB Insurance*, agus á rith i gcomhar le húdaráis áitiúla, ó thuaidh agus ó dheas é seo, tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm leis aitheantas a thabhairt do agus ceiliúradh a dhéanamh ar an obair atá á déanamh ag pobail agus ag oibrithe deonacha ar mhaithe leis an tsochaí. Seo a leanas na trí ghrúpa a ainmníodh chun ionadaíocht a dhéanamh ar Chathair na Gaillimhe don chomórtas le haghaidh 2020: *Galway Contact*, Féile Ealaíon an Taoibh Thiar agus Bus Rothaíochta na Gaillimhe. Ba ar Fhéile Ealaíon an



Taoibh Thiar a bronnadh an chéad duais sa Tionscnamh Áit Chruthaitheach, agus mhol na moltóirí iad as “imeacht pobail an-láidir a fhorbairt, atá ag fás agus ag forbairt an t-am ar fad. Tarraingítear aird ar ealaíontóirí áitiúla agus is léir go bhfuil béim á leagan ar bhród as cruthaitheacht an phobail áitiúil. Tá sé

ag cur go suntasach le Mórtas Cine is Ceantair sa cheantar áirithe seo.”

An Méara Mike Cubbard le hionadaithe ó **Bhus Rothaíochta na Gaillimhe** ar bronnadh an dara duais orthu sa tionscnamh Athrú Aeráide Pobail.

### **Imeachtaí Glantacháin Pobail**

Chuir srianta Covid-19 teorainn leis an mbaint a bhí ag oibríthe deonacha le himeachtaí móra glantacháin pobail i roinnt eastát.

### **Tuarascáil An Taisce – Sraith Frithbhruscair IBAL**

Tuarascáil An Taisce – Sraith Frithbhruscair IBAL, Babhta 2, 2020 Lár Chathair na Gaillimhe: rinneadh suirbhé ar an 19<sup>ú</sup> cathair agus baile as 37 baile agus cathair ar fad. Méid Measartha Bruscair le feiceáil. Feabhas, toradh réasúnta maith do Ghailimh, ach theip ar an gcathair stádas glan a fháil ar ais. Bronnadh an grád bruscair is airde ar bheagán faoi bhun leath de na láithreáin a ndearnadh suirbhé iontu. I measc cuid de na samplaí maithe de shuíomhanna ag barr an liosta bhí an ceantar cónaithe An Garrán Fraoigh, Eastát Tionscail Mervue IDA/Páirc Ghnó & Teicneolaíochta, Club CLG Liam Mellows, Clós Súgartha do Leanaí Bhóthar Loch an tSáile agus Ospidéal Bon Secours – agus is é an difríocht atá idir na láithreáin seo agus láithreáin eile atá ag barr an liosta ní hamháin go raibh aird chuí á tabhairt ar chúrsaí bruscair iontu, bhí



cuma dheas orthu agus bhí siad á gcothabháil go cuí.

### **Ciste Áitiúil Comhpháirtíocht Comhshaoil Chlár 21 Ciste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail**

Tacaíonn an Ciste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail le forbairt inbhuanaithe trí chabhrú le tionscadail chomhshaoil bheaga ag leibhéal áitiúil. I measc na dtionscadal incháilithe tá tionscadail a thacaíonn le agus a chuireann le, ag leibhéal áitiúil, beartais chomhshaoil náisiúnta cosúil le beartais a bhaineann le Dramhaíl, Bithéagsúlacht, Athrú Aeráide, Aer, Uisce agus Forbairt Inbhuanaithe. Mar gheall ar shrianta Covid-19, cuireadh síneadh ama go dtí 2021 leis na tionscadail nach raibh curtha i gcrích in 2020.

### **Líonra um Chosc na nÚdarás Áitiúil (LCUA)**

Tuigeann Comhairle Cathrach na Gaillimhe an tábhacht a bhaineann le cosc agus le hathúsáid dramhaíola mar straitéisí bainistíochta dramhaíola agus tacaíonn an Chomhairle, go gníomhach, leis na roghanna cóireála dramhaíola seo agus le



roghanna eile nach iad. Tionscnamh amháin den sórt seo atá i mbun feidhme sa chathair é Athchúrsáil do Rothar, feachtas de chuid An Mheitheal Rothar. Is tionscnamh nuálach athchúrsála rothar atá bunaithe ag An Mheitheal Rothar é Athchúrsáil do Rothar. Tugtar thart ar 20 rothar chomh fada le hIonad Conláiste Chathartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe gach seachtain. Faoin scéim

Athchúrsáil do Rothar, tugtar na rothair seo chomh fada leis an gceardlann tá bunaithe ag An Mheitheal Rothar, áit a mbíonn deis ag daoine atá ag glacadh páirte sa scéim Tús a bheith ag obair orthu, agus deis scileanna luachmhara meicneora rothar a fhoghlaim ó mheicneoirí rothar atá páirteach in An Mheitheal Rothar. Ansin díoltar na rothair deisithe ag praghsanna inacmhainne, agus bailítear airgead don obair phobail atá á déanamh ag An Mheitheal Rothar cosúil le ceardlanna *Déan Féin É*, áit a mbíonn deis ag daoine foghlaim conas a rothair féin a dheisiú trí chabhair a fháil ó na meicneoirí deonacha. Go dtí seo, tá breis is 150 rothar deisithe agus díolta ag Athchúrsáil do Rothar, agus níl thart ar 1800kg de mhíotal curtha thar lear ar bhord loinge lena bhruithniú agus lena athchúrsáil, agus tá na céadta uaireanta oiliúna curtha ar fáil anseo i gCathair na Gaillimhe.

### **Tionscnamh Ordú Seirbhíse Pobail**

I gcomhar leis an tSeirbhís Phromhaidh, cuireann an Tionscnamh Ordú Seirbhíse Pobail cúraimí i gcrích ag suíomhanna aitheanta ar fud Chathair na Gaillimhe. Cuimsítear i measc na gcúraimí seo bruscar a bhailiú, féar a ghearradh, fiailí a bhaint agus fála a ghearradh. Cuireadh clár oibreacha 2020 ar fionraí, áfach, mar gheall ar shrianta Covid-19.

### **Deontais Conláistí**

Dámhadh 96 deontas in 2020 a raibh luach €22,600 luaite leo.



### Dúshlán Uaschúrsála 2020

Thug MyWaste.ie agus EPA dúshlán bhaill den phobal arís agus d'iarr siad orthu a samhlaíocht a úsáid agus rud éigin nua a chruthú as seanrud...beocht nua a thabhairt do rud éigin nó d'ábhar éigin atá seanchaite nó nach bhfuil ag teastáil ó dhuine ar bith. Ba é an dúshlán a bhí ann seanrud a aimsiú agus a athchóiriú nó a athrú go rud éigin iomlán difriúil a bhí fós inúsáidte. Shábháil *Blue Watch*, Briogáid Dóiteáin na Gaillimhe – trí dhréimire 'nach raibh in úsáid níos mó' agus a bhí caite sa chlós conamair agus úsáideadh iad chun láthair shuí a chruthú taobh amuigh i gclós an stáisiúin.

### Ciste Feasachta Frithbhruscair 2020

Cuireadh moill ar oibreacha ar thionscadail a bhí ceadaithe faoin gCiste Feasachta Frithbhruscair i rith 2020, mar gheall ar [phaindéim Covid-19](#). Dá thoradh, cuireadh maoiniú a bhí ceadaithe ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus Comhshaoil ar atráth go dtí 2021. Maoiníonn an t-airgead seo raon tionscadal frithbhruscair a bhfuil scoileanna, grúpaí pobail agus gnóthaí páirteach iontu, lena n-áirítear glantacháin bhruscair agus comórtas ealaíne do leanaí.

### Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara & Comórtas Bailte Slachtmhara agus Gairdíní Chathair na Gaillimhe 2020

In 2020, cuireadh comórtas ar ceal chun sláinte phoiblí agus sábháilteacht phoiblí a chinntiú, mar gheall ar [phaindéim leantach Covid-19](#)



### Seirbhís Bainistíochta Bruscair

#### Oibriú Glanadh Sráideanna

Lean na seirbhísí glanadh sráideanna agus bainistíochta bruscair ag obair 7 lá na seachtaine. (Cuireadh isteach ar sheirbhísí i Márta agus Aibreán mar gheall ar thús phaindéim Covid-19). Príomhthosaíocht do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe é cathair saor ó bhruscar a chothabháil ar mhaithe le stíl mhaireachtála, cúrsaí sóisialta agus eacnamaíocha.



### Plean Bainistíochta Bruscair 2018 – 2022

Faoi Alt 10 d'Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, tá dualgas ar údarás áitiúil Plean Bainistíochta Bruscair a chur i dtoll a chéile. Sonraítear sa phlean na cuspóirí chun bruscar a chosc agus a rialú, forfheidhmiúchán a chur chun feidhme, mar aon le bearta chun feasacht phoiblí a spreagadh maidir le bruscar i gCathair na Gaillimhe. Sonraítear ann freisin bearta agus socruithe atá bunaithe ag an údarás áitiúil chun na cuspóirí seo a chomhlíonadh. Leanadh le cur chun



feidhme an Phlean in 2020 ach chuir paidéim Covid-19 isteach go suntasach ar roinnt seirbhísí agus tionscnamh.

### **Fíneálacha Bruscair**

Eisítear fíneálacha bruscair faoi Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1997. In 2020, eisíodh 242 fíneáil ar fad. Bhí an t-ioncam iomlán a fuarthas cothrom le €19,155.

### **Láithreáin Thréigthe**

Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe le rannpháirtíocht ghníomhach le húinéirí na láithreán atá liostaithe ar Chlár na Láithreán Tréigthe, mar aon leis na láithreáin eile a bhfuil monatóireacht á déanamh orthu. Bhí an líon iniúchtaí ar láithreáin níos ísle i gcomparáid le blianta roimhe sin mar thoradh ar shrianta Covid-19. Seirbhéaladh trí fhógra Alt 11 le haghaidh orduithe scartála in 2020 ar thrí láithreán: an láithreán ina raibh *Connacht Laundry* tráth, an láithreán ar a raibh Óstán an *Corrib Great Southern* agus an láithreán ar a raibh *Oasis* i mBóthar na Trá. Bhí na hoibreacha scartála beagnach curtha i gcrích ag deireadh na bliana ag an láithreán a raibh *Connacht Laundry* lonnaithe ann tráth. Táthar ag súil go gcuirfead tús leis na hoibreacha scartála ag an dá láithreán eile in 2021. Ag deireadh 2020 bhí sonraí 16 láithreán taifeadta ar



an gClár. Gearrfar tobhach iomlán luach €298,900 ar úinéirí láithreán tréigthe. Tá Aonad Bailithe Fiach na Comhairle freagrach as na tobhaigh gan íoc ar fad a bhailiú.

### **Cáilíocht agus Sábháilteacht an Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn**

#### **Gradaim Brait Ghoirm/Cósta Glas**

Bhronn An Taisce, Iontaobhas Náisiúnta na hÉireann, Gradaim mheasúla Brait Ghoirm agus Cósta Ghlais ar dhá thrá i gCathair na Gaillimhe: Bóthar na Trá agus Trá na gCeann, in 2020.

Tá Gradam an Bhrait Ghoirm á reáchtáil ag An Taisce thar ceann na Fondúireachta um Oideachas Comhshaoil (FEE). Is é an Brat Gorm ceann de na héicilipéid is so-aitheanta ar domhan. Ní mór do thránna agus muiríní a mbronntar an gradam seo orthu critéir a chomhlíonadh a bhaineann le cáilíocht uisce, soláthar eolais, oideachas timpeallachta, sábháilteacht agus bainistíocht trána. Ag trána, ní mór go mbeadh sárchaighdeán á chomhlíonadh ag an uisce snámha de réir Threoir um Uisce Snámha 2006 an AE. Níl an Brat Gorm le haghaidh trána bailí ach i rith an tséasúir snámha oifigiúil agus le haghaidh séasúr amháin ag an am.

Tugann Gradam an Chósta Ghlais aitheantas do thránna lena mbaineann ardchaighdeán. Bronntar an gradam seo freisin ar thránna ag a bhfuil sárcháilíocht uisce, ach a bhfuil meas orthu freisin mar gheall ar an timpeallacht nádúrtha, gan mhilleadh atá le fáil mórthimpeall orthu. Ní mór láithreán Cósta Ghlais a bhainistiú i gcomhpháirt leis an bpobal áitiúil chun iad a chur san áireamh don ghradam seo.

### **Cáilíocht an Uisce**

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid tacar sonraí cháilíocht an uisce 2016 – 2019 ag trá Bhaile an Locháin, bhí cáilíocht an uisce snámha ag an suíomh seo rangaithe mar lag le haghaidh 2020. Dá réir sin, ní raibh sé ceadaithe a bheith ag snámh ag trá Bhaile an Locháin in 2020. Bhí príomhchúis an truaillithe luaite le heasnaimh sa líonra séarachais mar thoradh ar naisc thrasaithe sa dobharcheantar, agus draenacha forsceite comhcheangailte (DFCanna) suas an abhainn ar an trá, a ghníomhachtaítear i rith báisteach throm, agus a sceitear trí shruth éalaithe uisce dromchla atá cóngarach don trá. Déanfar tuilleadh iniúchta ar fho-dhobharcheantair uisce stoirme in 2021 chun foinsí na dtruailléán sa sruth éalaithe uisce dromchla a leithlisiú.

### **Sábháilteacht Uisce – Lár na Cathrach**

Rinneadh iniúchadh seachtainiúil ar 60 shuíomh baoi uisce agus canálacha feadh Abhainn na Coiribe agus chuir Seirbhís na Maor Pobail baoithe nua ar fáil nuair ba ghá. Rinne Cónaidhm Idirnáisiúnta Tarrthála na hEorpa Measúnú Riosca ar shábháilteacht uisce i bpurláin Abhainn na Coiribe in 2019. Táthar ag leanúint le torthaí an mheasúnaithe sin a chur i bhfeidhm agus tá sé beartaithe baoithe breise a chur ar fáil in 2020 mar aon le comharthaí sábháilteachta feabhsaithe.

### **Uiscebhealaí agus Canálacha**

Leanadh le hidirchaidreamh leanúnach le páirtithe leasmhara reachtúla (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra, Iascach Intíre Éireann agus ONP) i ndáil le hoibreacha cothabhála ar na huiscebhealaí agus ar na canálacha in 2020. Chuir comhairligh timpeallachta speisialtóra oibreacha dearaidh i gcrích d'oibreacha a raibh sé mar aidhm leo obair dheisiúcháin a dhéanamh agus smionagar a bhaint ó shiofón Chainéal na Drioglainne faoi Chanáil Eglinton. Tá sé beartaithe go gcuirfear na hoibreacha seo i gcrích i rith shamhradh 2021 agus beidh tacaíocht ar fáil trí mhaoiniú ó ONP. Níor cuireadh tús le mionoibreacha sceidealaithe ar Abhainn an Chláir mar an dara céim den obair in 2020 mar gheall ar phaindéim Covid-19. Tá sé beartaithe go gcuirfear dlús faoi na hoibreacha seo in 2021. Cuimsítear sna hoibreacha seo saoirseacht agus oibreacha deisiúcháin tóchair agus roinnt mion-díshiolta ag an suíomh sin. Beidh na hoibreacha ar fad faoi réir measúnaithe agus scagtha timpeallachta cúf.

### **Monatóireacht Chaighdeán an Aeir**

Coimisiúnaíodh stáisiún monatóireachta aeir nua (Cúlra Fo-uirbeach) ag Bóthar Rathúin ag deireadh 2018. Thóg Saotharlann Anailísí Phoiblí na Gaillimhe samplaí laethúla PM10 le haghaidh 365 lá i rith 2019. Níor sáraíodh an teorainn laethúil le haghaidh PM10 de 50 µg/m<sup>3</sup> a taifeadadh ag Bóthar Rathúin. Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair le EPA chun láithreáin oiriúnacha a roghnú le haghaidh dhá stáisiún monatóireachta aeir nua (Trácht Fo-uirbeach agus Trácht Uirbeach) mar chuid de Chlár Monatóireachta Náisiúnta Aer Comhthimpeallach. I rith 2019,

imlonnaíodh 157 feadán idirleata nr. NO2 ar fud Chathair na Gaillimhe chun eolas a sholáthar don phróiseas roghnaithe láithreáin.

Leanadh leis na gníomhaíochtaí feasachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le rialacháin gual toiteach in 2020, lena n-áirítear sampláil agus tástáil táirgí guail, áit ab fhéidir. Leanadh le gníomhaíochtaí feasachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le comhlíonadh stáisiún peitрил le rialacháin maidir le haerthruailliú (astuithe gal pheitрилiam) in 2020, agus tugadh feabhas sa leibhéal comhlíontachta faoi deara agus sa líon teastas tástála eisithe.

### **Plean Gníomhaíochta maidir le Torann**

Rinneadh iniúchadh ar theagmhais truailithe ó thorann ar bhonn an cháis i rith 2020 agus thug gearánaigh comhairle maidir leis na nósanna imeachta a bhí le leanúint faoi Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Bhunaigh Comhairle Cathrach



na Gaillimhe, an tUdarás Pleanála Gníomhaíochta ainmnithe faoi Airteagal 7 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) 2018 (IR Uimh. 549 de 2018), Plean Gníomhaíochta maidir le Torann 2019-2023 le haghaidh stráicí de phríomhbhóithre i gCathair na Gaillimhe ar a ndéantar níos mó ná 3 mhilliún aistear feithicle gach bliain. Ní chuimsítear sa phlean seo torann ó ghníomhaíochtaí baile, torann ó chomharsana agus torann in ionaid oibre.

### **Iontaobhaithe Loingseoireachta Loch Coirib**

Tá Iontaobhaithe Loingseoireachta Loch Coirib freagrach as cothabháil chóras chanáil Eglinton, na siúlbealaí, cosáin tarraingthe, geataí loic agus ballaí teorann gaolmhara, cothabháil na gcomharthaí loingseoireachta agus líon teoranta céanna feadh chóras na Coiribe. Bhuail an bord le chéile 4 huairé in 2020 agus pléadh an clár oibre comhaontaithe, lena n-áirítear buiséad luach €350,000 le haghaidh 2021. Áirítear i measc na n-oibreacha a cuireadh i gcrích in 2020, oibreacha glantacháin agus deisiúcháin ag cé na Coille Bige, obair chothabhála ar na comharthaí loingseoireachta agus glanadh Bháisín an Chladaigh agus chanáil Eglinton íochtarach.

## Maolú Aeráide: Astaíochtaí Carbóin agus Éifeachtúlacht Fuinnimh

### Úsáid Fuinnimh a Mhonatóiriú agus a Thuairisciú

Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i gcomhpháirt le Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (SEAI), chun úsáid fuinnimh ar fud na heagraíochta a mhonatóiriú agus a thuairisciú.

Úsáid Fuinnimh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (kWh) Ídiú Iomlán Deiridh			
	2018	2019	2020
Foirgnimh	7,841,986	7,716,958	7,276,186
Soilsiú Poiblí	5,094,669	4,851,353	4,697,617
Breosláí Iompair	2,426,539	2,465,488	2,646,880
Eile	296,269	243,160	229,259
<b>Iomlán</b>	<b>15,659,463</b>	<b>15,276,959</b>	<b>14,849,942</b>

Ní chuimsítear san úsáid fuinnimh tuairiscithe úsáid fuinnimh teaghlaigh sa stoc tithíochta sóisialta agus tá cuntas ar leithligh déanta ag Uisce Éireann ar sholáthar seirbhísí uisce.

### Bainistíocht agus Spriocanna Fuinnimh

D'uasghrádaigh an rannóg Iompair breis is 2,000 solas poiblí chuig soilse LED in 2020, obair a raibh coigilt fuinnimh mheasta bhliantúil de thart ar 711,614 kWh (TFC) sa bhliain luaite léi agus laghdú measta de 300 tona de CO<sub>2</sub>eq sa bhliain. Fuarthas tairiscintí i mí na Nollag 2020 le haghaidh creat 3 bliana chun an soilsiú i bhfoirgnimh phoiblí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a uasghrádú agus bronnadh an chéad chonradh chun na soilse i Halla na Cathrach a uasghrádú chuig soilse LED. Sular bunaíodh creat, uasghrádaíodh 50 solas i Halla na Cathrach chuig soilse LED agus measadh go raibh coigilt 5,276kWh sa bhliain dá bharr.

Meastar go raibh an choigilt bhliantúil iomlán cothrom le 5,766,457kWh (an príomhriachtanas fuinnimh) mar thoradh ar thionscadail fuinnimh a sholáthair Comhairle Cathrach na Gaillimhe ón mbonnbhliain, 2009, lena n-áirítear uasghráduithe chuig soilse poiblí agus tiontú an chórais teasa i bhfoirgnimh phoiblí ó ola go gás nádúrtha.

Ceanglaítear go mbeidh an sprioc le haghaidh Feabhas Éifeachtúlachta Fuinnimh ag deireadh 2020, 33% níos ísle ná bonnlíne 2009. In 2019, bhí an laghdú a taifeadadh cothrom le 31.6%. Bunaithe ar an toradh sealadach le haghaidh 2020, tá laghdú de thart ar 37% i gceist, a sháraíonn sprioc 2020 trí 33%. Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i gcomhpháirt le hOifig na nOibreacha Poiblí (ONP) agus leis an Scéim *Optimising Power at Work* do Halla na Cathrach agus do Mhúsaem Cathrach na Gaillimhe. Tá Teastais Fuinnimh Taispeána (TFTanna) ullmhaithe le haghaidh 9 bhfoirgneamh phoiblí de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a cheanglaíonn TFTanna faoi na ceanglais a bhaineann le hionstraim reachtúil I.R. Uimh. 243/2012 – Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2012.

Is rátálacha fuinnimh oibríochtúla foirgnimh iad TFTanna a chinntear bunaithe ar an úsáid fuinnimh iarbhír san fhoirgneamh. Ullmhaítear iad ar bhonn bliantúil agus

cuirtear ar taispeánt san fhoirgneamh iad. Tá na rátálacha TFTanna luachmhar chomh fada is a bhaineann le haird a tharraingt ar fheasacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a thagarmharcáil. Ceanglaítear Teastais Fuinnimh Taispeána le haghaidh foirgneamh poiblí a bhfuil na coinníollacha seo a leanas á gcomhlíonadh acu; foirgneamh seachas teaghais, atá áitithe ag comhlacht poiblí, ina bhfuil achar urláir úsáideach iomlán níos mó ná 250 m<sup>2</sup>, agus a dtugann baill den phobal cuairt air go minic; foirgneamh seachas teaghais, ina bhfuil achar urláir úsáideach iomlán níos mó ná 500 m<sup>2</sup>, agus a dtugann baill den phobal cuairt air go minic.

Rátáil Foirgnimh	2021*		
	2018	2019	2021*
Ionad Pobail an Taoibh Thiar	A3	A2	A2
Ionad Pobail na Rinne Móire	A3	A2	A2
Ionad Pobail Bhaile an Phoill	--	A3	A2
Ionad Pobail Chnoc na Cathrach	A2	B1	A3
An Dubhlann	B2	B2	B2
Amharclann na Gaillimhe	B3	B2	B1
Leisureland	C2	C2	C1
Halla na Cathrach	D2	D2	D1
Músaem na Gaillimhe	D2	D2	G

\*Tosaíonn bliain an teastais fuinnimh taispeána ar an dáta atá sonraithe ar an teastas. Clúdaíonn Teastais Fuinnimh Taispeána 2021 an tréimhse idir an 1 Mheán Fómhair 2019 – an 1 Mheán Fómhair 2020.

### **Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019 – 2024**

Cuireadh roinnt gníomhartha atá luaite i Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019 – 2024 i bhfeidhm in 2020. Sonraítear sa Straitéis um Oiriúnú 31 cuspóir le haghaidh oiriúnú Chomhairle Cathrach na Gaillimhe mar fhreagairt do thionchair ionchasacha ó rioscaí aeráide cosúil le níos mó báistí, leibhéal farraige ardaithe, gaotha láidre, leibhéal íseal báistí agus teochtaí arda, agus teochtaí ísle.

Ullmhaíodh Plean Gnímh um Oiriúnú don Athrú Aeráide don tréimhse idir Meán Fómhair 2020 agus Meán Fómhair 2021 sa bhliain 2020. Cuimsítear sa phlean seo 30 Plean Gnímh Aonair a d'ullmhaigh na príomhranna ceannais. Tá na gníomhartha dírithe ar na réimsí seo a leanas - Rialachas, Príomhbhonneagar agus Foirgneamh, Caipiteal Nádúrtha & Cultúrtha, Acmhainní Uisce agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte agus Seirbhísí Pobail. Tuairiscítear dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na Straitéise don Ghrúpa Monatóireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide, fochoiste an Choiste um Beartas Straitéiseach Ghníomhú ar son na hAeráide, na Timpeallachta agus Áineasa, agus páirteach ann tá baill tofa agus ionadaithe ón earnáil atá ainmnithe ó CBS, mar aon le hoifigh ón bhFeidhmeannas. Bhuaill an Grúpa le chéile trí huairé i rith 2020 i mí Feabhra, Meán Fómhair agus Samhain.

31 Cuspóir Oiriúnaithe  
(68 Gníomh Oiriúnaithe)

49 Gníomh  
(Gearrthéarmach)  
1-5 bhliain

19 nGníomh  
(Méantéarma)  
5-10 mbliana



### Scéimeanna Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe/CFRAMS

Bhuaill Coiste Stiúrtha Scéimeanna Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe le chéile 7 mbabhta in 2020. Cuireadh próiseas tairisceana chun comhairligh innealtóireachta agus comhshaoil a aimsiú don Scéim i gcrích i ráithe 2 – ráithe 3 2020. Ina dhiaidh sin, i ráithe 4

2020, bronnadh conradh ar Arups. Cabhróidh na comhairligh cheaptha le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le ONP an tionscadal a stiúradh trí chúig chéim ar leith, eadhon:

- Céim 1: Measúnú Roghanna, Forbairt agus Dearadh Scéime
- Céim 2: Próisis Phleanála & Forbartha & Toilithe
- Céim 3: Dearadh agus Tairiscint Tógála Mionsonraithe
- Céim 4: Tógáil
- Céim 5: Aistriú na nOibreacha.

Cuimsítear i gcoimre an chomhairligh Straitéis Cumarsáide nuálach a fhorbairt i rith an tionscadail chun cumarsáid a dhéanamh le gach mórpháirtí leasmhar agus gach mionpháirtí leasmhar, ionadaithe tofa, grúpaí sainleasa agus an pobal i gcoitinne.

### Corrthrádáil

Bliain thar a bheith dúshlánach do Mhargadh San Nioclás ba ea 2020. Dúnadh an Margadh den chéad uair i mí Márta, agus athosclaíodh é i mí Bealtaine de réir threochlár athoscailte an Rialtais do mhargaí feirmeoirí. Rinneadh obair shuntasach

chun feidhmiú rathúil an Mhargaidh a chinntiú do thrádálaithe bia riachtanacha, agus áiríodh ina measc córas aontreo a bhunú, breis spáis a fháil sa scoil in aice láimhe, rannpháirtíocht le coiste na dtrádálaithe, stallaí a shocrú ar an talamh agus réimse ciúála, na stallaí ar fad a eagrú trí aird a thabhairt ar scaradh sóisialta agus iad a leithdháileadh ar shealbhóirí stallaí. D'fhill na trádálaithe ceirde eile ar fad ar an Margadh i mí Iúil nuair a cuireadh spás breise ar fáil i gcarrchlós na scoile in aice láimhe. Bhí an Margadh ag feidhmiú go rathúil don chuid eile de 2020 agus bhí sé oscailte ag tréimhsí nuair nach raibh ach miondíoltóirí bia riachtanacha i láthair. Cuireadh gnáthmhargaí na Féile Ealaíon & margaí Samhraidh na hAoine ar ceal. Níor fógraíodh ceadúnais in Aibreán 2020 mar gheall ar éiginnteacht a bhain le srianta Covid-19 agus cuireadh síneadh 6 mhí le ceadúnais reatha a bhí ag dul in éag i mí Iúil.

### **Leithris Phoiblí Uathoibríthe (LPU nua)**

Tá LPU nua á soláthar ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag na suíomhanna seo a leanas: An Charraig Dhubh, Trá na mBan, Carraig Phámar, Páirc na Mílaoise, An Fhaiche Mhór, agus Oileán an Iarla. Dúnadh LPU Charraig Phámar mar go raibh sé in am é a athchóiriú. Fuarthas tairiscintí agus rinne meastóireacht orthu agus tá sé beartaithe an obair ar an LPU nua a chur i gcrích in 2021.

### **Seirbhísí Madra a Sholáthar**

Láimhseáil Póna Madraí Chathair na Gaillimhe 90 madra tugtha suas agus fáin i rith 2020. Bhailigh úinéirí formhór na madraí nó d'aimsigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus eagraíochtaí deonacha cosúil le MADRA bailte nua dóibh. Mar gheall ar shrianta Covid-19, bhí an póna dúnta don phobal i rith leibhéal 5 agus cuireadh iniúchtaí ó dhoras go doras ar cheadúnais madraí ar fionraí.

### **Seirbhísí Dóiteáin agus Leabharlainne**

Tá seirbhísí Dóiteáin agus Leabharlainne á reáchtáil agus á mbainistiú ag Comhairle Contae na Gaillimhe, mar sheirbhís chomhroinnte thar ceann na Comhairle Cathrach. Leanadh leis an bplé idir an dá údarás i ndáil le láithreán a shainiú do Stáisiún Dóiteáin nua sa Chathair.

De réir shrianta Leibhéal 5 Covid-19, bhí Leabharlann na Cathrach ar Shráid San Aibhistín, Leabharlann an Bhaile Bháin agus Leabharlann an Taoibh Thiar, Seirbhís na Scoileanna agus Stair Áitiúil agus an Chartlann dúnta don phobal le haghaidh tréimhsí fada i rith 2020. Bhí ríomhsheirbhísí ar fáil an t-am ar fad. Leanadh le seirbhísí poist do lucht lagamhairc a sholáthar i Leabharlann an Bhaile Bháin i rith na bliana, i gcomhar le An Post. I dteannta le Cope na Gaillimhe, seachadadh leabhair ó leabharlanna chuig daoine a bhí ag clutharú i rith thréimhse na chéad dianghlása agus ba iad tiománaithe leabharlainne a sheachaid na leabhair i rith na dtréimhsí dianghlása ina dhiaidh sin. Moladh do bhaill den phobal teagmháil a dhéanamh lena rogha leabharlainne, ní raibh sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an

leabharlann a úsáideann siad de ghnáth nó is cóngaraí dóibh chun tacaíocht a fháil maidir le comhaltacht leabharlainne agus/nó aon cheann de na seirbhísí ar líne a rochtain. Mar bhealach chun tacú leis an bhFeachtas *Keep Well*, cuireadh glaonna a rinneadh trí Líne Chabhrach Glao Pobail Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi bhráid fhoireann na Leabharlainne chun ‘tamall a chaitheamh i mbun comhrá le duine’, cabhrú le daoine fanacht i dteagmháil lena chéile agus aonrú a sheachaint.

Bunaíodh seirbhís ‘Teagmhála agus Bailithe’ le haghaidh míreanna fisiciúla leabharlainne de réir treoirlínte sláinte poiblí i rith tréimhsí éagsúla in 2020, mar aon le seirbhís bhrabhsála teoranta le haghaidh roinnt seachtainí, agus teorainneacha docta maidir leis an líon daoine a bhí ceadaithe isteach sa leabharlann ag aon am amháin. Atheagraíodh leabharlanna ionas go bhféadfaí aird a thabhairt ar scaradh sóisialta agus ionas go bhféadfadh an fhoireann agus an pobal úsáid shábháilte a bhaint as an áitreabh. Cuireadh cosaintí sraotha ag gach cuntar poiblí lena chinntiú go raibh an pobal agus na comhaltaí foirne á gcosaint. Suiteáladh stáisiúin díghalrán lámh ag gach bealach isteach agus amach. Cuireadh tús le ‘Éire na Sláinte i do Leabharlann’ a reáchtáil ar líne mar aon le meascán d’am scéalta, seisiúin cheardaíochta, am rann agus clubanna leabhar ar líne. Reáchtáladh imeacht *Great Read* na Gaillimhe ar líne, mar aon le Féile Leabhar na Leanaí i mí Dheireadh Fómhair agus Dúshlán Léitheoireachta *Summer Stars* agus bhain ghné fhisiciúil mar aon le gné ar líne leis na himeachtaí seo. Cé go raibh neart dúshlán le sárú ag na Seirbhísí Leabharlainne i rith na bliana, lean siad ar aghaidh leis an teagmháil leis an bpobal agus ag tacú leis an bpobal ar gach bealach a d’fhéadfaí.





## Áineas & Conláistí

*Is é an aidhm atá ag an rannóg Áineasa & Conláistí soláthar saoráidí caitheamh aimsire, áineasa agus taitneamhachta ar ardchaighdeán a fhorbairt do gach aoisghrúpa agus caighdeán na beatha a fheabhsú dár saoránaigh agus cuairteoirí.*

### Tionscadail Chaipitiúla Áineasa agus Pobail

#### Tionscadal Athshlánaithe Thúr Tumadóireachta na Carraige Duibhe

Cuireadh athbhreithniú inmheánach scóipe den tionscadal i gcrích in 2020, taobh le comhairliúchán tosaigh, i dteannta le grúpa páirtithe leasmhara de shnámhaithe a úsáideann an tsaoráid chun aiseolas a fháil maidir le conas a bhféadfaí an tsaoráid a fheabhsú. Foilsíodh tairiscint le haghaidh comhairleoirí roimh an Nollaig agus é mar aidhm leanúint le pleanáil na scéime in 2021.

#### Tionscadal Sínidh Reilig Naomh Seosamh, Rathún

Is éard atá i gceist sa síneadh seo 641 plota adhlactha, 45 plota adhlactha síothla agus gairdín cuimhneacháin lena n-áirítear limistéir le haghaidh corp créamtha. Cuireadh tús leis na príomhoibreacha créafóige i mí na Samhna. Nuair a bheidh na



hoibreacha sin curtha i gcrích, bronnfar conradh tírdhreachaithe in 2021. Mar fhreagairt don chéad thréimhse den phaindéim, cuireadh dlús faoi oibreacha laistigh den reilig atá ann faoi láthair i mí Aibreáin chun thart ar 300 plota adhlactha breise a sholáthar.

#### Láithreán na Reilige Nua

Cuireadh conradh iniúchta tailte i gcrích, a áiríodh ann polladh trialach agus suiteáil toibreacha monatóireachta talún mar chuid de mheastóireacht láithreáin ag páirc imeartha Jez ar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath. Déantar monatóireacht ar na toibreacha thar roinnt míonna chun eolas a bhailiú faoi na leibhéil screamhuisce agus cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht an láithreáin le húsáid mar reilig.

#### Séipéil Stairiúla Reilig an Bhóthair Mhóir

Fógraíodh tairiscint le haghaidh conraitheoirí oiriúnacha chun tabhairt faoi oibreacha Chéim 2 sa Séipéal Thiar i Reilig an Bhóthair Mhóir. Fuarthas tairiscintí i mí na Nollag a bhí le measúnú roimh thús na n-oibreacha in 2021.

### Máistirphleananna Limistéir Taitneamhachta

Rinneadh dul chun cinn i ndáil le doiciméid a ullmhú chun tairiscintí creata a fhógairt le haghaidh raon seirbhísí dearaidh atá le rith le haghaidh tréimhse 5 bliana. Áirítear i measc na dtionscadal Máistirphlean Pháirc Cathrach Choillte Mhuirinne, Máistirphlean Pháirc Foraoise Thír Oileáin, Máistirphlean Bhearna-Loch an Roisín Chéim a 2, Máistirphlean Choillte an Daingin, Iarratas Chuid 8 Bhaile an Rí agus na Páirce Theas (Céim 2) agus doiciméid tairisceana dearadh mionsonraithe (Céim 3).

Chomh maith leis sin, fógrófar Straitéis Riachtanas Áineasa & Taitneamhachta nua (tionscadal Straitéis na Spásanna Glasa) mar thairiscint neamhspleách in 2021.

## Tionscadail Chaipitiúla Spóirt

**Tionscadal Páirc Uile-Aimsire/Sacair Caighdeánach FIFA Chnoc na Cathrach**  
Chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt maoiniú ar fáil don tionscadal críochnaithe seo faoin gClár Caipitil Spóirt chun dromchla imeartha shaorga a fhorbairt. Dámhadh deontas iomlán luach €450,000 (€250,000 faoi chlár 2014 & €200,000 faoi chlár 2015) don tionscadal seo. Fuarthas na suimeanna deiridh coinneála don deontas seo in 2020.



### Tuilsoilsiú Pháirc Iमारtha Uile-Aimsire Chnoc na Cathrach

Fuarthas cead planála i mí Iúil agus suiteáladh an tuilsoilsiú i mí Dheireadh Fómhair agus bhí gach rud ag obair faoin 2 Nollaig. Ciallóidh suiteáil an tsoilsihe go mbeidh níos mó úsáide á baint ag an bpobal i gcoitinne as an tsaoráid.

### Páirc Sacair Féar Nádúrtha Pháirc Melody

Tá an chéim lochta/cothabhála den chonradh seo sroichte ag an tsaoráid seo. Mar gheall ar shrianta COVID-19, níor éirigh leis na Comhairleoirí (atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe) an t-iniúchadh agus deimhniú deiridh láithreáin a dhéanamh.

### Raon Reatha & Páirc Aclaíochta Chluain Mhuire (Mervue)

Sholáthair an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt maoiniú don tionscadal seo chun dromchla imeartha nádúrtha, raon lúthchleasaíochta, fálú slándála, raon siúil/bogshodair, tuilsoilse agus trealamh spóirt – trealamh do-bhogtha amuigh faoin aer amháin, a fhorbairt. Dámhadh deontas iomlán luach €200,000 faoi chlár 2015 don tionscadal seo, agus fuarthas €190,000 de in 2020. Críochnaíodh agus osclaíodh an tsaoráid seo go hoifigiúil i mí Dheireadh Fómhair 2020. Beidh rochtain ar an tsaoráid á rialú trí chóras rialaithe cianrochtana trí *Bookapitch*, córas áirithinte ar líne.



### Athchóiriú Cúirteanna Leadóige

Ceapadh comhairleoirí le tabhairt faoi uasghrádú saoráidí cúirteanna leadóige ag ceithre shuíomh: Páirc Conláistí an Taoibh Thiar, Páirc Bharr na Coille, Páirc Mhic Craith, agus Ros Cam. Cuireadh an próiseas meastóireachta tairisceana chun conraitheoir a cheapadh i gcrích ag deireadh 2020. Leanfar leis na hoibreacha i ráithe 1/ráithe 2 2021, ag brath ar shrianta Covid-19.

### **Ballaí Liathróide**

Fuarthas aighneachtaí tairisceana chun comhairleoirí dearaidh a cheapadh i mí Feabhra 2020 agus rinneadh meastóireacht orthu. Tá sé beartaithe na Ballaí Liathróide a fhorbairt i bPáirc Dhabhach Uisce, Páirc Conláistí an Taoibh Thiar, Páirc Bharr na Coille, agus Páirc Mhic Craith. I ndiaidh ceapacháin i ráithe 4, tá comhairleoirí ag obair ar an réamhdhearadh.

Dréacht/Draft

### **Páirc Sacair Féir Pháirc na Coiribe**

Cuireadh tús le suirbhé topagrafach agus iniúchadh láithreáin. Tá sé beartaithe líníochtaí agus sonraíochtaí dearaidh mionsonraithe a chur i gcrích in 2021. Táthar ag súil le tairiscint/ceapachán conraitheora nuair a dheimhnítear an maoiniú.

### **Athchóiriú Limistéar Ilúsáide Cluichí Glen Oaks**

Ceapadh comhairleoir chun tabhairt faoi dhearadh mionsonraithe oibreacha



uasghrádaithe don limistéar ilúsáide íochtarach. Cuireadh an suirbhé topagrafach i gcrích agus tá an Chomhairle ag tabhairt faoin bpróiseas a bhaineann leis na conarthaí iniúchta fágtha a thabhairt chun críche.

Ullmhóidh an comhairleoir ag dearadh agus sonraíocht mhionsonraithe agus tá sé beartaithe go mbeidh na hoibreacha curtha i gcrích faoi ráithe 2 2021, faoi réir deireadh a bheith tagtha le srianta Covid-19. D'oibrigh an Chomhairle i ndlúthchomhar le cumainn cónaitheoirí áitiúla i ndáil le feabhsuithe breise taitneamhachta sa cheantar agus bunaíodh próiseas comhairliúcháin chun tograí a fhorbairt.

### **Athchóiriú Pháirc Uile-Aimsire an Bhóthair Mhóir**

Ceapadh comhairleoir chun tabhairt faoi dhearadh mionsonraithe oibreacha uasghrádaithe d'Athchóiriú Pháirc Uile-Aimsire an Bhóthair Mhóir. Cuireadh an suirbhé topagrafach i gcrích agus tá sé beartaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe na conarthaí iniúchta fágtha a thabhairt chun críche in 2021. Nuair a bheidh na conarthaí seo curtha i gcrích, ullmhóidh an comhairleoir an dearadh agus an tsónraíocht mhionsonraithe le haghaidh na n-oibreacha athchóirithe.

### **Ceadaíocht Imeachta**

Próiseálann an rannóg Áineasa & Conláistí iarratais le haghaidh imeachtaí inár bpáirceanna agus spásanna oscailte ar fud na Cathrach. Mar gheall ar shrianta Covid-19, níor reáchtáladh go leor imeachtaí in 2020. Ceann de na príomhimeachtaí a reáchtáladh, áfach, ba ea Margadh Potadóirí na Gaillimhe, agus cloíodh le treoirlínte an Rialtais. I rith mhíonna an tsamhraidh, ceadaíodh ranganna aclaíochta a reáchtáil inár bpáirceanna agus ar ár dtránna freisin.



## Saoráidí agus Tionscadail Pobail

### Garraithe Scóir Chathair na Gaillimhe

Bhí Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as dhá láithreán garraithe scóir sa Chathair – Páirc Cathrach Choillte Mhuirlinne & Páirc Pobail Sheantalaimh. Fáiltíodh roimh iarratais ó pháirtithe leasmhara ar aon phlotaí folmha agus reáchtáladh tarraingtí i mí

Meithimh chun na plotaí folmha i bPáirc Cathrach Choillte Mhuirlinne a líonadh, agus cruthaíodh liosta feithimh don dá láithreán chun déileáil le haon fholúntais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Cuireadh oibreacha uasghrádaithe i gcrích ar na cosáin i bPáirc Mhuirlinne agus glanadh go leor plotaí a raibh drochbhail orthu. Tá sé beartaithe obair a chur i gcrích chun cúrsaí slándála ag an láithreán a uasghrádú trí fhálú agus fáлта seachtracha.

### Ionaid Phobail: An Rinn Mhór, Cnoc na Cathrach agus An Taobh Thiar


Eagraíodh láithreoireacht ag cruinniú CBS na Nollag maidir le bainistíocht saoráidí spóirt gníomhacha sa Chathair. B'ionann an láithreoireacht (a sholáthair iniúchadh ar shaoráidí áineasa gníomhacha sa Chathair) agus an chéad chéim i bpróiseas a leanfaidh ar aghaidh in 2021 nuair a dhéanfar tuilleadh anailíse ar nithe a bhaineann le ceadúnú/léasú, córais áirithe ar líne agus forbairt ár mbonn úsáideoirí/margaíochta agus dréachtófar tograí agus déanfar iarracht teacht ar chomhaontú. Bhí srian ar ghníomhaíocht in ionaid phobail i rith 2020 mar gheall ar Covid-19 agus b'éigean ionaid áirithe a dhúnadh chun cloí le treoir sláinte poiblí.

### Páirceanna agus Seomraí Feistis

Tá 51 páirc lonnaithe trasna na Cathrach, agus bíonn gach cineál gníomhaíocht spóirt ar siúl orthu. Ina measc tá páirceanna ar a n-imrítear rugbaí (4), sacar (23), Cluichí Gaelacha (13), páirceanna Uile-Aimsire (4), páirceanna oiliúna (2), AstroTurf/caighin (3) agus páirceanna ilúsáide (2). Rinneadh oibreacha deisiúcháin ar na páirceanna imeartha ar a bhfuil gaineamh mar aon le hathfhódóireacht bhéil an chúil, crochadh comharthaí agus rinneadh iniúchadh ar chuailí.

### Bainistíocht Páirceanna, Coillearnach & Eastát

Soláthraíodh áiseanna athchúrsála do chrainn Nollag baile in Eanáir 2020 ag dhá shaoráid, ceann ag Iosta Hunters agus ceann i gCoillte Mhuirlinne. Rinneadh oibreacha réitigh i bPáirc Bhóthar na Trá, cuireadh barrchaidhp ar an mballa chun bonn cobhsaí a sholáthar do shuíocháin nua agus cuireadh suíocháin chrua-adhmaid ina n-áit le bracanna galbhánaithe.



Cuireadh oibreacha i gcrích ar an bpríomhchosán ag Coillte Bhearna, agus

cruthaíodh nasc idir Páirc na Ceapaí agus Carrchlós Choillte Bhearna. Cuireann na hoibreacha seo ar chumas daoine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu agus daoine le bugaithe dul chomh fada leis an gcoill. Is cuid de bhealach Páirceáil & Siúl idir Páirc na Ceapaí agus Trá na gCeann é an cosán seo.



Rinneadh obair shuntasach athchóirithe in Droim Chaoin, fuarthas réidh leis an bhfásra trom ar fad a bhí taobh leis an mbóthar isteach agus mórthimpeall na bpáirceanna uile-aimsire. Prúnáladh na crainn ar fad agus ardaíodh corónacha, barrscoitheadh na crainn choill agus prúnáladh an rosán ar fad a bhí rófhásta. Cuireadh rosán nua agus móta coirte

mórthimpeall ar na plandaí.

Cuireadh oibreacha réitigh i gcrích ag sráid Lána an Mhuilleora chun spás riachtanach a chruthú do shiúlóirí agus do rothaithe. Bhí sé i gceist an fásra rófhásta ar fad a ghearradh siar feadh an Lána agus dromchla a sholáthar a bhí oiriúnach do dhaoine de gach aois le bheith ag siúl air agus ag rotháíocht air, agus níos tábhachtaí fós, dromchla feidhmiúil a sholáthar do dhaoine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu. Chruthaigh uasghráduithe ar an gcosán taobh leis na páirceanna peile oscailt nua ag an trasrian coisithe chuig Scoil Ghort na Bró agus An Geata. Soláthraíonn an cosán seo bealach sábháilte do leanaí scoile sa cheantar.

Sainaitníodh roinnt cásanna de chrainn le smol dóite in eastáit tithíochta, agus faoi mhaoirseacht na Roinne Talmhaíochta, d'oibrigh criúnna le conraitheoir chun na crainn a bhaint agus socruithe a dhéanamh chun na crainn leagtha a chur go domhain sa talamh. Cuireadh trealamh cosanta pearsanta ábhartha ar fáil agus spraeáladh na huirlisí agus an t-innealra ar fad le díghalrán ina dhiaidh. Tháinig deireadh leis an séasúr gearrtha féir ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, tráth ar cuireadh tús le clár oibreacha an gheimhridh. San áireamh sa chlár seo bhí cothabháil crann, cothabháil/mótáil ceapacha tor, ciumhais plandaí, cur crann, cur bleibíní mar aon le hoibreacha glantacháin i ndiaidh stoirmeacha an gheimhridh.

### **Oibríochtaí agus Bainistíocht Áiteanna Súgartha**

Déanann páirtí neamhspleách iniúchtaí bliantúla ar gach áit súgartha agus cúirt súgartha. Rinne foireann dhíograiseach ár n-áiteanna súgartha obair chothabhála ar bhonn laethúil. I measc na n-oibreacha a rinneadh bhí domhainghlánadh, slisadhmaid a chur ar fáil, páirtdeisiúcháin/athsholáthar, péinteáil, cothabháil dromchla, agus iniúchtaí lena chinntiú go raibh na caighdeáin atá riachtanach le haghaidh úsáid shábháilte á gcomhlíonadh ag an trealamh ar fad. Suiteáladh binsí in áiteanna



súgartha Shráid Anraí agus Bhóthar an Athar De Búrca. Cuireadh oibreacha i gcrích a bhaineann le hathchóiriú *Doughiska Adventure* ar mhaithe le breis ionchuimsitheachta, cosúil le háit súgartha gainimh ardaithe, binsíb, trampailín atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí agus roinnt rudaí eile. Rinneadh athchóiriú suntasach ar an áit súgartha ag ‘An Sean Bhaile Left’ agus leagadh béim ar inrochtaineacht agus ar threalamh súgartha chéadfaigh.

Fuarthas deontais luach €19,500 ón Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige faoi Mhaoiniú Deontais Chaipitil le haghaidh Súgradh agus Áineas, maoiniú a úsáideadh chun áiseanna súgartha ag Dabhach Uisce agus ag An Sean Bhaile a athchóiriú. Cuireadh na hoibreacha uasghrádaithe in áit súgartha na Faiche Móire i gcrích, a áiríodh iontu síneadh a chur le líne na teorann, bealach éalaithe amháin a athlonnú, luascáin chothroma nua a shuiteáil, timpeallán a bhí oiriúnach do leanaí ag a bhfuil cumais éagsúla, sprionga gluaisrothair, congacha céadfacha agus dromchla nua san áit súgartha. Suiteáladh rothlóir a bhí oiriúnach do gach duine in áit súgartha Na Blátha Creige agus suiteáladh ‘*Talk and Tumble with Tunnel*’ a bhí suite sa talamh in áit súgartha Shlí Búrca in ionad an tí bhábóige a bhí ann. Cuireadh dromchlaí nua i 6 shaoráid súgartha dhifriúla in 2020. I ndiaidh teacht ar chomhaontú le cónaitheoirí maidir le suíomh don tSaoráid Súgartha Comharsanachta in An Rinn Mhór, cuireadh tús leis an obair a bhaineann le dearadh na saoráide súgartha, agus fógrófar sonraí na tairisceana i ráithe 1 2021.

### **Tránna agus Bainistíocht Tránna**

Cuireadh seirbhísí garda tarrthála ar fáil ag gach saoráid uisce shnámha sa Chathair idir Meitheamh agus Meán Fómhair, i gcomhpháirt le Comhairle Contae na Gaillimhe. Feabhsaíodh na saoráidí leasa atá ar fáil do ghardaí tarrthála ag an gCarraig Dhubh, agus forbraíodh stáisiún nua do ghardaí tarrthála. Cuireadh gardaí tarrthála breise ar fáil de bhrí go raibh níos mó daoine ag snámh ó tharla go mb'éigean do dhaoine a laethanta saoire a chaitheamh sa bhaile mar gheall ar Covid-19. I measc na n-oibreacha cothabhála a rinneadh ar na tránna, péinteáladh na struchtúir ar fad feadh na dtránna, baineadh an fheamainn agus rinneadh oibreacha athghrádaithe trá/oibreacha deisiúcháin armúir carraige.





## Oibríochtaí agus Bainistíocht Reiligí

Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe le dhá reilig sa Chathair a bhainistiú agus a fheidhmiú, Reilig Rathúin agus Reilig an Bhóthair Mhóir, a sholáthraíonn gach seirbhís a bhaineann le feidhmiú agus cothabháil na reiligí. Reáchtáladh aifreann Dhomhnach na Reilige i Reilig an Bhóthair Mhóir i mí Lúnasa agus i Reilig Rathúin i mí Mheán Fómhair. Mar

gheall ar shrianta Covid-19, ní raibh cead ag an bpobal freastal ar na haifrinn, agus beoshruthaíodh iad ar na meáin shóisialta agus craoladh iad ar an stáisiún raidió áitiúil, Galway Bay FM. Suiteáladh 25 plota síothla i Reilig an Bhóthair Mhóir.

## Plean Bithéagsúlachta agus Plean um Pailneoirí Uile-Éireann

Cheadaigh an Chomhairle Plean Gnímh Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe in 2019 agus glacadh leis an bplean go foirmiúil in 2020 (páirteach go foirmiúil i bPlean um Pailneoirí Uile-Éireann)

### Tionscadail Bláthanna

Fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe cúnamh deontais luach €16,000 faoi Scéim Deontais Bithéagsúlachta an Údaráis Áitiúil, scéim a bhfuil Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) na Roinne freagrach aisti. Thairg an scéim seo




maoiniú chun cabhrú le húdaráis áitiúla tionscadail a chur chun feidhme a thacaíonn leis na gníomhartha atá luaite i bPlean Gnímh Náisiúnta Bithéagsúlachta (PGNB) 2017-2021.

I ndiaidh próiseas soláthair a chur i gcrích, cuireadh oibreacha i gcrích ag roinnt láithreán. Cuimsíodh sna

tionscadal tuilleadh rolladh amach plandaíil bleibíní amháin (go meicniúil) ag leanúint leis an bplandaíil a rinneadh in 2019 agus a tharraing go leor cainte sa tréimhse idir Márta – Bealtaine 2020 (srianta Covid-19). Cuireadh 1,550 méadar cearnach eile de bhleibíní ag dlús de idir 100 méadar cearnach agus 200 méadar cearnach i mí na Nollag. Mar chuid d'fhiontar nua agus le tacaíocht ó PGNB, dá dtagraítear thuas, cuireadh meascán dathúil de bhleibíní pailneoir-oiriúnacha agus meascán bliantúil síolta i mí na Nollag i roinnt suíomhanna éagsúla lena n-áirítear Bóthar Bhearna, Bóthar Mhaigh Cuilinn, Bóthar Áth Cinn, Bóthar Thuama agus Acomhal Chúlaigh leis an M6. Bhí 600 méadar cearnach ar fad saothraithe agus bhí plandaí curtha ann. Beidh an fás le tabhairt faoi deara sna suíomhanna éagsúla ó mhí Feabhra ar aghaidh, beidh na chéad bláthanna le feiceáil ag deireadh mhí Feabhra agus ba cheart go mbeadh bláthanna le feiceáil go dtí Meán Fómhair-Deireadh Fómhair (síolta measctha).

### **Tionscnamh na Dramhaíola Glaise Níos Glaise**

Cuimsítear laistigh den Phlean um Pailneoirí Uile-Éireann tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm leis gearradh féir a bhainistiú ar bhealach níos oiriúnú do phailneoirí. Níos túisce in 2020, nuair a bhí srianta Covid-19 i bhfeidhm, tugadh deis iontach don dúlra bláthanna fiáine áille a chur ar fáil dúinn, lena n-áirítear an caisearbhán gleoite, de bhrí gur cuireadh moill ar ghearradh an fhéir. D'fhonn cabhrú leis an dúlra, sainaitníodh ceantair ar fud na cathrach ar fágadh an féar gan ghearradh iontu nó níor gearradh an oiread céanna féir iontu nuair a maolaíodh na srianta. Crochadh comharthaí bithéagsúlachta ag na láithreáin seo. Laghdaíonn mótáil fiailí, coinníonn sé teochtaí ithreach ag leibhéal measartha, coimeádann sé taisce agus coisceann sé balcadh ithreach. Níor bailíodh an féar seo mar chuid den phróiseas agus níos fiafraíodh de chónaitheoirí an féar seo a bhailiú agus a chur i málaí, de bhrí gur dramhaíl a bheadh ann dá ndéanfaí é sin. Mar tháirge dramhaíola a aistrítear amach as limistéir ghlasa, baineann costais eacnamaíocha agus timpeallachta leis. D'fhormhuinigh Coiste um Beartas Straitéiseach Ghníomhú ar son na hAeráide, na Timpeallachta agus Áineasa, an cur chuige beartais agus bunaithe ar an gcinneadh seo, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe stop go buan le bailiú málaí dramhaíl ghlas le haghaidh na gcúiseanna thuasluaite.



### **Tionscnamh na Spásanna Glasa Sláintiúla**

Tá tionscadal na Spásanna Glasa Sláintiúla deartha chun obair a dhéanamh le grúpaí atá tiomanta do chur chuige fadtéarmach a fhorbairt i ndáil le limistéir ghlasa chun ceistanna timpeallachta, athrú aeráide agus bithéagsúlacht a chur san áireamh. Mar thoradh ar an bpróiseas iarratais, tá 16 ghrúpa páirteach sa tionscadal, idir eastáit chónaithe, eagraíochtaí carthanachta agus grúpa garraithe scóir. Bhuail foireann na bPáirceanna le naoi cinn de na grúpaí seo ar an láithreán, chun an próiseas a mhíniú agus plé a dhéanamh leo maidir leis an sásra chun limistéir oiriúnacha a aimsiú chun bláthanna fiáine a chur agus limistéir bheaga roschoille a aimsiú chun crainn a chur. Ceapadh Garraíodóir Ceirde nua in 2020, agus tá sé beartaithe tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an tionscnamh seo agus comhairliúchán leanúnach a réachtáil leis na grúpaí rannpháirteacha.

### **Bainistíocht Glúineach Bhiorach/Speiceas Coimhthíoch Ionrach (SCI)**

Bhainistigh an rannóg Áineasa & Conláistí 19 láithreán laistigh dá plean cóireála in 2020. Bronnadh conradh le haghaidh chóireáil na láithreán seo, agus cuireadh dhá chóireáil i gcrích, ceann i Meitheamh agus ceann i Meán Fómhair. Is é cuspóir an phlean cóireála aon tarluithe SCI a rialú, a bhainistiú agus a dhíothú nuair a thugtar faoi deara iad. Cuimsítear sna bagairtí a bhaineann le SCI caillteanas bithéagsúlachta,



baol do  
shláinte an  
duine agus  
damáiste  
struchtúrtha.  
Chuir  
conraitheoir  
speisialtóra



oiliúint ar roinnt comhaltaí foirne go luath in 2020.

Thuas: Láithreán Uimh. 6 Bóthar Shéamais Uí Chuirce, Iúil 2020

Láithreán Uimh. 6 MF 2020, ag freagairt go maith do chóireáil

### **Gradaim an Bhrait Ghlais 2020**

Fógraíodh Gradaim an Bhrait Ghlais 2020, an creidiúnú Idirnáisiúnta le haghaidh Barr Feabhais Páirceanna, i Meán Fómhair. D'fháiltigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe roimh an bhfógra a rinne An Taisce gur bronnadh Brat Glas ar Pháirc na gCúig Chéad den chéad uair, agus d'éirigh le Páirc Mílaoise na Leanaí a brat a choimeád don dara bliain. Bronntar an Brat Glas má sháraítear dianchaighdeán timpeallachta i mbainistíocht spásanna glasa, agus má chinntítear barr feabhais i nithe is díol spéise do chuartheoirí – is ionann Gradam an Bhrait Ghlais agus fianaise ar chaighdeán páirce nó spáis ghlais agus tá an Gradam seo in úsáid ar fud an domhain.



## Seirbhísí Corparáideacha

*Is é aidhm rannóg na Seirbhísí Corparáideacha seirbhís tacaíochta éifeachtach a chur ar fáil do Chomhaltaí Tofa agus don phobal, ar mhaithe le leasanna corparáideacha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chur chun cinn agus a chosaint agus seirbhís tacaíochta a chur ar fáil don eagraíocht go ginearálta.*

### Iarratais Saorála Faisnéise

In 2020, cuireadh **149** iarratas ar fad faoi bhráid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Nuair a chuirtear an figiúr sin i gcomparáid leis an líon iarratas SF a fuarthas in 2019 (157), laghdaigh líon na n-iarratas faighte 5.2%. Tá anailís ar thoradh na n-iarratas seo le fáil sa tábla thíos.

Toradh	Líon
Iarratas Ceadaithe	47
Iarratas Páirtcheadaithe	35
Iarratas Diúltaithe	31
Iarratais Aistarraingthe	17
Déileáilte Iasmuigh de SF	15
Iarratais Aistrithe	4
Tugtha anonn go dtí 2021	0
<b>Iomlán</b>	<b>149</b>

Rinneadh **7** n-iarratas a achomharc go himhneánach.

### Iarratais Saorála Faisnéise faighte de réir na rannóige

Rannóg	Líon
Pobal & Cultúr/Fiontar/Forbairt Gheilleagrach:	4
Seirbhísí Corparáideacha	40
Timpeallacht/Páirceanna	14
Airgeadas	11
Tithíocht	45
AD	3
TFC	1
Pleanáil	7
Iompar & Bonneagar	16
Seirbhísí Uisce	6
Níor leithdháileadh ar rannóg mar gheall ar aistarraingtí, etc.	2
<b>Iomlán</b>	<b>149</b>

### Comhdhálacha & Seimineáir 2020

Anseo thíos tá sonraí maidir leis na comhdhálacha agus seimineáir ar fhreastail Comhaltaí Tofa orthu in 2020.

Imeacht	Líon Freastalaithe
31 <sup>ú</sup> Scoil Gheimhridh Cholmcille	1
Comhdháil Bhliantúil Oilíúna AILG	5
Modúl 2 AILG – Próiseas Déanta an Phlean Forbartha	5
Modúl 3 AILG – Tuarascáil Moorhead	3
Seimineár Gréasáin AILG – Breithniú & Críochnú an Dréachtphlean Forbartha	2
Seimineár Gréasáin AILG – Treoir do Chomhairleoirí maidir le Céim Tosaigh Ullmhú na bPleananna Forbartha & a gCroístraitéisí	2
Seimineáir Gréasáin AILG – Cur Chun Feidhme an Phlean Forbartha & an Phróisis Bainistíochta Forbartha	4

Seimineár Gréasáin AILG – Oiliúint Ionduchtúcháin le haghaidh Comhaltaí Comhthofa	2
Seimineár Gréasáin AILG – Pleanáil & an Comhalta Tofa Áitiúil	3

## **Cúrsaí Gaeilge**

Tá an tOifigeach Gaeilge ag obair ar bhonn réamhghníomhach le gach rannóg de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, tá cleachtais dhátheangacha á dtreorú agus tá úsáid á baint as sásraí tacaíochta lena chinntiú gur féidir le comhaltaí foirne Chomhairle Cathrach na Gaillimhe seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal.

### **Baile Seirbhíse Gaeltachta**

Ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe páirt i gcomhpháirtíocht le Gaillimh le Gaeilge chun stádas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a bhaint amach do Chathair na Gaillimhe. Ciallóidh stádas reachtúil mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta faoi Acht Gaeltachta 2012 go mbeidh aitheantas ar leith á thabhairt do cheantar uirbeach ina bhfuil seirbhísí á soláthar do cheantar Gaeltachta taobh leis nó laistigh dá phurláin oibríochtúla.

Trí phlean teanga a ullmhú agus a chur chun feidhme sa Chathair, táthar ag súil go n-oibreoidh na hearnálacha pobail, deonacha, poiblí agus príobháideacha le chéile sa Chathair chun tacú le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge. Is é an aidhm atá leis an bplean cur leis an úsáid atá á baint as an nGaeilge sa Chathair, chomh fada is a bhaineann le raon leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear sna réimsí seo a leanas - teaghlach, pobal, oideachas, sóisialta, gnó agus poiblí. Cuireadh an plean teanga i gcrích in 2019 agus tá glactha ag Foras na Gaeilge leis an bplean agus tá sé seolta chuig an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, atá freagrach as an bplean a fhaomhadh.

### **4<sup>ú</sup> Scéim Teanga Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**

Tá 4<sup>ú</sup> Scéim Teanga Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i bhfeidhm ón 9 Meán Fómhair 2019. Tá an scéim bailí le haghaidh tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go bhfuil scéim nua faofa, cibé acu is déanaí. Clúdaíonn sé raon cuimsitheach seirbhísí trí Ghaeilge nó go dátheangach i gComhairle Cathrach na Gaillimhe.

### **Cúrsaí Oiliúna Gaeilge**

Ghlac comhaltaí foirne agus comhairleoirí de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe páirt i ranganna Gaeilge i ráithe 1 2020, ionas go mbeifí in ann soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú sa Chomhairle. Ba é OÉ Gaillimh a bhí i mbun na gcúrsaí oiliúna a bhí dírithe ar fhostaithe na hearnála poiblí agus ar Chomhairleoirí a bhíonn ag déileáil leis an bpobal go rialta agus a mbíonn orthu seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil anois is arís. D'fhorbair rannpháirtithe an mhuintín agus na scileanna teanga a bhí riachtanach chun cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge sa timpeallacht oibre. Ar an drochuair, ní raibh deis ag rannpháirtithe freastal ar na seisiúin deiridh oiliúna de bhrí gur cuireadh srianta Covid-19 i bhfeidhm sula raibh deis ann na ranganna deiridh a reáchtáil. Táthar ag smaoineamh ar úsáid a bhaint as formáid oiliúna ar líne an chéad seimeastar eile.

## Imeachtaí Speisialta óstáilte ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Cúis bhróid do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bheith in ann Cruinnithe Speisialta, Ócáidí Fáiltithe Cathartha agus Méarachta a reáchtáil, mar aon le cuairteanna cúirtéise agus cuairteanna eile in 2020, lena n-áirítear:

<b>Gnáthchruinnithe Comhairle/Cruinnithe Speisialta</b>	
Is é an nós atá ann Gnáthchruinnithe Comhairle a reáchtáil ar an dara Dé Luain de gach mí, seachas mí Lúnasa. D'fhéadfadh an Méara Cruinnithe Speisialta a reáchtáil ó am go ham i gcomhairle leis an gCoiste Nósanna Imeachta. Reáchtáladh 2 Chruinniú Speisialta den sórt sin in 2020. Reáchtáladh an Cruinniú Reachtúil Buiséid ar an 30 Samhain 2020.	
<b>Ócáidí Fáiltithe an Mhéara</b>	
02/10/2020	Patrick & Morgan Oliver
<b>Cuairteanna Cúirtéise</b>	
20/01/2020	Ambasadóir na Seapáine, H.E. Mitsuru Kitano & An tUasal Watanbe
08/07/2020	Ceannasaí Misin na hAstráile & Chargé D'Affaires, Robert Owen
21/08/2020	Ambasadóir na Céinia, H.E. Michael k. Mubea
31/08/2020	Ambasadóir na Laitvia, H.E. Jánis Sílís & Leascheannasaí Misin, Edite Medne, Uasal.
09/12/2020	Ambasadóir na hIndia, H.E. Sandeep Kumar
<b>Cuairteanna Eile ar Halla na Cathrach</b>	
14/07/2020	Lá Bastille: Consal Onórach na Fraince do Ghailimh, Catherine Gagneux.

## Seirbhísí do Chustaiméirí

Cuimsítear na nithe seo a leanas sa Lárionad Seirbhísí do Chustaiméirí:

- Deasc Fáiltithe na Seirbhísí do Chustaiméirí agus Oifig an Airgid, atá suite i bhforhalla Halla na Cathrach
- Déileálann an Lárionad Glao Seirbhísí do Chustaiméirí le gach glao chuig líne fiosrúchán ginearálta, líne fiosrúchán tráchta agus línte íocaíochtaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe idir 9am agus 5pm, Luan go hAoine, agus gearáin Seirbhísí do Chustaiméirí, cásanna *Deisigh do Shráid* agus gach ríomhphost a sheoltar chuig [customerservice@galwaycity.ie](mailto:customerservice@galwaycity.ie) agus [seirbhisdochustaiméirí@galwaycity.ie](mailto:seirbhisdochustaiméirí@galwaycity.ie).

Mar gheall ar shrianta Covid-19 ag deireadh mhí Mhárta 2020, cuireadh na Seirbhísí do Chustaiméirí ar fad ar fáil ar líne, agus atreoraíodh gach seirbhís i scríbhinn agus teileafóin chuig an Lárionad Glao Seirbhísí do Chustaiméirí go dtí an 29 Meitheamh 2020. D'oibrigh an fhoireann Seirbhísí do Chustaiméirí le gach rannóg den Chomhairle lena chinntiú go raibh faisnéis thráthúil ar fáil do gach custaiméir agus go raibh na seirbhísí a bhí á soláthar ó chuntair phoiblí roimhe sin á n-athbhreithniú agus á nuashonrú ionas go bhféadfaí doiciméid a chur ar fáil ar líne agus i scríbhinn. Idir an 29 Meitheamh 2020 agus deireadh na bliana bhí Deasc Fáiltithe na Seirbhísí do Chustaiméirí agus Oifig an Airgid oscailte idir 9.30am agus 1pm, Luan go hAoine.

## Seirbhísí Tacaíochta

Sholáthair an fhoireann Seirbhísí do Chustaiméirí an tacaíocht roinne seo a leanas i rith 2020, lena n-áirítear (ach níl teoranta do na nithe seo a leanas):

- Fógra Muirir Sheasta Tráichta: Próiseáladh 1,813 achomharc agus eisíodh 4,800 admháil (1,638 íocaíocht tríd an bpost agus ag an gcuntar agus 3,162 íocaíocht ar an teileafón). Déileáladh le fiosrúcháin tráichta ar an teileafón freisin.
- Ceadanna Páirceála: glacadh le híocaíochtaí, priontáladh agus cuireadh 5,223 cead páirceála sa phost lena n-áirítear ceadanna cónaitheora, cúramóra agus cuairteora.
- Íoc & Taispeáin: déileáladh le gach fiosrúchán teileafóin agus fógraí maidir le lochtanna meaisín.
- Timpeallacht: próiseáladh 167 ordú le haghaidh bailiú Earraí Builc Teaghlaigh, 13 ordú le haghaidh bailiú Earraí Leictreacha, tacaíodh le 64 grúpa Glantachán Earraigh trí mhálaí, miotóga agus bainteoirí bruscair a sholáthar agus trí bhailiú dramhaíola a eagrú, fiosrúcháin ghinearálta athchúrsála, fiosrúcháin agus íocaíochtaí a bhaineann le hlonaid Adhlactha agus Corthrádáil.
- Tithíocht: cuireadh foirmeacha iarratais ar fáil, déileáladh le fiosrúcháin ghinearálta tithíochta agus éascaíodh cruinnithe.
- Áineas & Conláistí: fiosrúcháin a bhain le nuashonruithe saoráide, íocaíochtaí le haghaidh garraithe scóir, ionaid phobail agus saoráidí spóirt, eochracha a chur ar fáil do sheomraí feistis phoiblí.
- Seirbhísí Uisce: gearradh seirbhísí uisce, sceitheadh uisce, etc.
- Airgeadas: fiosrúcháin teileafóin agus ríomhphoist a bhaineann le táillí/tarscaoileadh rátaí agus Deontas Atosaithe Covid-19.
- Seirbhísí Corparáideacha: Fiosrúcháin a bhaineann le Clár na dTogthóirí, tacaíocht ghinearálta oifige lena n-áirítear dualgais a bhaineann le post agus dualgais póirtéirí.
- Cásanna *Deisigh do Shráid*: Próiseáladh 200 cás a bhain le dumpáil mhídhleathach, soilsiú sráide lochtach, sclaigeanna, draenacha/silteáin blocáilte, etc.

### Ionad Glaonna

Seachas na Rannóga Tithíochta agus Pleanála, tacaíonn an tIonad Glaonna Seirbhísí do Chustaiméirí le gach glao teileafóin eile chuig príomhuimhir theileafóin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (091-536400), idir 9am agus 5pm, Luan go hAoine, agus chomh maith leis sin próiseálann an tIonad gach tuairisc a fhaightear ón ionad glaonna éigeandála lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre atá ar fáil lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre oifige. In 2020, dhéileáil an tIonad Glaonna le **60,105** glao teileafóin. Seo a leanas roinnt sonraí a bhaineann leis an 60,105 glao sin:

- Thóg sé 14 shoicind, ar an meán, glao a fhreagairt
- Mhair glao teileafóin, 1 nóiméad 29 soicind, ar an meán
- Bhí an meánráta a bhaineann le deireadh a bheith á chur ag glaoiteoir le glao cothrom le 3.4%
- Dhéileáil an t-ionad glaonna lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre le 1,041 glao éigeandála.

### **Oifig an Airgid agus Íocaíochtaí teileafóin**

Tá foireann na Seirbhísí do Chustaiméirí freagrach as oifig an airgid le tacaíocht ón Rannóg Airgeadais. Cuimsítear anseo glacadh le hairgead ón Oifig Airgid phoiblí agus le híocaíochtaí tríd an bpost freisin. Phróséáil foireann na Seirbhísí do Chustaiméirí 6,552 admháil in Oifig an Airgid agus 8,047 íocaíocht tríd an teileafón in 2020. Seo a leanas na príomhchineálacha admhálacha a próiseáladh san Ionad Glaonna agus tríd an Ionad Glaonna:

- Cíosanna agus Íocaíochtaí Tithíochta
- Fíneálacha Tráchtá (Fógraí Muirir Sheasta)
- Ceadanna Páirceála
- Rátaí Tráchtála
- Táillí Pleanála
- Íocaíochtaí Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean
- Táillí timpeallachta, lena n-áirítear bailiú Earraí Builc, Fíneálacha Bruscair, ceadúnais Chorrthrádála
- Táillí Áineasa & Conláistí, lena n-áirítear táillí Ionad Pobail, garraithe scóir agus Ceadúnais Pháirce
- Táillí bóithre, lena n-áirítear Tógáil i gCúram, Ceadúnais chun Bóithre a Oscailt/a Dhúnadh, ceadúnais le haghaidh Scipeanna

### **Ríomhphost Seirbhísí do Chustaiméirí**

Is ionann seoladh ríomhphoist Seirbhísí do Chustaiméirí agus lárphointe rochtana faisnéise do chomhaltaí foirne agus do chustaiméirí. Seolann comhaltaí foirne nuashonruithe rialta chuig an seoladh ríomhphoist seo a bhaineann le deontais, athnuachan ceadúnas/ceadanna, bóithre dúnta, cláir oibreacha uisce laethúla, feachtais, imeachtaí, etc., lena chinntiú go mbíonn foireann na Seirbhísí do Chustaiméirí airdeallach ar gach imeacht agus seirbhís agus, dá réir sin, go bhfuil ar a cumas déileáil ar bhealach níos fearr le fiosrúcháin ó chustaiméirí. In 2020, cuimsíodh anseo freisin fógraí a bhain le srianta seirbhíse agus nuashonruithe saoráide.

Úsáideann custaiméirí an seoladh ríomhphoist seo mar chéad phointe teagmhála le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun déileáil le gach fiosrúchan agus i rith 2020, seirbhís riachtanach ba ea é seo don phobal, agus leasáíodh go leor seirbhísí lena chinntiú go bhféadfaí doiciméid a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist seo seachas iad a leagan isteach ag cuntair phoiblí.

### **Saoráidí**

Tá an rannóg Saoráidí freagrach as an obair chothabhála riachtanach ar fad, oibreacha uasghrádaithe agus forbartha ag Halla na Cathrach agus an t-iosta foirne lasmuigh ag Bóthar an Ghainimh. Chomh maith leis sin, tacaíonn an rannóg seo le saoráidí eile sa Chathair cosúil leis an Músaem agus aonaid tráchtála atá faoi úinéireacht na Comhairle. Tá an rannóg Saoráidí freagrach as cothabháil gach córas i bhfoirgnimh Oifige Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus losta Bhóthar an



Ghainimh. Cuimsítear sna córais seo aláraim ionraidh, aláraim dóiteáin, teas, aeráil, aonaid aerchóirithe, trealamh ceaintín, soilsiú éigeandála, soilsiú tascanna, soláthar spás oifige, agus gach suiteáil mheicniúil agus leictreach.

### **Nochtuithe Cosanta 2020**

Ní bhfuarthas aon Nochtuithe Cosanta in 2020, arna sainiú in Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Dréacht/Draft

## **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair**

Seo a leanas na daoine atá ag obair san Aonad Sláinte agus Sabháilteachta i gComhairle Cathrach na Gaillimhe, faoi stiúirtheacht na Forbartha Geilleagraí & Cultúir, Seirbhísí Uisce & Seirbhísí Tacaíochta (Ina gcuimsítear TFC & Seirbhísí Corparáideacha) - an tOifigeach Sláinte & Sábháilteachta, an tUasal John Lardner, an tOifigeach Cúnta Sláinte agus Sábháilteachta, an tUasal Shane McDonagh agus an tOifigeach Cúnta Foirne, Noreen Glynn, Uasal.

Lean an tAonad Sláinte & Sábháilteachta, i gcomhar le Foireann Bhainistíochta Shinsearach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, leis an gCóras Bainistíochta Sábháilteachta a chomhordú lena chinntiú go bhfuil ceanglais Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, ceanglais reachtacha ghaolmhara agus oibleagáidí corparáideacha a bhaineann le gníomhaíochtaí na heagraíochta á gcomhlíonadh. Lean an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta lena athbhreithniú leanúnach ar Ráiteas Sábháilteachta & Lámhleabhar Bainistíochta Sábháilteachta Chathair na Gaillimhe i rith 2020, ainneoin neart dúshlán a bheith le sárú, agus lena athbhreithniú agus nuashonrú bliantúil ar Ráitis Sábháilteachta ar fud na heagraíochta, de réir phrótacail an Rialtais um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte.

I rith 2020, lean an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta, i gcomhar le Bainistíocht Líne, agus taobh le hOifigeach Comhlíontachta Covid-19 agus lenár nIonadaithe Oibríthe, le córas bainistíochta sábháilteachta láidir agus stuama a fhorbairt i ndáil le hoibríochtaí uile na Comhairle, de réir Phrótacail an Rialtais um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte, agus tá gach duine san Aonad buíoch de na hiarrachtaí a rinneadh an eagraíocht agus na comhaltaí foirne scaipeadh víreas Covid-19 a stopadh sna hionaid oibre.

### **Nósanna imeachta nua**

Lean an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta le cur chun feidhme na mbeartas agus na nósanna imeachta sábháilteachta nua nó leasaithe seo a leanas a chur chun feidhme:

- Clár Ionduchtúcháin Sábháilteachta Foirne Covid-19 (óstáilte ar Ardán YouTube) do chian-ionduchtúchán comhaltaí foirne & conraitheoirí.
- Doiciméid Treorach Oibríocháin Chaighdeánaigh Covid-19 le húsáid i rith oibríochtaí a chuirtear i gcrích i rith na paindéime.
- Measúnuithe Riosca Covid-19 dá chuid oibríochtaí i rith na paindéime.
- Socruithe Éigeandála Covid-19 agus nuashonrú Nósanna Imeachta Éigeandála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe dá chuid oibríochtaí.
- Lámhleabhar Bainistíocht Shealadach Tráichta (Caibidil 8 Leaganacha Amach Nua)
- Lámhleabhar *Toolbox Talk* nuashonraithe chun faisnéis maidir le bearta sábháilteachta Covid-19, agus nithe eile a chur san áireamh.

### Clár Sábháilteachta Bliantúil

I rith 2020 lean an tAonad Sláinte & Sábháilteachta lena chuid oibre ar na cláir oibre sláinte agus sábháilteachta seo a leanas, lena n-áirítear:

- Ionduchtú Sábháilteachta Covid-19 a chur ar fáil do chomhaltaí foirne & conraitheoirí.
- Ionduchtú Sábháilteachta Foirne a reáchtáil.
- Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta éigeantach & inmhianaithe a chur ar fáil ar bhealach éifeachtach.
- Oiliúint Gharchabhrach Covid-19 a chur ar fáil do Fhreagróirí Garchabhrach na heagraíochta.
- Measúnuithe ar Stáisiúin Oibre Eirgeanamaíochta (DSE) a dhéanamh.
- An fheidhm CORE H&S a nuashonrú le gníomhartha ceartaitheacha.
- Athbhreithniú ar Ráitis Sábháilteachta Eagraíochta a bhaineann le gach oibríocht.
- Athbhreithniú ar Mheasúnuithe Riosca Eagraíochtaí.
- Athbhreithniú ar chomhlíontacht Conraitheora (lena n-áirítear comhlíontacht Covid-19).
- Plean Bainistíocht Shealadach Tráchta (leaganacha amach) a fhorbairt le haghaidh caighdeáin Chaibidil 8 2019 (DTTS 2019).
- Freastal ar agus comhairle sláinte agus sábháilteachta a chur ar fáil ag cruinnithe an Choiste Chomhairligh Sábháilteachta (CCS) & an Choiste Monatóireachta Sábháilteachta (CMS).
- Iniúchtaí Sábháilteachta Ardleibhéil rialta á ndéanamh ag an bPríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí Seirbhíse a éascú.
- Tuairiscí Achoimre & comhairlí Míosúla Timpistí & Teagmhas a eisiúint don Fhoireann Bhainistíocht Shinsearach & Cinn Roinne chun atarlú teagmhas cailteanais a chosc.
- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bPlean Bliantúil Iniúchta Sábháilteachta.
- Iniúchadh Seachtainiúil ar Bhoscaí Garchabhrach & Dífhibrileoirí AED ag Halla na Cathrach, sa Scoil Ghramadaí & foirgnimh losta Bhóthar an Ghainimh.
- Iniúchadh Seachtainiúil ar threalamh Múchtóra Dóiteáin ag Halla na Cathrach, sa Scoil Ghramadaí agus i bhfoirgnimh/clós innealra losta Bhóthar an Ghainimh agus sna hoifigí nua san Fhaiche Mhór.
- Iniúchadh leantach agus/nó athbhreithniú ar Thuairiscí Timpistí & Teagmhas, agus 'gníomhartha a chur in iúl chun atarlú a sheachaint'.
- Eisiúint & clárú leanúnach Leabhar Seicliosta Laethúil Feithicle Tiománaithe do thiománaithe feithiclí oibre na heagraíochta.
- Déileáil le riachtanais Dheasc Chabhrach Sláinte & Sábháilteachta na heagraíochta.
- Athbhreithniú leantach ar Mheasúnuithe Inniúlachta chun Comhordaitheoirí agus Conraitheoirí Sláinte & Sábháilteachta a cheapadh (i gcomhar le Cinn Feidhme).
- Eisiúint leantach Foláireamh Sábháilteachta & *Toolbox Talk Topics* ar fud na heagraíochta.

### **Oiliúint Sláinte agus Sábhálteachta**

Lean an tAonad Sláinte & Sábhálteachta le hOiliúint Sláinte & Sábhálteachta éigeantach & inmhianaithe a chur ar fáil d'fhoireann na heagraíochta, ar bhealach éifeachtach, agus mar gheall ar an bpaindéim, uaireanta ar bhealaí nua. Reáchtáladh thart ar 350 lá oiliúna foirne Sláinte & Sábhálteachta i rith 2020. Cuireadh na cúrsaí oiliúna Sláinte agus Sábhálteachta seo a leanas ar fáil d'fhoireann na Comhairle i rith 2020;

- Ionduchtú Sábhálteachta Foirne le haghaidh oibríocht laistigh agus lasmuigh
- Ionduchtú um Fhilleadh ar an Obair Covid-19 don Fhoireann
- Pas Sábháilte
- Dumpaire Láithreáin CSCS, Comharthaíocht, Soilsiú & Gardáil (SG), Suíomh Seirbhísí faoi Thalamh (SSFT)
- Nuashonrú Faisnéise Comharthaíochta, Soilsithe & Gardála (SG)
- Dearadh Bainistíocht Shealadach Tráchtála (Leibhéal 1 – 4)
- Oscailt & Athchóiriú Bóithre – Bunúsach agus Forbartha
- Maor Dóiteáin & úsáid Múchtóirí Dóiteáin
- Freagróir/Athnuachan sa Gharchabhair Oibre & Cosc & Rialú Ionfhabhtú Covid-19
- Foireann Stáisiún Oibre Eirgeanamaíoch
- Filleadh ar an Obair Covid-19 do Bhainisteoirí & Príomhionadaithe Oibrithe
- (Úsáid) roithleán scríobach
- Frapáil Uaigheanna
- Teastas um Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaí (TIG)
- Ródacmhainneacht Tráchtála
- (Úsáid) Craein Trucaile Suite

### **Cumarsáid & Comhairliúchán**

I rith 2020, leanamar ag comhoibriú lenár nIonadaithe Sábhálteachta Fostaí agus Ionadaithe Oibrithe Covid-19 chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhealaí sábháilte oibre i rith na paindéime agus na bealaí oibre sin a chur chun feidhme. Mar gheall ar an bpaindéim, b'éigean dúinn cruinnithe a reáchtáil go cianda agus nuair ab fhéidir, trí aird a thabhairt ar scaradh sóisialta. Bhuail an tAonad Sláinte & Sábhálteachta lenár gCoistí Sábhálteachta 53 uair ar a laghad, le hIonadaithe Fostaithe & Oibrithe.

### **Tomhas & Monatóireacht Feidhmíochta**

Lean an tAonad Sláinte & Sábhálteachta le chlár bliantúil iniúchtaí sábhálteachta na heagraíochta agus le hiniúchtaí ar a chuid oibríochtaí i rith bhliain dhúshlánach 2020. Cuireadh breis is 135 Iniúchadh Sábhálteachta i gcrích in oibríochtaí na heagraíochta i rith 2020.

## Timpistí & Teagmhais

Tarlú Teagmhais	
Timpistí Intuairiscithe	4
Tarluithe Dainséaracha Intuairiscithe	0
Teagmhais gortuithe nach raibh asláithreacht dá mbarr	2
Timpistí is cúis le hAga Díomhaoin (neamh-intuairiscithe)	0
Neasteagmhais	3
Damáiste do Sheirbhísí faoi Thalamh	1
Damáiste do Sheirbhísí Lasnairde	0
Timpistí Bóthair	2
Damáiste d'Fheithicil (1 <sup>ú</sup> páirtí – Níl gortú i gceist)	16
Damáiste d'Fheithicil (3 <sup>ú</sup> páirtí – Níl gortú i gceist)	9
Teagmhais Foréigin & Ionsaithe	3
Damáiste eile do mhaoin	1
<b>Iomlán</b>	<b>41</b>

Dréacht/Draft

## Acmhainní Daonna

*Is é an aidhm atá ag an rannóg Acmhainní Daonna a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní foirne ann chun cuspóirí eagraíochtúla a chomhlíonadh agus chun ár gcomhaltaí foirne a spreagadh agus cabhrú leo barr a gcumais a bhaint amach mar fhostaithe luachmhara de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.*

### Foireann Oibre 2020

Tá 15 chomhalta foirne ag obair sa rannóg AD agus is é an aidhm atá ag an aonad a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní foirne ar fáil chun cuspóirí eagraíochtúla a chomhlíonadh. Páirteach i bhFoireann Bhainistíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe tá an Príomhfheidhmeannach, triúr Stiúrthóirí Seirbhíse agus Ceannasaí Airgeadais. Ag an 31 Nollaig 2020, bhí 536 fostaí ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, lena n-áirítear fostaíthe a bhí ag obair taobh istigh agus taobh amuigh, fostaíthe a bhfuil cúraimí bainistíochta, riaracháin, teicniúla, ceirde agus cúraimí eile nach iad á gcomhlíonadh acu.

Príomhfheidhmeannach			
Stiúrthóir Seirbhísí	Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí	Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí	Ceannasaí Airgeadais
Iompar, Pleanáil, Forbairt Fhísiciúil & AD	Tithíocht, Athrú & Aeráide & Timpeallacht, Áineas & Conláistí	Forbairt Gheilleagrach, Pobal & Cultúr, Seirbhísí Uisce & Seirbhísí Tacaíochta	

### Earcaíocht

In 2020, lean an rannóg AD leis na comhaltaí foirne is cáilithe a earcú ar bhealach tráthúil agus trédhearcach agus le comhaltaí foirne a imlonnú de réir na gceanglas eagraíochtúil. Bhainistigh an rannóg 29 comórtas in 2020, chuir 62 comhalta foirne tús le fostaíocht, 30 comhalta foirne buan agus 32 comhalta foirne sealadach/ar conradh/séasúrach ina measc.

### Gradaim Scoir agus Seirbhíse 2020

I bhfianaise phaindéim Covid-19, níorbh fhéidir searmanas na ngradam Seirbhíse agus Scoir a reáchtáil ar an ngnáthbhealach. Eagraíodh teachtaireacht poist lena chinntiú gur tugadh aitheantas don ócáid in 2020. Sheol Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard agus an Príomhfheidhmeannach, an tUasal Brendan McGrath, teachtaireacht chuí chuig na comhaltaí foirne a chuaigh ar scor agus a chuir 20 bliain seirbhíse i gcrích in 2020. Chomh maith leis sin, cuireadh teastais mhaisiúla ar fáil & comhartha buíochais. Go himheánach, tugadh aitheantas agus tréaslaíodh leis na comhaltaí foirne seo trí ríomhphost a seoladh chuig an bhfoireann ar fad, ar a raibh eolas maidir le faighteoirí na ngradam. Chomh maith leis sin, tugadh aitheantas do & tréaslaíodh le faighteoirí na ngradam i rannóg de Nuachtlitir foirne na Nollag. Bhí an t-aiseolas a fuaireamar maidir leis seo an-dearfach, glacadh leis gur gníomhaíocht dhearfach agus dea-scéala laistigh den eagraíocht ba ea é seo.

Dréacht/Draft

### **Daoine atá Imithe ar Scor agus an Liosta Onóracha**

- Carmel Butler, Uasal Seirbhísí Corparáideacha
- An tUasal Michael O'Neill Iompar
- An tUasal Patrick John Faherty An Timpeallacht & Athrú Aeráide
- An tUasal Thomas Connell Forbairt Gheilleagrach, Pobal, Cultúr, Seirbhísí Uisce & Seirbhísí Tacaíochta.
  
- An tUasal Brendan Hynes Seirbhísí Uisce
- An tUasal John O'Malley Iompar
- An tUasal Michael Nolan Iompar
- An tUasal Éamon McCormack Áineas & Conláistí
- Mary Geary, Uasal Iompar
- An tUasal Brendan McGrath Seirbhísí Pobail & Corparáideacha
- An tUasal Jarlath Canney Acmhainní Daonna
- Martina Golding, Uasal Iompar
- An tUasal Lloyd Nolan Áineas & Conláistí

### **Faighteoirí Gradaim Seirbhíse le haghaidh 2020**

- Kathy Keane, Uasal Pleanáil
- Rose Ott, Uasal Maor Scoile
- An tUasal Jonathan Hehir Seirbhísí Uisce
- An tUasal Michael Daveron Reiligí
- An tUasal William Lowry Maor Scoile
- Gillian Kelly, Uasal Seirbhísí Corparáideacha
- Fiona Caulfield, Uasal Rannóg Tráchtá
- Louise O'Toole, Uasal Timpeallacht
- Tríona Faherty, Uasal Tithíocht
- Ann Marie Murphy, Uasal Rannóg Tráchtá
- Fiona Coen, Uasal Timpeallacht
- Diane Egan, Uasal Pleanáil
- Sharon Lawless, Uasal Cuimsiú Sóisialta
- Martina Coen, Uasal Seirbhísí Uisce
- Ruth Gibbons, Uasal TFC
- Claire Brogan, Uasal Airgeadas
- Breda Burke, Uasal Airgeadas
- Charlotte Hatton, Uasal TFC
- Brendan Mc Grath, Uasal Seirbhísí Corparáideacha
- Noreen Glynn, Uasal Sláinte & Sábháilteacht
- Gary Mc Mahon, Uasal Seirbhísí Corparáideacha
- Simone Watson, Uasal Acmhainní Daonna



I dteannta le tionscnaimh leasa foirne eile in 2020, b'éigean dúinn tairbhe a bhaint as cur chuige seiftiúil agus nuálach. Níorbh fhéidir Cóisir Bhliantúil na bPinsinéirí a reáchtáil ar an ngnáthbhealach, ach arís bhí sé tábhachtach ceiliúradh éigin a dhéanamh. Ghuigh Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard agus an Príomhfheidhmeannach, an tUasal Brendan McGrath, beannachtaí na Nollag ar na pinsinéirí ar fad, i gcárta Nollag a dearadh agus a priontáladh go speisialta. Chomh maith leis sin, eagraíocht Aifreann speisialta in Ardeaglais na Gaillimhe a raibh cead ag pinsinéirí freastal air nó breathnú air beo ar líne trí cheamaraí gréasáin. Chomh maith leis sin, i rith an aifrinn tugadh aitheantas do & tugadh i gcuimhne na comhaltaí foirne de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a cailleadh le bliain anuas. D'fhreastail slua maith ar an aifreann, ainneoin na paidéime, agus fuair aiseolas iontach ónár bpinsinéirí a rinne teagmháil leis an bhfoireann leasa trí ríomhphost agus tríd an teileafón chun a mbuíochas a chur in iúl don chomhairle. Chomh maith leis sin, roinn an Fhoireann Leasa eolas agus sonraí teagmhála maidir leis an tSeirbhís Glao Pobail a bhí á cur ar fáil ag an gComhairle i rith na paidéime, mar aon le bileoga comhairle agus aclaíochta éagsúla ar a raibh eolas maidir le déileáil le himní agus uaigneas, conas a bheith soghluaiste agus aire a thabhairt duit féin i rith na dianghlasála.

### **Leas Foirne**

Ceann d'aidhmeanna na rannóige AD é polasaí agus nósanna imeachta leasa foirne oiriúnacha a chothabháil agus a chur chun feidhme agus oibriú le comhaltaí foirne agus le bainisteoirí líne ar bhonn an cháis chun déileáil le saincheisteanna leasa foirne a thagann chun solais. Ó thús na paidéime, mhéadaigh an t-éileamh a bhí ag bainisteoirí líne ar chúnamh, treoir agus tacaíocht. Ó mhí Mhárta 2020, bhí ról lárnach ag an Aonad Leasa Foirne i ndéileáil le ceisteanna a bhain le Covid-19 i gcomhthéacs comhairle sláinte poiblí agus treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe. Pointe teagmhála tábhachtach ba ea an tAonad Leasa Foirne i rith 2020, chun cabhrú le agus tacú leis an bhfoireann déileáil le himeachtaí gan choinne a mb'éigean don Chomhairle, don tír agus don domhan trí chéile dul i ngleic leo. Bhí rannpháirtíocht rialta riachtanach leis an bhfoireann ar fad chun eolas a roinnt maidir leis na tacaíochtaí nuashonraithe EAP a bunaíodh chun cabhrú le réimsí éagsúla cosúil le cianobair, conas stáisiún oibre a eagrú sa bhaile, déileáil le strus agus imní agus cineálacha éagsúla ranganna aclaíochta a reáchtáil gach lá tríd an soláthraí EAP, Laya Healthcare.

Lena chois sin, próiseálann an rannóg AD scéimeanna cothromaíochta oibre agus tacaíonn sí leo, cosúil le saoire thuismitheoireachta agus bliain oibre níos giorra agus aistriú córa iompair tríd an scéim um rothaíocht chun na hoibre agus ticéid chomaitéara chun cabhrú le comhaltaí foirne atá ag obair i dtimpeallacht oibre atá ag athrú de shíor.

## Oiliúint

Soláthraíonn an rannóg AD deiseanna éagsúla oiliúna agus forbartha chun cabhrú leis an bhfoireann barr a gcumais a bhaint amach mar fhostaithe luachmhara. Reáchtáladh na cúrsaí oiliúna agus forbartha seo a leanas in 2020:

- Diplóma IPA i Staidéar Rialtais Áitiúil 2019/2020
- Teastas IPA i Staidéar Rialtais Áitiúil 2019/2020
- Diplóma IPA i Staidéar Tithíochta
- Diplóma IPA i Staidéar Ríomhaireachta
- Bainistíocht Tionscadail IPA
- Oiliúint CBFF IPA
- Bunriachtanais na Nuálaíochta IPA
- Teastas CIPD i mBainistíocht Acmhainní Daonna
- Ard-Diplóma i gCuntasaíocht & Gnó
- Ard-Diplóma i bPleanáil & Dlí Comhshaoil
- Diplóma i mBainistíocht Tionscadail
- Diplóma i gCaidreamh Poiblí
- Scor agus Pleanáil Saoil

Go dtí tús na paindéime, bhí 8 sheisiún ‘*Lunch and Learn*’ reáchtáilte ag an rannóg AD ar fhreastail comhaltaí foirne orthu i rith am lóin, agus cuireadh lón agus sólaistí ar fáil. Páirteach sna seisiúin seo bhí cainteoirí éagsúla agus rinneadh gníomhaíochtaí éagsúla, agus i measc na gcainteoirí bhí Alan Cooke a thug caint dar teideal ‘*Restoring your Soul*’, ionadaí ó CROÍ a labhair faoi Fheasacht Croí agus Brendan Smyth a labhair faoi Chibearfheasacht, mar aon le gníomhaíochtaí cosúil le hióga deisce, garraíodóireacht, agus machnamh.

## Bainistíocht Feidhmíochta agus Córas Forbartha

Tá ról lárnach ag an rannóg AD sa phróiseas CBFF a chomhordú. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an rannóg AD tacaíocht, meantóireacht agus oiliúint do bhainisteoirí maidir leis an bpróiseas.

## Aoisliúntas

Soláthraíonn an rannóg Aoisliúntais i gComhairle Cathrach na Gaillimhe treoir agus tacaíocht ar bhonn leanúnach do chomhaltaí foirne reatha agus do chomhaltaí foirne atá ar scor agus oibríonn an rannóg i gcomhpháirt le MyPay i ndáil le seirbhísí aoisliúntais. Is é Aoisliúntas MyPay Soláthraí Pinsin Seirbhísí Comhroinnte Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Dáileann an rannóg Aoisliúntais faisnéis i measc na foirne ar fad i ndáil le hathruithe nó forbairtí a bhaineann le pinsin na hearnála poiblí, i ndiaidh fógra a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## **Iniúchadh Inmheánach**

Tá feidhm an Iniúchta Inmheánaigh freagrach as dearbhú a thabhairt don Choiste Iniúchta, Príomhfheidhmeannach, agus Foireann Bhainistíochta Shinsearach maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht chórais rialaithe inmheánacha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Déanann Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú criticiúil, neamhspleách agus oibiachtúil ar leordhóthanacht nósanna imeachta agus modhanna oibre taifeadta a úsáidtear i Stiúrtóireacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Fíoraíonn Iniúchadh Inmheánach comhlíontacht le rialacháin reachtúla agus deimhníonn sé sláinte na faisnéise bainistíochta a úsáidtear le haghaidh cinnteoireacht, mar aon le cosaint sócmhainní a mheas.

Feidhmíonn Iniúchadh Inmheánach de réir na Cairte Iniúchta Inmheánaigh a bhfuil glactha léi. Cinntíonn sé seo go bhfuil na Prionsabail agus Caighdeáin atá sonraithe ag Institiúid Chairte na nIniúcháirí Inmheánacha – an Ríocht Aontaithe agus Éire, á gcomhlíonadh ag na feidhmeanna. Tá acmhainní na feidhme Iniúchta Inmheánaigh á gcur ar fáil ag comhaltaí foirne inmheánacha i gcomhpháirt le comhairleoirí iniúchta seachtracha.

Oibríonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh leis an gCoiste Iniúchta i ndáil le réimsí a mbaineann imní leo agus cabhraíonn an fheidhm le hIniúcháirí Seachtracha, lena n-áirítear Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil, nó ranna Rialtais eile de réir mar is gá agus déantar obair leantach i ndáil le nithe atá fós gan réiteach.

### **An Coiste Iniúchta**

Tá an Coiste Iniúchta ar fáil chun comhairle a chur ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus d'fhéadfadh sé moltaí a chur faoi bhráid an Údaráis maidir le rialachas i ndáil leis na feidhmeanna seo a leanas:

- Tuairisciú agus cleachtais airgeadais agus bhuiséadacha laistigh den Chomhairle
- Dea-chleachtais a fhorbairt i bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh na Chomhairle
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí an Iniúchára agus gníomhartha bainistíochta mar fhreagairt dóibh sin
- Meastóireacht agus cur chun cinn feidhmíocht Comhairle i ndáil le héifeachtúlacht agus luach ar airgead
- Athbhreithniú ar Chóras Bainistíochta Riosca na Comhairle.

I rith 2020, bhreithnigh comhaltaí an Choiste roinnt ceisteanna lena n-áirítear:

- Cairt an Choiste Iniúchta agus Cairt an Iniúchta Inmheánaigh
- Ráiteas Airgeadais Bhliantúil (RAB) 2019 agus Buiséad 2021
- Tuairisc Iniúchára Rialtais Áitiúil maidir le RAB 2019
- Cód agus Tuairisc Caiteachais Phoiblí 2019
- Ráiteas Airgeadais Fáilte na Gaillimhe - Bhóthar na Trá 2019
- Tuairisc Bhliantúil Iniúchta Inmheánaigh 2019
- Clár Oibre Bliantúil Iniúchta Inmheánaigh 2020

- Rialachas Corparáideach agus Córais Bainistíochta Riosca
- Nósanna Imeachta maidir le Nochtuithe Cosanta
- Clár Leasa Maoine
- Tuairiscí an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI)
- Dul chun cinn leanúnach maidir le cur chun feidhme Mholtaí an Iniúchta Inmheánaigh

## **Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide**

*Soláthraíonn rannóg TFC Chomhairle Cathrach na Gaillimhe tacaíocht TFC d'úsáideoirí agus rochtain ar theicneolaíocht agus córais, a chuireann ar chumas comhaltaí foirne Chomhairle Cathrach na Gaillimhe seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal.*

Cuireann rannóg TFC Chomhairle Cathrach na Gaillimhe teicneolaíochtaí cumarsáide agus Córais Faisnéise ar fáil chuireann ar chumas comhaltaí foirne Chomhairle Cathrach na Gaillimhe seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal agus tacaíonn sí leis na teicneolaíochtaí agus córais sin. I rith 2020, chuir géarchéim Covid-19 dlúsfaoin ngá a bhí le húsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus bhí an leibhéal aistrithe dhigitigh a tharla laistigh den Eagraíocht dochreidte.

### **Príomhéachtaí TFC in 2020**

- Cuireadh trealamh cianoibre, uirlisí comhoibrithe agus áiseanna físchomhrá ar fáil don fhoireann d'fhonn tacú le leanúnachas oibríochtaí gnó na Comhairle Cathrach.
- Forbraíodh Aip CCG chun cumarsáid éigeandála a dhéanamh le comhaltaí foirne.
- Reáchtáladh cruinnithe Comhairle ar líne trí uirlisí físchomhdhála.
- Tacaíodh le Freagairt Pobail Chathair na Gaillimhe trí uimhir theileafóin taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre a sholáthar, agus athchumraíodh an córas teileafóin.
- Forbraíodh córas Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí chun glaonna Freagartha Pobail a rianú agus a bhainistiú mar aon le deais faisnéise le haghaidh méadrachta, bunachar sonraí agus mapáil Eagraíochtaí Deonacha chun ródú glaonna a éascú.
- Cuireadh teileafóin bogearraí ar fáil ionas go mbeidh ar chumas fhoireann na Seirbhísí do Chustaiméirí agus an Ghlaio Pobail a bheith ag obair ó chian.
- Soláthraíodh foirmeacha ar líne agus comhtháthú le Córais Bainistíochta Airgeadais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhair Deontas Atosaithe an Rialtais agus Deontas Atosaithe Plus chun tacú le gnóthaí áitiúla.
- Mhéadaigh an Rannpháirtíocht Dhigiteach Ar Líne mar go raibh sé riachtanach déileáil le custaiméirí ar líne seachas ar bhonn pearsanta.
- Digitíodh 32 próiseas custaiméara chun rannpháirtíochtaí digiteacha ar líne agus foirmeacha digiteacha a éascú, lena n-áirítear Deontais Phobail, Gradaim an Mhéara agus Comhairliúchán maidir leis an Straitéis Ealaíon.

- Fuarthas 1,200 aighneacht phoiblí maidir le ceanglais scartha shóisialta sa Chathair tríd an gcóras Comhairliúcháin Phoiblí. Cuireadh aip mhóibíleach ar fáil d'Fhoireann Soghluasteachta na Cathrach chun na haighneachtaí a fuarthas tríd an gcóras comhairliúcháin phoiblí a mheas.
- Thacaigh an roinn TFC le cur chun feidhme tairseach chomhairliúcháin chun comhairliúcháin phoiblí ar líne a éascú don Phlean Forbartha Cathrach.
- Forbraíodh réiteach le haghaidh Cigireacht Tithíochta Mhóibíleach chun éifeachtúlachtaí a sholáthar d'Fhoireann Chigireachta na nÍoschaighdeán Tithíochta.
- Forbraíodh agus cuireadh Córais Cigireachtaí Áiteanna Súgartha agus Baoithe chun feidhme freisin.
- Forbraíodh réiteach GIS chun tacú le cur chun feidhme Fodhlíthe Dramhaíola.
- Cuireadh tús leis an tionscnamh Wifí poiblí, wifí4Eu, nuair a suiteáladh Wifí poiblí saor in aisce i gceithre ionad pobail.
- Lean rannóg TFC Chomhairle Cathrach na Gaillimhe lena córais, bonneagar agus seirbhísí a uasghrádú agus a chosaint i gcoinne bagairtí cibearshlándála atá ag dul i méid i gcónaí agus a raibh go leor acu ag tarlú go hidirnáisiúnta i rith 2020.

Dréacht/Draft

## Airgeadas

*Is é an aidhm atá ag an rannóg Airgeadais an méid acmhainní agus is féidir a chur ar fáil le haghaidh bonneagair agus soláthar seirbhíse agus úsáid éifeachtach agus éifeachtúil na n-acmhainní seo a chinntiú, buiséad cothromaithe a chinntiú mar aon leis na caighdeáin is airde cuntasachta agus ionracas airgeadais.*

### Athbhreithniú Airgeadais

#### **Ráitis Airgeadais Bhliantúil don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020**

Sonraítear sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil (RAB) seo torthaí airgeadais ghníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe don bhliain 2020 (Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais)) agus léirítear ann staid airgeadais na Comhairle ag an 31 Nollaig 2020 (Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)).

Tá an Cuntas Ioncaim & Caiteachais ullmhaithe ar bhonn fabhráithe do chaiteachas agus ioncam. Déantar cuntas, áfach, ar mhíreanna ioncaim eile, bunaithe ar a gcineál, ar bhonn admhála agus ní féidir iad a fhabhrú agus d'fhéadfaí go n-áireofaí ina measc seo ioncam páirceáil íoc agus taispeáin, táillí pleanála agus ioncam ACPNP. Tá léargas tugtha ar gach féichiúnaí suntasach sa Chlár Comhardaithe agus tá foráil déanta le haghaidh fiachas amhrasach. Taifeadtar sa Chuntas Caipitil caiteachas fabhráithe agus meascán d'ioncam agus admhálacha fabhráithe.

#### **Iniúchtaí Reachtúla & Eile**

Tá RAB faoi réir iniúchadh reachtúil bliantúil a chuireann Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil i gcrích chun tuairim neamhspleách a sholáthar maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil léiriúchán cothrom á thabhairt ar an staid airgeadais amhail ag deireadh na bliana. Lena chois sin, agus de réir Alt 120 (1) (C) den Acht Rialtais Áitiúil, 2000, ullmhaíonn Iniúchóir Rialtais Áitiúil Tuarascáil Iniúchta Reachtúil. Chomh maith leis sin, tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi réir iniúchta i ndáil le Maoiniú AE, Maoiniú Rialtais, comhlíontacht cánach agus Iniúchtaí Luach ar Airgead.

#### **Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Airgeadais & Míniú ar Athraitheas Suntasach**

Ghin an cuntas ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 barrachas de €165,526 le haghaidh 2020 ainneoin tionchar Covid-19. Tharla sé seo mar gheall ar thacaíochtaí airgeadais a bheith faighte ón Rialtas maidir le tarscaoileadh rátaí agus na costais bhreise a bhain le gníomhaíocht Covid-19 i rith 2020, mar aon le freagairt thapa na Comhairle a chinn caiteachas lánroghnach áirithe a chur ar fionraí.

Tuairiscíodh ioncam iomlán de €137,095,365 agus caiteachas iomlán de (lena n-áirítear glan-aistrithe chuig cúlchistí) €136,929,840. Tá an t-iarmhéid ioncaim carnach creidmheasa ag deireadh na bliana cothrom le €2,509,228, i gcomparáid le hiarmhéid de €2,343,703 ag an 31 Nollaig 2019, rud a chabhraíonn le staid airgeadais na Comhairle Cathrach.

Leithdháileadh maoiniú ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ó admhálacha Cáin Mhaoine Áitiúil luach €6.5 milliún le haghaidh 2020, agus leithdháileadh €4.2 milliún ar chaiteachas ioncaim ghinearálta agus bhí an t-iarmhéid de €2.3 milliún imfhálaithe do sholáthar agus seirbhísí tithíochta. Tá achoimre le fáil sa tábla thíos ar ár bhfeidhmíocht bailithe ioncaim le haghaidh 2020 mar aon le figiúirí comparáideacha le haghaidh 2019 agus 2018.

Catagóir	2020	2019	2018
Rátaí	61%*	83%	81%
Cíosanna	79%	80%	79%
Iasachtaí Tithíochta	86%	86%	84%

\*D'fhonn tionchar Covid-19 ar ghnóthaí incháilithe i rith 2020 a mhaolú, d'fhógair an Rialtas scéim tarscaoilte rátaí 9 mhí. Ba í an éifeacht a bhí aige seo gur laghdaíodh an % bailithe in 2020.

### Cuntas Caipitil & Fiachas Caipitil

In 2020 bhí an caiteachas caipitil cothrom le €55.4 milliún, agus bhí an t-ioncam caipitil cothrom le €52.0 milliún. Bhí barrachas carnach de €45.0 milliún mar thoradh ar an nglanioncam agus aistrithe chuig cúlchistí. Bhí an barrachas seo méadaithe €6.1 milliún i gcomparáid le 2019 agus arís eile cuireann sé ar ár gcumas mórthionscadail chaipitiúla atá pleanáilte do Chathair na Gaillimhe a chur i gcrích, lena n-áirítear an t-iarratas rathúil ar an gCiste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach a rinneadh le déanaí. I gcuntas caipitil 2020 tabhaíodh caiteachas ar thógáil, sealbhú agus athchóiriú stoc tithíochta, maoiniú a chur ar fáil do Chomhlachtaí Tithíochta Deonacha, tionscadail Chaipitiúla Spóirt a mhaoiniú, tionscadal na Príomhchathrach Cultúir, Deontais Oiriúnaithe Tithíochta, feabhsuithe ar an ngréasán bóithre, oibreacha leanúnacha ar an Síneadh leis an Músaem, oibreacha ar shíneadh Reilig Rathúin agus reilig nua a fhorbairt.

Tá an t-iarmhéid atá dlite ag an gComhairle Cathrach ar iasachtaí fadtéarmacha ag an 31 Nollaig 2020 cothrom le €49.9 milliún, i gcomparáid le €50.3 milliún ag an 31 Nollaig 2019. I rith 2020, eisíodh €1.7 milliún in iasachtaí morgáiste faoi scéim deontais Atógáil Éireann.

### Sócmhainní Seasta

Cuimsítear Sócmhainní Seasta faoi na ceannteidil seo a leanas - Talamh, Páirceanna, Tithíocht, Foirgnimh, Gléasra & Innealra, Ríomhairí & Trealamh, Oidhreacht agus Bóithre agus Trealamh Bonneagair - agus bhí luach €1,171 milliún luaite leo. Mhéadaigh luach na sócmhainní seasta €21.6 milliún ó 2019, mar thoradh ar thógáil agus sealbhú aonad tithíochta go príomha.

### Teagmhas i nDiaidh Dheireadh na Bliana

Ar an 1 Eanáir 2021, faoin Acht Cuanta 2015, aistríodh scairshealbhú Chomhlacht Cuain na Gaillimhe go Comhairle Cathrach na Gaillimhe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Níl aon tionchar aige seo ar Ráiteas Airgeadais Bhliantúil 2020 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas an Chuntais Ioncaim & Chaiteachais) don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2020

Tugtar le chéile i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus caiteachas ar fad a bhaineann leis an gCuntas Ioncaim. Taispeántar an barrachas/ (easnamh) don bhliain. Taispeántar aistrithe chuig/ó chúlchistí ar leithligh agus níl siad á leithdháileadh de réir an rannáin seirbhíse. Leithdháileann Nóta 16 aistrithe de réir an rannáin seirbhíse san fhormaid chéanna le Tábla A de bhuiséad glactha an Údaráis Áitiúil.

<b>Caiteachas de réir an Rannáin</b>					
		<b>Ollchaiteachas</b>	<b>Ioncam</b>	<b>Glanchaiteachas</b>	<b>Glanchaiteachas</b>
		<b>2020</b>	<b>2020</b>	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	Nótaí	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Tithíocht & Foirgneamh		30,540,097	27,865,001	2,675,097	2,230,550
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre		14,551,106	9,245,298	5,305,808	3,785,304
Seirbhísí Uisce		3,420,178	3,743,653	(323,476)	(311,573)
Bainistíocht Forbartha		25,360,176	21,433,075	3,927,101	3,258,926
Seirbhísí Timpeallachta		10,894,650	1,414,120	9,480,531	9,334,866
Áineas & Conláistí		14,158,697	3,689,703	10,468,994	9,547,425
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas		232,657	57,136	175,522	162,420
Seirbhísí Ilghnéitheacha		27,797,909	27,561,048	236,861	4,100,499
<b>Caiteachas/Ioncam Iomlán</b>	15	<b>126,955,470</b>	<b>95,009,032</b>		
<b>Glanchostas Rannán le maoiniú ó</b>				<b>31,946,438</b>	32,108,416
<b>Rátaí &amp; Cáin Mhaoine Áitiúil</b>					
Rátaí				37,843,680	36,911,670
Cáin Mhaoine Áitiúil				4,242,653	4,237,980
<b>Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe</b>	16			<b>10,139,896</b>	9,041,234
<b>Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí</b>	14			(9,974,370)	(8,818,475)
<b>Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain</b>				<b>165,526</b>	222,758
<b>Cúlchiste Ginearálta @ an 1 Eanáir 2020</b>				2,343,702	2120944
<b>Cúlchiste Ginearálta @ an 31 Nollaig 2020</b>				<b>2,509,228</b>	2,343,702



<b>Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe) amhail ar an 31 Nollaig 2020</b>			
	Nótaí	2020	2019
		€	€
<b>Sócmhainní Seasta</b>	1		
Oibríochtúil		642,395,763	620,772,057
Infreastruchtúr		497,968,553	497,968,553
Pobal		606,353	599,707
Neamhoibríochtúil		29,967,257	29,967,257
		<b>1,170,937,925</b>	1,149,307,574
<b>Obair idir Lámha agus Réamhchostais</b>	2	22,472,615	10,207,935
<b>Féichiúnaithe Fadtéarmacha</b>	3	44,375,726	40,850,917
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoic	4	376,871	365,521
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	5	27,863,331	19,782,273
Infheistíochtaí Bainc		38,149,665	34,156,728
Airgead sa Bhanc		307,828	530,269
Airgead faoi Bhealach		213,230	106,264
		<b>66,910,924</b>	54,941,056
<b>Dlíteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)</b>			
Rótharraingt Bainc		-	-
Creidiúnaithe & Fabhruithe	6	18,160,746	13,197,736
Léasanna Airgeadais		-	-
		<b>18,160,746</b>	13,197,736
<b>Glansócmhainní Reatha/(Dlíteanais)</b>		<b>48,750,178</b>	41,743,319
<b>Creidiúnaithe (Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)</b>			
Iasachtaí Iníoctha	7	47,299,362	48,265,767
Léasanna Airgeadais		-	-
Taiscí in-aisíoctha	8	2,881,183	3,090,133
Eile		22,162,558	16,766,099
		<b>72,343,102</b>	68,122,000
<b>Glansócmhainní Ionadaithe ag</b>		<b>1,214,193,341</b>	1,173,987,746
Cuntas Caipitlithe	9	1,170,937,926	1,149,307,575
Ioncam Obair idir Lámha	2	20,601,237	7,487,743
Cúlchistí Ioncaim Ghinearálta		2,509,228	2,343,702
Cúlchistí Sonracha Eile		-	-
<b>Cúlchistí Iomlána</b>		<b>1,214,193,342</b>	1,173,987,746

## Tuarascáil an Aonaid Bainistithe Fiachais

### Rátaí Tráchtála Covid -19

Mar chuid de Phacáiste Spreagtha Covid-19 an Rialtais 2020, ceadaíodh tarscaoileadh 100% de rátaí tráchtála le haghaidh tréimhse 9 mhí ón 27 Márta go dtí an 27 Nollaig le haghaidh gach íocóir rátaí, seachas iad siúd a bhain le líon beag catagóirí. Bhí luach €20.7 milliún luaite leis an tarscaoileadh iomlán don 9 mhí, agus bhain 3,476 cuntas tairbhe as an tarscaoileadh, i.e. 92% dár gcuntais ar fad. Cuireadh an tarscaoileadh i bhfeidhm mar chreidmheas in ionad rátaí don tréimhse 9 mhí a bhí i gceist in 2020. I measc na gcatagóirí nár cuireadh san áireamh bhí fóntais, bainc, ollmhargaí móra agus eagraíochtaí corparáideacha den chuid is mó. Fuarthas maoiniú státhchiste luach €20.7m do tharscaoileadh na rátaí tráchtála.

### Scéimeanna Deontais Atosaithe Gnó Covid-19

Seoladh an Scéim Deontais Atosaithe Gnó ar an 22 Bealtaine 2020. Fógraíodh an Scéim go forleathan, go náisiúnta agus go háitiúil, agus ar na meáin shóisialta. Faoi lár mhí Iúil, bhí 1,269 iarratas ar Dheontais Atosaithe próiseáilte ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe a raibh luach iomlán de €5,158,065 luaite leo.

